AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2026
COM(2026) 567 final

2026/0264 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras nuálaíochta an Aontais a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 (an Gníomh Eorpach um Nuálaíocht)

{SEC(2026) 567 final} - {SWD(2026) 567 final} - {SWD(2026) 568 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Is ceannródaí domhanda é an tAontas Eorpach (AE) sa taighde eolaíoch, agus táirgeann sé sciar nach beag d'aschur eolaíoch ardcháilíochta an domhain. Is amhlaidh, áfach, nach n-aistrítear an neart sin ina leibhéal comhréireach feidhmíochta nuálaíochta agus ratha tráchtála sa Mhargadh Aonair agus ar fud an domhain. Is rómhinic a theipeann ar smaointe nuálacha a fhorbraítear san Eoraip an margadh a bhaint amach, méadú a dhéanamh thar theorainneacha, nó earnálacha nua fáis a ghiniúint. Mar thoradh air sin, ní ghabhann an tAontas ach sciar teoranta den luach eacnamaíoch agus sochaíoch a ghintear ar bhonn a láidreachtaí eolaíocha agus teicneolaíocha, rud a chuireann srian ar theacht chun cinn gnólachtaí atá iomaíoch ar an leibhéal domhanda, lena lagaítear cumas na hEorpa teicneolaíochtaí criticiúla agus slabhraí luacha a dhaingniú, agus srian ar bhorradh fadtéarmach faoin táirgiúlacht.

Tá feabhas a chur ar na dálaí chun réitigh nuálacha a fhorbairt, a thráchtálú agus a mhéadú tagtha chun bheith ina thosaíocht lárnach de chlár oibre beartais an Choimisiúin le haghaidh 2024–2029, lena gcuirtear taighde agus nuálaíocht i gcroílár iomaíochas agus rathúnas inbhuanaithe na hEorpa. Tá sé ríthábhachtach freisin chun athléimneacht, slándáil eacnamaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú i dtimpeallacht gheopholaitiúil atá ag éirí níos conspóidí. Sa chomhthéacs sin, rannchuidíonn an Rialachán atá beartaithe le cur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú[1] agus freagraíonn sé don sainordú a leagtar amach i Litir Mhisin an Choimisinéara Zaharieva i dtaobh creat a fhorbairt lena ndéantar éascaíocht do réitigh nuálacha a thástáil, a mhaoiniú agus a mhéadú san Aontas.

Le 20 bliain anuas, tá fás eacnamaíoch an Aontais tite ar gcúl i gcomparáid le mórgheilleagair eile, go háirithe na Stáit Aontaithe (SAM) agus an tSín, agus tá an difríocht idir na leibhéil OTI ag dul i méid. Príomhchúis leis an éagsúlacht sin is ea fás táirgiúlachta níos laige san Aontas. Ós rud é gurb iad taighde agus nuálaíocht is cúis le sciar substaintiúil de ghnóthachain táirgiúlachta, is cinntitheach criticiúil i dtaobh iomaíochas agus rathúnas fadtéarmach an Aontais é a chumas nuálaíochtaí indíolta a bhunú ar eolas. Tá sé chomh cinntitheach céanna maidir le cumas an Aontais spleáchais straitéiseacha iomarcacha a laghdú, a shaoirse gníomhaíochta a chaomhnú, agus rochtain shlán ar theicneolaíochtaí, táirgí agus cumais thionsclaíocha chriticiúla a áirithiú.

Is é an dúshlán bunúsach atá ann bacainní struchtúracha feadh shaolré na nuálaíochta. Cé go bhfeidhmíonn an tAontas go láidir sa taighde luathchéime, tá deacrachtaí leanúnacha roimhe maidir leis an aistriú ó thorthaí taighde go táirgí atá réidh don mhargadh agus gnólachtaí inscálaithe. Bíonn dhá scrogall chriticiúla roimh ghnólachtaí nuálacha: bearna réamhthráchtála, sin an cás ina mbíonn riosca ró-mhór fós ag baint le tionscadail nó ina mbíonn siad ró-ilroinnte chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh, agus bearna ó thaobh scálú de, an cás ina mbíonn gnólachtaí ag streachailt le leathnú mar gheall ar shrianta airgeadais, rialála agus margaidh. Fágann na scrogaill sin go laghdaítear dreasachtaí

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, Roghnaigh an Eoraip do do ghnólacht nuathionscanta agus do do ghnólacht atá ag méadú COM/2025/270final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:52025DC0270

infheistíochta agus go gcuirtear teorainn le teacht chun cinn gnólachtaí agus earnálacha nuálacha nua.

Le blianta beaga anuas, tá céimeanna móra glactha ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Le cláir chistiúcháin an Aontais, amhail Fís Eorpach, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ciste don Nuálaíocht, an Clár don Eoraip Dhigiteach, agus InvestEU, chomh maith le tionscnaimh atá dírithe ar mhargaí caipitil a dhoimhniú agus ar an Limistéar Eorpach Taighde a neartú, rannchuidíodh le feabhas a chur ar dhálaí creata le haghaidh nuálaíochta. Tacaíonn na hiarrachtaí sin freisin le cuspóir níos leithne an Aontais athléimneacht, ullmhacht agus acmhainneacht theicneolaíoch a threisiú in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.

D'ainneoin an dul chun cinn sin, áfach, **tá bacainní tábhachtacha fós ann agus tá éagsúlachtaí tábhachtacha fós ann** idir na Ballstáit, go háirithe san aistriú ó thaighde go himlonnú margaidh. Ní hamháin go mbaineann na bacainní sin an bonn d'fheidhmíocht nuálaíochta ach cuireann siad moill freisin ar chur chun úsáide teicneolaíochtaí ar scála atá fíor-riachtanach do shlándáil, athléimneacht agus do cheannasacht eacnamaíoch na hEorpa.

Ar an gcéad dul síos, tá margaí le haghaidh soláthar T&F, lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála, fós tearcfhorbartha mar gheall ar easpa creat dlíthiúil soiléir. Ní chumhdaítear seirbhísí T&F le Treoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

- fabhraíonn na tairbhí go heisiach don cheannaitheoir poiblí lena n-úsáid ina ghnóthaí féin; agus
- íocann an ceannaitheoir poiblí as an tseirbhís go hiomlán.

Mar thoradh air sin, ní thagann sciar substaintiúil den soláthar T&F, lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála, faoina raon feidhme. Ó shoiléirigh an Coimisiún coincheap an tsoláthair réamhthráchtála in 2007 ina Theachtaireacht[2], tá méadú tagtha ar na cineálacha soláthair T&F sin agus léiríonn cásanna ratha go gcuireann úsáid straitéiseach na hionstraime sin ar a chumas don Aontas ceannaireacht agus uathriail straitéiseach a fháil ar ais i margaí ardteicneolaíochta. Ar an iomlán, áfach, ar fud an Aontais, tá an dul chun cinn maidir le leibhéil infheistíochta a ardú fós rómhall agus ró-ilroinnte. Is iad na príomhchúiseanna atá leis sin ná in éagmais rialacha comhchuibhithe, cuireadh leis an éagsúlacht cleachtas ó Bhallstát go chéile, le héiginnteacht dhlíthiúil, agus le húsáid theoranta soláthair T&F trasteorann, rud ar minic a bhíonn gá leis chun an tairseach chriticiúil airgeadais a bhaint amach is gá chun teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt. Tá fadhbanna ar leith ag baint leis sin in earnálacha straitéiseacha ina bhféadfadh éileamh ilroinnte, cuir chuige náisiúnta dhúblacha, agus spleáchas ar sholáthróirí nach de chuid an Aontais iad a nochtadh do leochaileachtaí agus do rioscaí soláthair. Thairis sin, moltar san athbhreithniú atá beartaithe ar chreat soláthair phoiblí an Aontais, an Gníomh um Sholáthar Poiblí, gach cineál soláthair T&F a eisiamh.

Tá soláthairtí poiblí T&F den sórt sin ríthábhachtach chun réitigh nuálacha a chruthú lenar féidir cáilíocht agus éifeachtúlacht seirbhísí poiblí a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus acmhainneacht thionsclaíoch leordhóthanach a fhorbairt le haghaidh réitigh agus teicneolaíochtaí nuálacha san Aontas chun slándáil eacnamaíoch agus

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Pre-commercial Procurement: Diving innovation to ensure sustainable high quality public services in Europe* [Soláthar Réamhthráchtála: nuálaíocht a spreagadh chun seirbhísí poiblí inbhuanaithe, ar ardchaighdeán a áirithiú san Eoraip] 14.12.2007, COM(2007) 799 final

uathriail straitéiseach an Aontais a choimirciú. Is príomhionstraim iad freisin chun dlús a chur le forbairt an mhargaidh i dteicneolaíochtaí criticiúla, chun bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa a neartú, chun slándáil an tsoláthair a fheabhsú, agus chun a áirithiú go ndéanfar cumais atá ábhartha go straitéiseach a fhorbairt agus a chur chun úsáide laistigh den Aontas. Tá príomhgheilleagair eile ar domhan ag infheistiú idir 5 agus 8 n-uaire níos mó i soláthar poiblí T&F ná mar atá an tAontas[3]. Dá n-ardófaí infheistíochtaí poiblí i soláthar T&F san Aontas ó 0,6 % go 3 % den soláthar poiblí iomlán nó ó EUR 17,28 billiún go EUR 86,4 billiún, chuideofaí leis an Aontas infheistíochtaí poiblí T&F a ardú le tuairim is 0,5 % de OTI. Ós rud é go bhféadfaí méid breise comhionann d'infheistíochtaí príobháideacha sa T&F a thiomsú ar a bhonn sin, d'fhéadfaí infheistíochtaí iomlána i T&F san Aontas a ardú dá bhrí sin ó 2,2 % go 3 % de OTI[4].

Ar an dara dul síos, fágann easpa soiléireachta agus inchomparáideachta maidir le maoin intleachtúil a luacháil agus airgead a shaothrú ar a bonn go bhfuil bac fós ar thorthaí taighde agus nuálaíochta a thráchtálú. Sócmhainní doláimhsithe is mó a spreagann an nuálaíocht anois, agus is ó mhaoin intleachtúil a thagann os cionn 90 % den luach corparáideach i bpríomhghnólachtaí áirithe. Dá ainneoin sin, is annamh fós san Aontas a úsáidtear maoin intleachtúil mar chomhthaobhacht sa mhaoiniú. Toisc go bhfuil institiúidí airgeadais san Aontas fós ag díriú ar shócmhainní inláimhsithe agus ar chuntasaíocht sheanbhunaithe den chuid is mó, bíonn cuideachtaí atá saibhir ó thaobh maoin intleachtúil de ag streachailt le maoiniú a fháil. Mar thoradh air sin, tiomsaíonn gnólachtaí nuathionscanta san Aontas thart ar 50 % níos lú caipitil ná piaraí sna Stáit Aontaithe faoina 10ú bliain ar an bhfód. Mar gheall ar an neamhréir sin, tá bearna mhór maoinithe fáis ann do ghnólachtaí nuálacha nach bhfuil mórán sócmhainní acu, bearna a mheastar atá cothrom le suas le EUR 18 mbilliún in aghaidh na bliana[5]. Ceann de na príomhchúiseanna a thugann míniú ar an easpa maoinithe bunaithe ar mhaoin intleachtúil san Aontas is ea nach bhfuil modheolaíocht chomhchuibhithe ann chun sócmhainní maoine intleachtúla a luacháil. Chruthaigh sé sin coinníollacha éagsúla ar fud na mBallstát maidir le sócmhainní den sórt sin a úsáid i maoiniú cuideachtaí, lena n-áirítear mar chomhthaobhacht le haghaidh maoiniú fiachais agus chun iad a bhreithniú in infheistíocht chothromais agus i gcinntí maoiniúcháin eile. Príomhchúiseanna eile is ea nach bhfuil margadh tánaisteach aibí ann ar fud an Aontais le haghaidh sócmhainní doláimhsithe agus an easpa scileanna maidir le maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil i measc institiúidí airgeadais agus gnólachtaí nuathionscanta nuálacha. Baineann sin an bonn den rochtain atá ag cuideachtaí ar chaipiteal sa Mhargadh Aonair, rud a chuireann bac ar a bhfás agus ar a n-infheistíocht trasteorann. Fágann sé sin nach bhfuil cuideachtaí an Aontais chomh rathúil céanna maidir leis an nuálaíocht a scálú agus a thráchtálú, go háirithe in earnálacha na teicneolaíochta doimhne agus na nuálaíochtaí ceannródaíochta ná iad siúd ó dhlínsí eile amhail na Stáit Aontaithe, an tSín agus an Chóiré Theas.

Dá bhrí sin, dá dtabharfaí aghaidh ar an dá bhacainn sin tríd an togra seo, d'fhéadfadh tionchar mór a bheith aige sin ar fheabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair le haghaidh infheistíochtaí T&F agus ar shócmhainní maoine intleachtúla a thráchtálú, rud a

---

3 Caitheann an tAontas 0,6 % den soláthar poiblí ar T&F, caitheann na Stáit Aontaithe 3,5 % agus caitheann an Chóiré Theas 5 %. Dá n-ardófaí infheistíochtaí san Aontas go 3 % den soláthar poiblí iomlán maidir le T&F, ghinfí infheistíochtaí poiblí breise T&F arb ionann iad agus 0,5 % de OTI - tagarmharcáil uile-Aontais ar chreataí beartais agus infheistíochtaí soláthair nuálaíochta

4 In 2023, infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha in T&F a bhí i gceist le 2,2 % de OTI san Aontas, i gcomparáid le 3,3 % sa tSeapáin, 3,46 % sna Stáit Aontaithe, 4,93 % sa Chóiré Theas - Tuarascáil maidir le Feidhmíocht Eolaíochta, Taighde agus Nuálaíochta, eagrán 2024, an Coimisiún Eorpach

5 an Banc Eorpach Infheistíochta. (2025). Tuarascáil Infheistíochta 2024/2025:Nuálaíocht, lánpháirtiú agus simpliú san Eoraip

thacódh le neamhspleáchas agus iomaíochas na hEorpa. Chuideodh sé freisin lena áirithiú go gcoinneoidh an Eoraip airgeadas agus scála na dteicneolaíochtaí criticiúla agus na sócmhainní maoine intleachtúla gaolmhara i gcomhréir lena cuspóirí slándála, athléimneachta agus neamhspleáchais straitéisigh. I bhfianaise an mhéid sin, comhlíonann an togra seo Treoirlínte Polaitiúla 2024-2027 an Choimisiúin ón Uachtarán von der Leyen lena leagtar síos tosaíochtaí chun taighde agus nuálaíocht a chur i gcroílár ár ngeilleagair. Fógraíodh an **Gníomh Eorpach um Nuálaíocht** i Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú agus sa Chompás Iomaíochais don Aontas mar cheann de na príomhthionscnaimh chun éiceachóras nuálaíochta an Aontais a neartú agus chun feabhas a chur ar a chumas dul san iomaíocht ar fud an domhain.

Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh seo feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair don nuálaíocht trí bhacainní struchtúracha a laghdú i ndáil le réitigh nuálacha a thabhairt chuig an margadh, agus ar an gcaoi sin dlús a chur lena dtráchtálú san Aontas. Rannchuidíonn an cuspóir sin go díreach le tosaíochtaí níos leithne an Aontais maidir le hiomaíochas a neartú, fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chothú, agus ceannasacht theicneolaíoch a fheabhsú, agus an tráth céanna an tslándáil eacnamaíoch, an athléimneacht agus acmhainneacht an Aontais gníomhú go neamhspleách i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a threisiú.

Chun an méid sin a bhaint amach, saothraítear sraith cuspóirí sonracha faoin togra. Áirítear orthu sin ról an tsoláthair phoiblí mar spreagadh don nuálaíocht a neartú agus luacháil, tráchtálú agus úsáid maoine intleachtúla a fheabhsú.

Is é is aidhm don Ghníomh Eorpach um Nuálaíocht na cuspóirí sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- creat comhchuibhithe a chruthú ar leibhéal an Aontais le haghaidh soláthar T&F, lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála; agus
- sainordú a thabhairt lárionad inniúlachta maidir le maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil ar leibhéal an Aontais a chruthú mar chuid d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), creat uile-Aontais le haghaidh luacháil maoine intleachtúla agus margadh maoine intleachtúla uile-Aontais chun maoin intleachtúil a thráchtálú.

Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ar bhealach comhleanúnach, spriocdhírithe, féachtar leis an Rialachán atá beartaithe lena áirithiú gur féidir le smaointe nuálacha a fhorbraítear san Eoraip dul chun cinn níos éifeachtaí a dhéanamh ó thaighde go dtí an margadh, méadú a dhéanamh thar theorainneacha, agus cur le hiomaíochas agus rathúnas fadtéarmach an Aontais, chomh maith lena athléimneacht, a shlándáil eacnamaíoch agus a uathriail straitéiseach.

1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Níl aon chreat reachtach cuimsitheach de chuid an Aontais ann faoi láthair lena dtugtar aghaidh go sonrach ar na bacainní trasearnálacha a dhéanann difear d'fhorbairt, do thástáil agus do mhéadú réiteach nuálach ar fud an Mhargaidh Aonair. Le beartais an Aontais atá ann cheana i réimse an taighde agus na nuálaíochta, dírítear go príomha ar thacú le cruthú eolais, ar chomhar a chothú agus ar chistiú a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, agus ní ach go páirteach a thugtar aghaidh ar na dálaí creata lena rialaítear an t-aistriú ó thaighde go dtí an margadh.

Comhlánaíonn an Rialachán atá beartaithe na tionscnaimh sin atá ann cheana trí dhíriú ar na scrogaill atá fós ann feadh shaolré na nuálaíochta, go háirithe iad siúd a bhaineann le soláthar

T&F a úsáid, agus le tráchtálú agus úsáid maoine intleachtúla chun cuideachtaí nuálacha a mhaoiniú.

Sa chomhthéacs sin, áirítear ar na forálacha beartais is ábhartha de chuid an Aontais i réimse an taighde agus na nuálaíochta:

Dreasaíonn an Limistéar Eorpach Taighde comhar agus soghluaisteacht taighdeoirí trasteorann sa taighde agus san fhorbairt (T&F) agus tugann sé tacaíocht struchtúrach dóibh, agus é ag díriú go príomha ar na luathchéimeanna sa tsaolré thaighde agus nuálaíochta. Cuirtear chun feidhme go páirteach é trí chláir de chuid an Aontais amhail Fís Eorpach, lena soláthraítear cistiú do thaighde comhoibríoch, do scéimeanna soghluaisteachta agus do bhonneagair thaighde. An tráth céanna, feidhmíonn Fóram an Limistéir Eorpaigh Taighde mar uirlis bhog chomhordúcháin trína ndéanann na Ballstáit beartais, tosaíochtaí agus athchóirithe náisiúnta taighde a ailíniú.

Faoi chláir chistiúcháin an Aontais, soláthraítear tacaíocht nach beag airgeadais do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ar fud na gcéimeanna éagsúla sa tsaolré nuálaíochta. Go háirithe, le cláir amhail Fís Eorpach, lena n-áirítear an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, chomh maith le InvestEU, an Clár don Eoraip Dhigiteach, an Ciste Eorpach Cosanta, Cistí an Bheartais Chomhtháthaithe agus an Ciste don Nuálaíocht, tacaítear le réitigh nuálacha a fhorbairt, a thaispeáint agus, go pointe áirithe, a mhéadú trí dheontais, trí mhaoiniú cumaiscthe, trí shásraí comhroinnte riosca agus trí thacaíocht do sholáthairtí T&F. Gan réamhbhreith a thabhairt ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile ná ar chur chun feidhme chláir chistiúcháin an Aontais a bheidh ann amach anseo, d'fhéadfadh an chéad CAI eile an tacaíocht airgeadais sin a neartú trí fheabhas a chur ar a chumas don Aontas slógadh a dhéanamh ar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach sa nuálaíocht agus i dteicneolaíochtaí straitéiseacha. An Rialachán atá beartaithe, tá sé comhsheasmhach le cláir sin an Aontais toisc nach moltar aon bheart cistiúcháin ann ach go dtreiseofar leis na dálaí creata dlíthiúla le haghaidh nuálaíocht ó Bhallstát go chéile, rud ar féidir leis tionchar chláir chistiúcháin sin an Aontais a chomhlánú agus rannchuidiú le feabhas a chur air ar roinnt bealaí:

- Faoi roinnt de chláir chistiúcháin sin an Aontais, soláthraítear tacaíocht do cheannaitheoirí poiblí chun soláthar T&F a reáchtáil. Leis an taithí sin, tá curtha i dtábhacht freisin an easpa muiníne atá fós ag ceannaitheoirí poiblí maidir le tús a chur le soláthairtí réamhthráchtála mar gheall ar easpa creat dlíthiúil soiléir uile-Aontais le haghaidh soláthairtí réamhthráchtála, agus cuireadh i dtábhacht léi freisin an iarracht bhreise agus an t-am breise a thógann sé ar cheannaitheoirí poiblí soláthairtí réamhthráchtála comhpháirteacha trasteorann a chur ar bun mar gheall ar ilroinnt na rialacha soláthair náisiúnta ó Bhallstát go chéile. Leis an Rialachán atá beartaithe, cuidítear le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin trí rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh soláthar T&F lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála agus trí chreat comhchuibhithe a bhunú le haghaidh soláthar T&F comhpháirteach trasteorann réamhthráchtála, lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála.
- Tacaíonn cuid de chláir chistiúcháin sin an Aontais le nuálaithe agus iad ag iarraidh a maoin intleachtúil a thráchtálú nó a gcearta maoine intleachtúla a úsáid mar chomhthaobhacht chun infheistíochtaí airgeadais a fháil. Cuirtear i dtábhacht leis an taithí sin go bhfuil deacrachtaí ag nuálaithe maidir leis na páirtithe cearta a aimsiú ar spéis leo a maoin intleachtúil a cheannach nó a cheadúnú agus luach maith a fháil as a maoin intleachtúil chun infheistíochtaí airgeadais a fháil mar gheall ar bhearna eolais agus easpa creat luachála a nglactar leis ar fud an Aontais agus easpa margadh uile-Aontais le haghaidh cearta maoine intleachtúla. Leis an Rialachán atá beartaithe,

cuidítear le haghaidh a thabhairt ar an deacracht sin trí leathnú a dhéanamh ar shainordú Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh chun lárionad inniúlachta a bhunú le haghaidh maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil, mar aon le creat coiteann chun maoin intleachtúil a luacháil agus margadh uile-Aontais chun cearta maoine intleachtúla a thráchtálú.

Dá bhrí sin, tá an Rialachán atá beartaithe comhsheasmhach le forálacha beartais an Aontais atá ann cheana i réimse an taighde agus na nuálaíochta trí na cláir chistiúcháin atá ann cheana a chomhlánú le creat comhleanúnach le haghaidh soláthar T&F agus le cúraimí nua le haghaidh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a chuideoidh le nuálaithe maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil a fháil.

1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Is tionscnamh trasearnála é an Rialachán atá beartaithe arb é is aidhm dó cothrom iomaíochta uile-Aontais a chur ar fáil do nuálaithe ar fud na n-earnálacha uile, seachas díriú ar earnálacha sonracha cur i bhfeidhm, ar réimsí sonracha teicneolaíochta nó ar thionscail shonracha. Tá a bhearta deartha ionas gur cinn chothrománacha iad agus tugtar aghaidh leo ar bhacainní struchtúracha ó Bhallstát go chéile a dhéanann difear do ghníomhaíochtaí dian-nuálaíochta.

Comhlánaíonn an Rialachán atá beartaithe creat dlíthiúil corparáideach an 28ú Córas – EU Inc., atá ar na bacáin, lena soláthraítear creat corparáideach comhchuibhithe roghnach do chuideachtaí atá ag feidhmiú ar fud an Aontais. Comhlánaítear leis an togra freisin na hathchóirithe faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, arb é is aidhm dóibh margaí caipitil an Aontais a dhoimhniú agus níos mó coigilteas príobháideach a dhíriú ar chothromas, ar chaipiteal fiontair agus ar an maoiniú don mhéadú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí nuálacha. D'ainneoin an dul chun cinn a bhfuiltear ag súil leis maidir le comhchuibhiú rialála faoin togra EU Inc. ón gCoimisiún Eorpach, meastar go leanfaidh ilroinnt nach beag ar aghaidh maidir leis an gcaoi ar féidir le cuideachtaí dul i ngleic leis an saolré nuálaíochta. Tá an baol ann go gcuirfidh an ilroinnt sin bac ar chuideachtaí réitigh nuálacha a thabhairt chuig an margadh, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur le hacmhainneacht fáis cuideachtaí nuálacha, lena n-áirítear na cinn sin a bhunaítear faoi chreat comhchuibhithe EU Inc. Is é sin le rá, cé go bhfuil sé d'aidhm ag an togra EU Inc bunú agus feidhmiú gnólachta ar fud an Aontais a éascú agus cuidiú le cuideachtaí infheistíochta a mhealladh, tá an Rialachán atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill bhreise sa tsaolré nuálaíochta, lena n-áirithítear gur fusa ag cuideachtaí a gcuid nuálaíochtaí a fhorbairt agus a mhargú ar fud an Mhargaidh Aonair.

Ar an gcaoi chéanna, d'ainneoin an dul chun cinn a bhfuil coinne leis faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta maidir le margaí caipitil an Aontais a dhoimhniú agus infheistíocht phríobháideach a shlógadh, tá srianta móra fós ann i gcodanna eile den tsaolré nuálaíochta. Go háirithe, tá bacainní a bhaineann le réitigh nuálacha a fhorbairt, a thástáil, a luacháil agus a luathghlacadh fós ag cur teorainn le píblíne na dtionscadal atá réidh don infheistíocht. Mar thoradh air sin, cé go bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú agus tacú le méadú cuideachtaí nuálacha, leis an Rialachán atá beartaithe cuirtear deireadh le scrogaill a chuireann bac ar smaointe nuálacha, chun maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil a mhealladh, agus cuidítear le nuálaithe tairbhiú go hiomlán de chomhtháthú feabhsaithe an mhargaidh caipitil.

Cuireann an Rialachán atá beartaithe freisin leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa atá ar na bacáin, lena gcuíchóirítear nósanna imeachta soláthair trasteorann agus idirghníomhaíochtaí digiteacha idir oibreoirí eacnamaíocha agus comhlachtaí earnála poiblí.

Leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, bunófar céannacht dhigiteach d'oibreoirí eacnamaíocha agus beifear in ann sonraí a mhalartú ar bhealach slán i bhfoirm ríomhdhearbhuithe tréithe agus trí bhíthin cainéal cumarsáide slán. Simpleoidh sé sin ceadúnú, clárúcháin, comhduithe cánach agus údaruithe soláthair, agus ní bheidh ar oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a dhúbailt a thuilleadh ar fud na dtairseach, rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin agus na costais chomhlíontachta. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an Rialachán atá beartaithe go ndéanfar na nósanna imeachta soláthair T&F i bhfoirm dhigiteach amháin, agus i gcás inar féidir, trí Thiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa nó trí mhodhanna leictreonacha malartacha a bheidh idir-inoibritheach leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa.

Comhlánaíonn an Rialachán atá beartaithe tionscnaimh earnála freisin, amhail an Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla atá ann cheana, an Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, an Gníomh um an mBith-theicneolaíocht I agus an Gníomh um Ardábhair agus an Gníomh um an mBith-theicneolaíocht II agus an Gníomh um an Aigéan atá ar na bacáin, agus lena ndírítear ar earnálacha nó ar theicneolaíochtaí straitéiseacha agus arb é is aidhm dóibh seasamh an Aontais mar lárionad cumhachta ardteicneolaíochta a neartú. Cé go soláthraítear leis na tionscnaimh sin cuir chuige shaincheaptha earnáilsonracha i gcás inar gá, tugtar aghaidh leis an nGníomh Eorpach um Nuálaíocht ar na bearnaí trasearnálacha a dhéanann difear don nuálaíocht ar fud earnálacha agus ar fud réimsí teicneolaíochta éagsúla. Déantar amhlaidh léi gan réamhbhreith a thabhairt ar chreataí earnáilsonracha ná gan cur isteach orthu, agus ar an gcaoi sin áirithítear comhleanúnachas ar fud thírdhreach foriomlán bheartas nuálaíochta an Aontais.

Comhlánaíonn an Rialachán atá beartaithe Treoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí agus an t-athbhreithniú atá beartaithe orthu tríd an nGníomh um Sholáthar Poiblí (GSP). Deántar soláthar réamhthráchtála a eisiamh i dTreoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí, cé go dtagann soláthairtí seirbhíse áirithe T&F fós faoina raon feidhme agus gur gné éigeantach den nós imeachta comhpháirtíochta nuálaíochta é soláthar T&F. Os a choinne sin, eisiatar leis an togra maidir le GSP gach cineál soláthair seirbhísí T&F agus baintear soláthar T&F mar chomhpháirt éigeantach den nós imeachta comhpháirtíochta nuálaíochta atá ann faoi láthair trí nós imeachta nua um dhúshlán nuálaíochta a chur ina ionad sin a mbeidh céim thástála agus céim chun cur chun úsáide tráchtála a sholáthar mar ghnéithe éigeantacha aige, ar féidir méideanna réiteach nuálach a áireamh ann.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

2.1. Bunús dlí

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an Rialacháin atá beartaithe, lena gceadaítear don Aontas bearta comhchuibhithe a ghlacadh chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Tá gá leis sin chun deireadh a chur le bacainní rialála agus struchtúracha trasteorann a chuireann bac ar fheidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair. Is bacainní iad rialacha náisiúnta éagsúla maidir le soláthar T&F, lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála a chuireann cosc ar chuideachtaí a bheith rannpháirteach le ceannaitheoirí poiblí i mBallstáit éagsúla agus a gcuid seirbhísí a thairiscint dóibh. Ar an gcaoi chéanna, is bacainní iad cineálacha éagsúla cur chuige maidir le luacháil agus tráchtálú maoine intleachtúla ar nuálaithe i dtaobh maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil a mhealladh agus a ngnólachtaí a mhéadú ar fud an Aontais. Na cuir chuige ilroinnte sin maidir le soláthar T&F agus maidir le luacháil agus tráchtálú maoine intleachtúla, cuireann siad bac ar ghluaiseacht trasteorann earraí, seirbhísí agus caipitil laistigh den Mhargadh Aonair.

2.2. Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá an Rialachán atá beartaithe i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Tá sé an-ábhartha, i dtaobh iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a threisiú, neartú a dhéanamh ar acmhainneacht an Aontais i ndáil le réitigh nuálacha a fhorbairt, a thráchtálú agus a mhéadú. Tá méadú ag teacht ar ghné thrasteorann na n-éiceachóras nuálaíochta agus na margaí do chuideachtaí nuálacha, agus tá na dálaí rialála agus creata san Aontas ilroinnte ó Bhallstát go chéile. In éagmais bearta ar leibhéal an Aontais, is dócha go bhfágfaidh na dúshláin iomaíochais atá roimh an earnáil thionsclaíoch faoi láthair go spreagfar na Ballstáit chun bearta níos aontaobhaí fós a chur chun feidhme. Cé go bhféadfadh údar cuí a bheith le hiarrachtaí den sórt sin, mura ndéanfar bearta náisiúnta a chomhordú agus mura dtabharfar aghaidh ar na dúshláin trasteorann nach dtéitear i ngleic leo i mbearta náisiúnta, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair agus d'fhéadfaí cur lena ilroinnte atá sé, rud a d'fhágfadh go mbeadh an tAontas ní ba leochailí agus go mbeadh sé róspleách ar réitigh agus teicneolaíochtaí nuálacha ó thríú tíortha, agus nach mbeadh sé in ann sócmhainní an Mhargaidh Aonair a ghiaráil chun tairbhí a chur ar fáil d'éiceachórais náisiúnta agus Eorpacha.

Go háirithe, is mó an scála is gá chun tacú leis an aistriú ó thaighde go dtí an margadh agus chun scaipeadh éifeachtach na nuálaíochta a áirithiú ná an méid is féidir le Ballstáit aonair a bhaint amach astu féin. Fágann éagsúlacht na gcur chuige ó Bhallstát go chéile maidir le luacháil agus tráchtálú maoine intleachtúla chun maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil a mhealladh, agus maidir le soláthar T&F, go gcruthaítear éiginnteacht dhlíthiúil, go méadaítear costais agus go gcuirtear teorainn le gníomhaíochtaí trasteorann do ghnólachtaí nuálacha. Bíonn tionchar díreach, inléirithe ag an éagsúlacht sin ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair, agus fágann sí go mbíonn bac ar ghluaiseacht trasteorann earraí, seirbhísí agus caipitil laistigh den Aontas.

Os a choinne sin, is féidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais dálaí creata coiteanna a bhunú agus comhordú idir Ballstáit a áirithiú, rud a chuirfidh ar a gcumas do nuálaithe nuálaíocht a fhorbairt agus maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil a mhealladh agus méadú a dhéanamh ar fud an Mhargaidh Aonair. Le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, is féidir cothrom iomaíochta a chruthú, ilroinnt agus dúbailt a laghdú, agus leithdháileadh éifeachtúil acmhainní ar fud an Aontais a éascú.

Ní féidir le haon Bhallstát amháin aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na saincheisteanna sin i ngeall ar chineál comhtháite an dúshláin agus ar an ngá atá le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh chun réitigh nuálacha a fhorbairt, a thástáil, a thráchtálú agus a mhéadú ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais chun dea-fheidhmiú an Mhargaidh Aonair a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a threisiú. Ba lú an éifeacht a bheadh ag na bearta a airítear sa tionscnamh seo dá gcuirfeadh na Ballstáit chun feidhme iad agus iad ag gníomhú astu féin, mar is leis an Margadh Aonair a baineann na dúshláin a dtugtar aghaidh orthu leo. Níl siad teoranta do Bhallstáit aonair ná d'fhothacar Ballstát, ach baineann siad le bonn tionsclaíoch an Aontais agus le slabhraí luacha uile-Aontais. Ina theannta sin, ní dócha go bhfreastalóidh bearta a chuirtear chun feidhme ar leibhéal na mBallstát go leordhóthanach ar riachtanais na slabhraí soláthair atá idirnasctha go dlúth laistigh den Mhargadh Aonair agus d'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh orthu go dtarlódh ilroinnt bhreise sa mhargadh, sceitheadh nuálaíochta agus athlonnú tionsclaíoch chuig

áiteanna eile ar domhan, agus lagú foriomlán ar iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais.

Is dúshlán trasteorann í an nuálaíocht lena n-éilítear gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun bearta a dhéantar ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil a chomhlánú agus a threisiú go héifeachtach. Costas uile-Eorpach is ea costas na neamhghníomhaíochta. Gan tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas is dócha go leanfar den *status quo*, rud a mhéadóidh an baol go gcaillfidh an tAontas acmhainneachtaí agus cumais thionsclaíocha straitéiseacha, go mbeidh an Margadh Aonair níos ilroinnte, agus go mbeidh an tAontas ag brath, ar leibhéal criticiúil, ar thríú tíortha le haghaidh cuspóirí glasa, digiteacha, cosanta agus slándála eacnamaíche. Ina sheal féin, d'fhéadfadh impleachtaí diúltacha a bheith aige sin ar shlándáil eacnamaíoch, ar chosaint, agus ar chomhtháthú sóisialta agus críochach an Aontais, go príomha trí thionchair ar fhostaíocht, ar fhorbairt réigiúnach agus ar rochtain chothrom ar dheiseanna tionsclaíocha.

Dírítear sna bearta atá beartaithe, dá bhrí sin, ar réimsí ina bhfuil breisluach soiléir le baint as gníomhú ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí is gá. Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí feabhas a chur ar an gcás gnó do nuálaithe chun nuálaíochtaí a thabhairt chuig an margadh trí éascaíocht a dhéanamh do luacháil, tráchtálú agus úsáid maoine intleachtúla chun maoiniú a fháil, agus trína dhéanamh níos éasca teacht ar chéad chustaiméirí trí sholáthar T&F, lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála. Fágann siad go bhfeabhsaítear éifeachtúlacht trí chomhar trasteorann níos fearr a chumasú, go n-áirithítear rochtain níos cothroime ar dheiseanna do chuideachtaí nuálacha gan beann ar a suíomh, agus go neartaítear cumas an Aontais dul san iomaíocht ar fud an domhain. Leis na bearta atá beartaithe, is féidir iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú freisin, agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais i leith a chomhpháirtithe trádála á n-urramú an tráth céanna.

2.3. Comhréireacht

Tá an Rialachán atá beartaithe comhréireach leis an gcuspóir atá aige feidhmiú an Mhargaidh Aonair don nuálaíocht a fheabhsú. Tá gach ceann dá chomhpháirteanna dírithe ar chuspóir sonrach agus tá siad teoranta don mhéid is iomchuí agus is gá chun an cuspóir sin a bhaint amach, gan dul thar a bhfuil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní a sainaithníodh agus gan ualaí díréireacha a fhorchur ar na Ballstáit agus ar eintitis dá ndéantar difear sna Ballstáit, ar ualaí iad atá iomarcach i gcomparáid leis na tairbhí a bhfuil coinne leo.

Ar an gcéad dul síos, fágfaidh rialacha comhchoiteanna maidir le soláthar T&F, ;lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála go mbeidh spáráil ama agus coigilteas costais nach beag i gceist do cheannaitheoirí poiblí i dtaobh nósanna imeachta den sórt sin a reáchtáil, rud a chuirfidh ar a gcumas do cheannaitheoirí poiblí dlús a chur le nuachóiriú seirbhísí poiblí agus a chuirfidh ar a gcumas do chuideachtaí dlús a chur le fás gnó ar fud an Mhargaidh Aonair. Le creat comhchuibhithe le haghaidh soláthar comhpháirteach trasteorann T&F, cuirtear ar a gcumas do cheannaitheoirí poiblí an mhais chriticiúil is gá a bhaint amach chun an earnáil thionsclaíoch a spreagadh chun réitigh a fhorbairt lena dtugtar luach níos fearr ar airgead agus chun é a chur ar a gcumas do chuideachtaí dlús a chur le fás a ngnó ar fud an Mhargaidh Aonair. Tá na ceanglais maidir le 'Déanta san Aontas Eorpach' i leith soláthar T&F comhréireach leis na hacmhainneachtaí T&F Eorpacha agus ceapadh iad sa chaoi nach gcuirfí ualaí móra airgeadais ar bhuiséid riaracháin na mBallstát dá ndeasca. Tá sé ríthábhachtach príomh-mhargaí a bhunú chun cur le hiomaíochas an Aontais ar fud earnálacha agus teicneolaíochtaí, agus ar an gcaoi sin bonn tionsclaíoch an Aontais a neartú agus uathriail straitéiseach an Aontais a áirithiú. Tá gá leis an meascán beart sin maidir le soláthar T&F chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, chun iomaíochas an Aontais a threisiú agus chun cur

chun feidhme éifeachtach phrionsabail an Chonartha agus ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais maidir le soláthar poiblí a áirithiú. Tá siad comhréireach toisc go bhfuil siad teoranta don mhéid is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach, toisc go bhfuil siad ceaptha sa chaoi nach gcuirfear ualach breise ar na Ballstáit ná ar cheannaitheoirí poiblí, toisc go gcuireann siad cur leis na cleachtais atá ann cheana ar cinn iad a mbaintear úsáid fhorleathan astu, agus toisc go bhfuil solúbthacht ann maidir lena gcur chun feidhme praiticiúil.

Ar an dara dul síos, trína chur de chúram ar Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh lárionad inniúlachta a bhunú le haghaidh maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil, chomh maith le creat luachála maoine intleachtúla uile-Aontais agus margadh digiteach maoine intleachtúla a fhorbairt, cuirtear ar a gcumas do nuálaithe, cuideachtaí, ollscoileanna agus infheisteoirí airgeadais costais luachála a laghdú agus cur le ceadúnú agus aistriú ceart maoine intleachtúla san Aontas. Tá sé sin ríthábhachtach chun cur leis an tráchtálú a dhéantar ar thorthaí taighde agus nuálaíochta ar fud an Aontais. Trí thógáil ar shainordú, saineolas agus acmhainní Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh atá ann cheana, áirithítear cur chun feidhme éifeachtúil na mbeart sin. Trína áirithiú go bhfuil an creat luachála bunaithe ar dhea-chleachtais maidir le cineálacha éagsúla ceart maoine intleachtúla agus go bhfuil an margadh digiteach maoine intleachtúla ceaptha chun na cinn atá ann cheana a chomhlánú agus breisluach breise AE á chur ar fáil an tráth céanna, áirithítear go bhfuil na bearta sin comhréireach, toisc go ndéantar struchtúir atá ann cheana a ghiaráil leo, rud a laghdaíonn an t-ualach breise ar na Ballstáit, agus a theorannaíonn idirghabháil an Aontais don mhéid is gá chun feabhas a chur ar thrédhearcacht, inchomparáideacht agus rochtain in idirbhearta a bhaineann le maoin intleachtúil.

2.4. An rogha ionstraime

Tugtar an fhéidearthacht le hAirteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun rialacháin agus treoracha a ghlacadh. I gcás an togra seo, meastar gurb é rialachán an ionstraim is iomchuí toisc go bhfuil sé infheidhme láithreach agus go bhfágann sé gur féidir ceanglais a leagan síos a bhfuil feidhm dhíreach acu maidir leis na gníomhaithe poiblí agus príobháideacha uile a ndírítear orthu leis na bearta atá beartaithe. Cuideoidh sé sin lena áirithiú go gcuirfear na ceanglais chun feidhme ar bhealach tráthúil, comhchuibhithe, rud as a dtiocfaidh deimhneacht dhlíthiúil níos fearr. Áiritheofar leis creat comhsheasmhach, comhleanúnach ar fud an Aontais agus seachnófar éagsúlachtaí idir rialacha náisiúnta lena gcuirtear bac ar fhorbairt, tástáil agus méadú na nuálaíochta laistigh den Mhargadh Aonair. Tá gá le rialachán chun dálaí creata aonfhoirmeacha a bhunú, chun éiginnteacht dhlíthiúil a laghdú agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú do nuálaithe agus do chuideachtaí nuálacha a oibríonn thar theorainneacha. Níor leor treoir chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, toisc go mbeadh am ag teastáil lena trasuí agus go bhféadfadh trasuí agus cur chun feidhme éagsúil a bheith mar thoradh uirthi ó Bhallstát go chéile, rud a bhuanódh ilroinnt sna dálaí creata don nuálaíocht.

Is ionstraim dlí riachtanach, iomchuí é rialachán freisin chun Rialachán (AE) 2017/1011 a leasú chun sainordú Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a mhéadú agus lena áirithiú go gcuirfear inniúlacht eisiach an Aontais i bhfeidhm go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagal 207 CFAE le haghaidh na mbeart sin a bhaineann le rochtain oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha ar nósanna imeachta soláthair T&F.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

3.1. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Tá an togra seo bunaithe ar chomhairliúcháin fhorleathana le páirtithe leasmhara a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr agus le caighdeáin íosta. Thosaigh an Coimisiún ag dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir leis na bacainní ar nuálaíocht a dtugtar aghaidh orthu leis an nGníomh Eorpach um Nuálaíocht cheana féin i gcomhthéacs Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú. Foilsíodh an Glao ar Fhianaise maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú an 17 Feabhra 2025 agus dúnadh é an 17 Márta 2025. Bailíodh ionchur faoi ó réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear cuideachtaí, comhlachais ghnó, eagraíochtaí taighde, údaráis phoiblí agus freagróirí aonair. Mealladh 589 bhfreagra ó pháirtithe leasmhara ar fud 36 thír. I measc na bpríomhbhacainní a shainaithin na páirtithe leasmhara bhí deacrachtaí a bheith ag cuideachtaí nuálacha maidir le soláthairtí a rochtain agus tearcinfheistíocht i soláthar nuálaíochta san Aontas, bacainní ar thráchtálú torthaí taighde agus nuálaíochta agus ar luacháil maoine intleachtúla, deacrachtaí a bheith ag cuideachtaí nuálacha maidir le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a rochtain, easpa féidearthachtaí turgnamhaíochta sa reachtaíocht ar fud an Aontais agus comhordú neamhleor idir beartais agus cláir nuálaíochta náisiúnta agus beartais agus cláir nuálaíochta an Aontais. I Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, a glacadh an 28 Bealtaine 2025, leagadh amach straitéis chuimsitheach chun bearta neamhreachtacha chomh maith le bearta reachtacha a chomhcheangal chun deireadh a chur leis na bacainní sainaitheanta ar an nuálaíocht, agus tabharfar aghaidh ar na bacainní ar an nuálaíocht tríd an nGníomh Eorpach um Nuálaíocht.

Agus an togra seo á ullmhú, rinne an Coimisiún Glao tiomnaithe ar Fhianaise agus Comhairliúchán Poiblí Oscailte ansin chun aiseolas a bhailiú maidir le saincheisteanna sonracha agus chun réitigh fhéideartha a shainaithint ar na bacainní dlíthiúla a sainaithníodh roimhe seo i Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú. Foilsíodh an Glao sin ar Fhianaise agus an Comhairliúchán Poiblí Oscailte an 8 Iúil 2025 agus dúnadh iad an 3 Deireadh Fómhair 2025. Fúthu sin, bailíodh ionchur ó réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear cuideachtaí, comhlachais ghnó, eagraíochtaí taighde, údaráis phoiblí agus freagróirí aonair. San iomlán, fuarthas 336 fhreagra ar an nGlao ar Fhianaise, agus 193 pháipéar seasaimh ina measc. Fuarthas 202 fhreagra ar an gComhairliúchán Poiblí Oscailte, arna gcomhlánú le 54 dhoiciméad tacaíochta breise.

Bhí dáileadh maith ar fud grúpaí páirtithe leasmhara ar na freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí maidir leis an nGníomh Eorpach um Nuálaíocht. Ba ó chuideachtaí agus gnólachtaí a tháinig 27 % de na freagraí (55 fhreagra), agus ina dhiaidh sin bhí comhlachais ghnó (23 %, 47 bhfreagra) agus institiúidí acadúla agus taighde (16 %, 33 fhreagra). Fuarthas aighneachtaí eile ó shaoránaigh den Aontas (8 %, 17 bhfreagra), ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (8 %, 17 bhfreagra), ó údaráis phoiblí (4 %, 8 bhfreagra), ó cheardchumainn (2 %, 4 fhreagra), ó shaoránaigh nach saoránaigh den Aontas iad (1 %, 3 fhreagra), agus ó pháirtithe leasmhara eile (9 %, 18 bhfreagra). I measc na gcuideachtaí rannpháirteacha, ba iad na micrifhiontair (1-9 bhfostaí) an grúpa ba mhó (33 %, 18 bhfreagra), agus ina ndiaidh sin cuideachtaí móra (29 %, 16 fhreagra), cuideachtaí beaga (20 %, 11 fhreagra) agus cuideachtaí meánmhéide (18 %, 10 bhfreagra).

Foilsíodh torthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí Oscailte agus an tuarascáil achoimre chomhfhreagrach ar an nGníomh Eorpach um Nuálaíocht an 4 Nollaig 2025 agus tá siad le fáil ar líne[6].

Ina theannta sin, rinneadh comhairliúchán spriocdhírithe maidir leis an nGníomh Eorpach um Nuálaíocht idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2025 chun tacú leis an measúnú ar chostais agus tairbhí ionchasacha na mbeart atá beartaithe. Leis an gcomhairliúchán sin, comhcheanglaíodh 18 n-agallamh leathstruchtúrtha le páirtithe leasmhara roghnaithe ó na hearnálacha éagsúla thuas, 55 fhreagra ar shuirbhé spriocdhírithe ar líne, agus trí ghrúpa fócais ar líne a tionóladh an 24, an 26 agus an 27 Samhain 2025. Bhí na grúpaí fócais dírithe go príomha ar thorthaí na hanailíse costais agus tairbhe a bhailíochtú.

Ar deireadh, rinneadh comhairliúchán spriocdhírithe maidir leis an nGníomh Eorpach um Nuálaíocht le hionadaithe atá freagrach as beartais agus cláir thaighde agus nuálaíochta sna Ballstáit agus i dtíortha comhlacha an chláir Fís Eorpach atá rannpháirteach i bhFóram na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNÉ). Ghlac comhaltaí Fhóram CNE Páipéar Seasaimh comhpháirteach agus liosta mianta le haghaidh an Ghnímh Eorpaigh um Nuálaíocht i mí na Samhna 2025[7].

San iomlán, bailíodh 1210 freagra ar fud na mbabhtaí agus na gcineálacha éagsúla comhairliúchán sin a chuidigh le hullmhú an togra seo le haghaidh an Ghnímh Eorpaigh um Nuálaíocht. Ar an iomlán, chuir páirtithe leasmhara in iúl go dtacaíonn siad i gcoitinne le gníomhaíocht an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sainaitheanta ar an nuálaíocht. Dheimhnigh tromlach mór na bhfreagróirí gurb ann do na fadhbanna a sainaithníodh agus ábharthacht na mbeart atá beartaithe don Ghníomh Eorpach um Nuálaíocht, arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar fhorbairt, tástáil agus méadú réiteach nuálach ar fud an Mhargaidh Aonair.

3.2. Bailiú agus úsáid saineolais

Agus an togra seo á ullmhú, baineadh leas as bonn leathan fianaise, lena n-áirítear obair anailíseach, athbhreithniú ar an litríocht, ionchur ó pháirtithe leasmhara agus comhairle ó shaineolaithe.

Rinne an Coimisiún taighde deisce agus rinne sé athbhreithniú ar litríocht acadúil, tuarascálacha beartais agus foinsí sonraí ábhartha chun tacú leis an anailís ar na fadhbanna agus ar na roghanna beartais. Áiríodh leo sin, i measc nithe eile, sonraí ó Eurostat, ón Scórchlár Eorpach Nuálaíochta, ón Suirbhé ar Nuálaíocht sa Chomhphobal, ón tagarmharcáil Eorpach ar chreataí beartais náisiúnta agus ar infheistíochtaí náisiúnta i soláthar nuálaíochta agus ón Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI), chomh maith le tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail ECFE agus Oifig Eorpach na bPaitinní (OEP), agus litríocht acadúil phiarmheasúnaithe.

Baineadh úsáid freisin as ionchuir ó mheithleacha Fhóram CNE agus as ionchuir ó shaineolaithe, lena n-áirítear an tuarascáil[8] ó ghrúpa saineolaithe ó 33 thír arna gceapadh ag an

---

6 Torthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí Oscailte agus a Thuarascáil Achoimre, an 4 Nollaig 2025, https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14593-European-Innovation-Act/public-consultation_ga

7 Páipéar seasaimh agus liosta mianta le haghaidh an Ghnímh Eorpaigh um Nuálaíocht, Fóram CNE, Samhain 2025, https://op.europa.eu/en/publication-dethttps://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/b690e2af-d0bd-11f0-8da2-01aa75ed71a1/language-ga

8 Independent expert report, ‘Overcoming legal barriers for the uptake of innovation procurement in the EU’ [Tuarascáil ó shaineolaithe neamhspleácha, ‘Bacainní dlíthiúla a shárú maidir le glacadh soláthair nuálaíochta san Aontas], Bealtaine 2026, https://data.europa.eu/doi/10.2777/4586624

gCoimisiún a cheap moltaí don Aontas agus do bhallstáit Fhóram CNE maidir le conas sárú a dhéanamh ar bhacainní dlíthiúla ar chur chun feidhme níos leithne an tsoláthair nuálaíochta, lena n-áirítear soláthar T&F san Aontas i gcomparáid le príomhgheilleagair eile ar domhan.

Thacaigh conraitheoir seachtrach leis an gCoimisiún maidir le taighde deisce breise a dhéanamh, anailís a dhéanamh ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí oscailte agus na gcomhairliúchán spriocdhírithe, grúpaí fócais agus agallaimh le páirtithe leasmhara a eagrú, agus rannchuidiú leis an measúnú costais agus tairbhe ar na bearta atá beartaithe.

Sholáthair Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin tuilleadh tacaíochta anailísí, lena n-áirítear an anailís ar an nGlao ar Fhianaise agus samhaltú maicreacnamaíoch chun measúnú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha an tionscnaimh.

3.3. Measúnú tionchair

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, tacaítear leis an togra rialála seo le measúnú tionchair ina ndéantar anailís ar an ngá atá le dlús a chur le tráchtálú agus glacadh réiteach nuálach agus le cothrom iomaíochta atá fabhrach don nuálaíocht a chruthú do chuideachtaí nuálacha i ndáil le méadú a dhéanamh ar fud Mhargadh Aonair an Aontais, i gcomhthéacs na ndúshlán iomaíochais domhanda atá ag dul i méid. Sainaithnítear sa mheasúnú tionchair roghanna beartais chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na faidhbe agus déantar measúnú ar a dtionchair dhóchúla. Forbraíodh é i ndlúthchomhar le Grúpa Stiúrtha Idirsheirbhíse an Choimisiúin maidir leis an nGníomh Eorpach um Nuálaíocht.

Cuireadh an dréachtmheasúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála (‘an Bord’) an 23 Nollaig 2025. Tionóladh cruinniú leis an mBord an 28 Eanáir 2026 agus tugadh tuairim dhiúltach ina dhiaidh sin. Tar éis athbhreithniú substaintiúil chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha an Bhoird, cuireadh an measúnú tionchair isteach arís an 20 Feabhra 2026. Thug an Bord aitheantas d’fheabhsuithe nach beag sa dara leagan a cuireadh isteach, go háirithe maidir le raon laghdaithe na mbeart arna mbeartú, soiléiriú ar chomhthéacs agus raon feidhme an tionscnaimh, agus cur i láthair foriomlán na tuarascála. Mar sin féin, bhí sé deacair fós aghaidh a thabhairt ar roinnt barúlacha substainteacha, go háirithe iad siúd a bhaineann le seachaint forluí a bheith ann leis an athbhreithniú atá ar na bacáin ar Threoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí, ós rud é nach raibh an comhairliúchán poiblí maidir leis an athbhreithniú ar na Treoracha sin tugtha chun críche go fóill agus nach raibh na bearta arna mbeartú agus an measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar na Treoracha sin ar fáil go fóill an tráth sin. Dá bhrí sin, chloígh an Bord le tuairim dhiúltach an 27 Feabhra 2026 agus shainaithin sé trí phríomhréimse ar gá tuilleadh feabhais a chur orthu sa tuarascáil ar an Measúnú Tionchair le haghaidh an Ghnímh Eorpaigh um Nuálaíocht, mar atá, na réimsí seo a leanas:

(1) **Comhleanúnachas níos fearr a áirithiú idir bearta soláthair phoiblí an Ghnímh Eorpaigh um Nuálaíocht** agus an t-athbhreithniú atá ar na bacáin ar Threoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí agus measúnú breise a dhéanamh ar chomhréireacht agus coimhdeacht na mbeart soláthair, go háirithe maidir le spriocanna éigeantacha soláthair nuálaíochta agus maidir le soláthar poiblí a chuimsiú faoi bhun na dtairseach airgeadais arna mbunú faoi chreat an Aontais.

(1) **Measúnú tionchair níos iomláine a áirithiú** tríd an measúnú ar bhearta an Ghnímh Eorpaigh um Nuálaíocht a leathnú ionas gur mó a chumhdaítear leis ná pobal measta na gcuideachtaí nuálacha, ós rud é nach bhfuil na bearta arna mbeartú teoranta ó thaobh dlí do chatagóir shonrach gnólachtaí. D’iarr sé freisin aghaidh a thabhairt ar an easpa sainmhíniú dlíthiúil ar chuideachtaí nuálacha sa Ghníomh Eorpach um Nuálaíocht.

(2) **Measúnú níos doimhne a sholáthar ar na costais agus na tairbhí** a bhaineann le roinnt beart de chuid an Ghnímh Eorpaigh um Nuálaíocht, agus béim ar leith á leagan ar an méid seo a leanas:

- meastachán níos láidre ar na costais eacnamaíocha a bhaineann le spriocanna éigeantacha maidir le soláthar nuálaíochta agus tosaíocht an Aontais a bhunú maidir le soláthar poiblí;
- measúnú a dhéanamh ar an riosca go bhféadfadh sainmhínithe agus prionsabail róchúng i leith boscaí gainimh rialála deiseanna turgnamhaíochta a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil a eisiamh.

Tar éis an dara tuairim dhiúltach ón mBord, rinneadh athbhreithniú substaintiúil breise ar an Measúnú Tionchair chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh. Rinneadh na pointí thuasluaite a mheas go hiomlán trí anailís neartaithe agus, i gcás inar ghá, trí raon feidhme an togra a choigeartú. Go háirithe, tugadh aghaidh ar bharúlacha an Bhoird ar an mbealach seo a leanas:

- **Rinneadh na bearta soláthair maidir le nósanna imeachta soláthair atá fabhrach don nuálaíocht agus maidir le tosaíocht an Aontais a chúngú chun díriú go heisiach ar sholáthar T&F a dhéanann ceannaitheoirí poiblí.** Baineadh as raon feidhme an Ghnímh Eorpaigh um Nuálaíocht na teicnící soláthair atá fabhrach don nuálaíocht agus is infheidhme maidir le cineálacha eile soláthair phoiblí, ar bhonn níos leithne. Ina theannta sin, tugadh isteach tairseach airgeadais EUR 216 000 de chuid an Aontais (a chomhfhreagraíonn do thairseach airgeadais an Aontais a úsáidtear sa phríomh-Threoir maidir le soláthar poiblí d'údaráis fho-lárnacha), lena n-áirithítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta.
- **Baineadh** as raon feidhme an Ghnímh Eorpaigh um Nuálaíocht **an sprioc éigeantach go méadódh na Ballstáit an caiteachas foriomlán ar sholáthar nuálaíochta**.
- **Cuireadh isteach míniú ar shainmhínithe ar chuideachtaí nuálacha, ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú.** Soiléirítear sa Mheasúnú Tionchair, tar éis ghlacadh Mholadh an Aontais maidir le sainmhínithe ar chuideachtaí nuálacha, ar ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus ar ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú, nach n-áirítear na sainmhínithe sin a thuilleadh sa Ghníomh Eorpach um Nuálaíocht mar chuid den togra. An tráth céanna, mínítear ann, i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, go ndéantar costais agus tairbhí a mheas i leith an phobail dá ndéantar difear go heacnamaíoch (go háirithe fiontair nuálacha) seachas i leith gach eintiteas atá incháilithe go dlíthiúil. Soiléiríodh ann an difríocht idir gnólachtaí atá incháilithe ó thaobh dlí de agus gnólachtaí dá ndéantar difear eacnamaíoch agus mínítear ann ar bhealach níos doimhne conas a rinneadh meastachán ar an líon eintiteas dá ndéantar difear.
- **Cuireadh meastacháin chainníochtúla leis.** Soláthraíodh measúnú costais agus tairbhe breise sa Mheasúnú Tionchair ionas gur áiríodh i ngach beart idir Shamhail Costais Chaighdeánaigh agus mheastacháin chainníochtúla bunaithe ar leaisteachas ar chostais agus ar thairbhí. Go háirithe, cuireadh leis an Measúnú Tionchair costais eacnamaíocha na mbeart soláthair a bhfuil riosca i gceist leo, rinneadh beachtú ann ar na meastacháin le haghaidh luacháil maoine intleachtúla agus áiríodh ann ranna tiomnaithe ina dtugtar míniú níos doimhne ar na toimhdí is bonn le gach meastachán.

- **Baineadh na sainmhínithe agus na prionsabail le haghaidh boscaí gainimh rialála** as raon feidhme an Ghnímh Eorpaigh um Nuálaíocht agus aistríodh iad go togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le boscaí gainimh rialála.

Tá tuairimí an Bhoird, an measúnú tionchair críochnaitheach agus an achoimre feidhmiúcháin a ghabhann leis á bhfoilsiú in éineacht leis an togra seo.

Rinne an Coimisiún an measúnú tionchair ar leibhéal na mbeart aonair, agus rinneadh suas le ceithre leagan a mheas le haghaidh gach birt mar roghanna beartais malartacha. Leis an gcur chuige sin, bhíothas in ann an idirghabháil is iomchuí a shainaithint le haghaidh gach réimse faidhbe ar leith.

Ar deireadh, sainítear an rogha beartais thosaíochta don Ghníomh Eorpach um Nuálaíocht mar phacáiste ilchodach, ina gcomhcheanglaítear na leaganacha is éifeachtaí de gach ceann de na naoi mbeart a ndearnadh measúnú orthu. I gcás gach birt, is é an leagan roghnaithe an leagan is fearr a fheidhmíonn i dtéarmaí éifeachtachta, éifeachtúlachta, comhleanúnachais agus comhréireachta. Dá bhrí sin, is meascán comhleanúnach í an rogha thosaíochta de na gnéithe is láidre feidhmíochta ar fud na mbeart uile, seachas pacáiste beartas réamhshainithe aonair.

Is iad na bearta seo a leanas atá sa **rogha beartais thosaíochta**.

An chéad bheart: lárionad inniúlachta le haghaidh maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil a bhunú, trí Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), chomh maith le creat luachála maoine intleachtúla agus margadh digiteach uile-Aontais a fhorbairt. Meastar go mbeidh sé ina thoradh ar an mbeart seo gníomhaíocht aistrithe agus ceadúnaithe maoine intleachtúla a mhéadú agus cumas nuálaithe maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil a mhealladh. Bheadh costais riaracháin i gceist leis ar EUIPO a mheastar a bheith thart ar EUR 712 000 agus costais choigeartaithe thart ar EUR 2,5 milliún ar EUIPO, a chumhdófar le hacmhainní dílse EUIPO, gan aon ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais. An tráth céanna, meastar go nginfidh an beart sin **coigilteas costais riaracháin thart ar EUR 35 mhilliún do chuideachtaí.** Meastar freisin go nginfidh an beart caipiteal fiontair **breise bunaithe ar mhaoin intleachtúil agus dochar EUR 10,2 billiún gach bliain do chuideachtaí.**

An dara beart: nós imeachta comhchuibhithe a thabhairt isteach maidir le soláthar T&F agus maidir le soláthar comhpháirteach trasteorann T&F. Meastar go nginfidh an beart sin **EUR 1 bhilliún in aghaidh na bliana i gcoigilteas costais do cheannaitheoirí poiblí** a ndéantar difear dóibh, chomh maith le **EUR 25,92 billiún breise i mbrabús gnólachtaí gach bliain**.

An tríú beart: bunú thosaíocht an Aontais le haghaidh soláthar T&F, i dteannta clásail um rogha gan bheith páirteach, lena gceadaítear soláthar ó sholáthróirí nach bhfuil faoi chumhdach, i gcás nach ann d'aon rogha mhalartach ó sholáthróirí faoi chumhdach, nó i gcás éagsúlachtaí costais díréireacha idir soláthróirí atá faoi chumhdach agus soláthróirí nach bhfuil faoi chumhdach[9]. Leis an mbeart sin, meastar go rannchuideofar le **huathriail straitéiseach oscailte an Aontais a neartú**, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus bonneagair straitéiseacha, trí rioscaí spleáchais a laghdú agus trí thacú le slabhraí soláthair a fhorbairt a bheidh bunaithe san Aontas. Leis na clásail um rogha gan bheith páirteach, meastar freisin go **laghdófar éifeachtaí maicreacnamaíoch diúltacha thosaíocht an Aontais**, éifeachtaí dar luach thart ar EUR 464 mhilliún.

[9] Sa chás seo, is éard atá i gceist le soláthróirí faoi chumhdach soláthróirí ó Bhallstáit den Aontas agus ó thríú tíortha a bhfuil comhaontuithe idirnáisiúnta leis an Aontas tugtha i gcrích acu, ar comhaontuithe iad ina bhfuil gealltanais déanta ag an Aontas soláthairtí T&F a oscailt do na tríú tíortha sin.

Áirithítear leis an meascán beart comhleanúnachas ar fud na saolré nuálaíochta, agus tugtar aghaidh leis ar bhacainní ar thaobh an tsoláthair agus ar thaobh an éilimh araon. Trí fheabhas a chur, ar bhonn comhpháirteach, ar dhálaí creata, ar rochtain ar acmhainní agus ar dheiseanna margaidh, fágann an rogha thosaíochta go n-uasmhéadaítear éifeachtacht na mbeart aonair agus go ngintear tionchair charnacha ar mó iad ná a n-éifeachtaí aonair. Ar an iomlán, ba é an toradh a bhí ar ionsamhlúchán maicreacnamaíoch inar úsáideadh an meastachán a luaitear ar chostais ionchuir agus ar shochair méadú 0,25-0,42 % ar OTI an Aontais i gcaitheamh thréimhse 10 mbliana i gcoibhneas le cás bonnlíne gan an Gníomh Eorpach um Nuálaíocht a bheith ann, rud a chomhfhreagraíonn do suas le 507,000 post nua arna gcruthú ar fud an Aontais thar an tréimhse 10 mbliana sin.

3.4. Oiriúnacht rialála agus simpliú

Tá an togra i gcomhréir le cuspóirí simpliúcháin an Choimisiúin. Trí chineálacha cur chuige níos comhchuibhithe a bhunú ar fud an Aontais chun soláthar T&F a dhéanamh agus trína chur de chúram ar Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh creat coiteann a bhunú le haghaidh luacháil maoine intleachtúla, margadh uile-Aontais a bhunú chun maoin intleachtúil a thráchtálú agus lárionad inniúlachta a bhunú le haghaidh maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil, laghdaítear dúbailt costas, neamhshiméadracht maidir le faisnéis, agus costais chuardaigh agus idirbhirt ar nuálaithe.

I gcás ina dtugtar gníomhaíochtaí nua isteach, cuireann an togra le creataí agus próisis atá ann cheana, rud a chuireann teorainn leis an ualach riaracháin breise.

I gcás údaráis phoiblí, tá coinne le costais choigeartaithe bhreise theoranta (EUR 45 mhilliún) mar gheall ar an ngá atá le hoiliúint mhéadaithe chun teicnící soláthair T&F agus tosaíocht an Aontais a chur chun feidhme. Meastar go mbeidh costas coigeartaithe (EUR 2,4 milliún) ar earnáil phoiblí an Aontais chun creat luachála maoine intleachtúla, lárionad maoine intleachtúla agus ardán meaitseála an Aontais a fhorbairt. Déantar na costais riaracháin bhreise sin a fhritháireamh, áfach, le glanchoigilteas mór i ndáil le costais riaracháin.

I gcás gnólachtaí agus ceannaitheoirí poiblí, níl coinne le haon chostais riaracháin bhreise toisc nach bhforchuirtear oibleagáidí breise orthu leis an Rialachán atá beartaithe. Os a choinne sin, tá coinne le coigilteas breise ar chostais riaracháin do chuideachtaí:

- EUR 1 bhilliún in aghaidh na bliana do cheannaitheoirí poiblí a bhfuil sé d'aidhm acu soláthairtí T&F a sheoladh, mar gheall ar chreat comhchuibhithe le haghaidh soláthar T&F, lena n-áirítear coigilteas i leith soláthairtí comhpháirteacha trasteorann T&F;
- EUR 35 mhilliún in aghaidh na bliana do ghnólachtaí atá saibhir ó thaobh maoin intleachtúil de, mar gheall ar chuir chuige níos comhchuibhithe maidir le luacháil maoine intleachtúla agus ceadúnú agus aistriú maoine intleachtúla níos éasca tríd an margadh maoine intleachtúla;

Ar an iomlán, meastar, dá bhrí sin, go nginfear glanchoigilteas bliantúil costais (costais riaracháin agus costais choigeartaithe le chéile) thart ar EUR 1,1 billiún ar bhonn na rogha beartais tosaíochta ón gcéad bhliain ar aghaidh, i gcomparáid leis an mbonnlíne, idir pháirtithe leasmhara poiblí agus pháirtithe leasmhara príobháideacha. Meastar go dtiocfaidh méadú breise ar an nglanchoigilteas sna blianta ina dhiaidh sin, de réir mar a thiocfaidh deireadh de réir a chéile le costais choigeartaithe aonuaire agus nach mbeidh fágtha ach costais riaracháin athfhillteacha.

4. CEARTA BUNÚSACHA

Tá an Rialachán atá beartaithe bunaithe ar chur chuige neamh-idirdhealaitheach agus cuirtear trédhearcacht agus cóir chomhionann chun cinn leis. Ní mheastar go mbeidh tionchar mór aige ar na cearta bunúsacha a chosnaítear faoi Chonarthaí an Aontais agus faoin gCairt um Chearta Bunúsacha.

5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh. Tá impleachtaí buiséadacha ag an togra don Choimisiún. Go sonrach, beidh gá le thart ar 3 choibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana chun é a chur chun feidhme. Baineann na himpleachtaí buiséadacha go príomha leis an obair atá beartaithe chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin agus chun faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme, lena n-áirítear chun gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá ndéantar foráil sa Rialachán a ullmhú. Cumhdófar na himpleachtaí buiséadacha is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

6. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Trí Chaibidil atá sa togra. Tá sé struchtúrtha mar a leanas:

I gCaibidil I tá na forálacha ginearálta lena leagtar amach ábhar agus raon feidhme an Rialacháin atá beartaithe, agus leagtar síos inti na sainmhínithe is infheidhme maidir leis an Rialachán atá beartaithe. Soiléirítear ann nach bhfuil feidhm ag Caibidil I den Rialachán ach amháin maidir le soláthairtí seirbhísí T&F iad nach dtagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2014/23, Threoir (AE) 2014/24 ná Threoir (AE) 2014/25 agus soiléirítear ann nach bhfuil feidhm ag Caibidil III den Rialachán ach amháin maidir le hOifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

Leagtar amach i gCaibidil II rialacha comhchoiteanna maidir le nósanna imeachta soláthair T&F a chur chun feidhme, lena n-áirítear soláthar comhpháirteach T&F.

Leagtar amach i gCaibidil III na cúraimí a chuirtear ar Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh leis an Rialachán seo chun creat coiteann a bhunú maidir le luacháil maoine intleachtúla, margadh uile- Aontais a bhunú chun maoin intleachtúil a thráchtálú agus lárionad inniúlachta a bhunú chun cabhrú le nuálaithe maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil a rochtain.

2026/0264 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras nuálaíochta an Aontais a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 (an Gníomh Eorpach um Nuálaíocht)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[(1)],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[(2)],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá bacainní tábhachtacha fós ann, rud a chuireann bac ar rochtain nuálaíochtaí ar an margadh agus ar scálú fiontar nuálach san Aontas. Tá easpa deiseanna ag nuálaithe chun smaointe nuálacha a thabhairt chuig an margadh soláthair phoiblí uile-Aontais mar gheall ar easpa creat coiteann dlíthiúil le haghaidh soláthar seirbhísí taighde agus forbartha (‘soláthar T&F’) agus mar gheall ar an margadh inmheánach le haghaidh maoiniú ar bhonn taca maoine intleachtúla a bheith tearcfhorbartha. Na bearta náisiúnta atá dírithe ar dhul i ngleic le bacainní casta den sórt sin a théann thar theorainneacha náisiúnta, tá siad ilroinnte agus tá an baol ann go mbainfí an bonn d’fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh dá ndeasca. Cruthaíonn an ilroinnt sin bacainní ar thrádáil trasteorann laistigh den Aontas agus saobhadh sa mhargadh inmheánach. Is gá, dá bhrí sin, bearta comhchuibhithe a bhunú chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

(2) D’iarr Cúirt Iniúchóirí na hEorpa[10] ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an leibhéal íseal iomaíochta le haghaidh soláthar poiblí san Aontas. Leis an méadú atá ag teacht ar dhigitiú gheilleagar an Aontais agus leis an mborradh faon éileamh ó cheannaitheoirí poiblí ar fud an Aontais ar réitigh nuálacha a dhéantar san Aontas, tá leas trasteorann méadaithe ann i dtaobh oibreoirí eacnamaíocha a bheith páirteach i soláthar arna

(1) IO C [...], [...], lch. [...]
(2) IO C [...], [...], lch. [...]
10 Tuarascáil speisialta 28/2023:Soláthar poiblí san Aontas Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Nollaig 2023, https://www.eca.europa.eu/ECAPublications/SR-2023-28/SR-2023-28_GA.pdf

dhéanamh ag ceannaitheoirí poiblí ó Bhallstáit eile, lena n-áirítear soláthar T&F. Cé go gcomhchuibhítear le Treoracha[11] 2014/23/AE, 2014/24/AE[12], agus 2014/25/AE[13] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nósanna imeachta le haghaidh soláthairtí poiblí a thagann faoina raon feidhme, rialaítear nósanna imeachta le haghaidh soláthairtí nach dtagann faoina raon feidhme go príomha faoi láthair le rialacha náisiúnta ilroinnte nó tá siad díolmhaithe ó rialacha náisiúnta soláthair phoiblí agus níl siad ach faoi réir na mbunphrionsabal faoi na Conarthaí arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Baineann sé sin le formhór na soláthairtí T&F, go háirithe iad siúd nach dtagann faoi raon feidhme na dTreoracha sin toisc nach bhfabhraíonn na tairbhí a eascraíonn as na seirbhísí T&F a sholáthraítear go heisiach chuig an gceannaitheoir poiblí lena n-úsáid i bhfeidhmiú a ghnóthaí féin, mar is amhlaidh i gcás soláthar réamhthráchtála, nó toisc nach n-íocann an ceannaitheoir poiblí go hiomlán as na seirbhísí T&F a sholáthraítear[14]. Le cur i bhfeidhm na bprionsabal sin astu féin, áfach, ní sholáthraítear soiléireacht dhlíthiúil leordhóthanach do cheannaitheoirí poiblí, ní thugtar aghaidh ar ilroinnt trasteorann maidir le cur chun feidhme soláthair T&F ná ní thugtar aghaidh ar bhacainní struchtúracha do cheannaitheoirí poiblí chun páirt a ghlacadh i soláthar comhpháirteach T&F trasteorann. Ar an gcúis sin, i gcás soláthairtí T&F os cionn luach áirithe, ba cheart rialacha comhchoiteanna a ghlacadh chun a áirithiú go dtabharfar éifeacht phraiticiúil do na prionsabail sin chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

(3) Maidir le nósanna imeachta soláthair T&F nach bhfuil feidhm ag Airteagal 25 de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 14 de Threoir 2014/24/AE ná Airteagal 32 de Threoir 2014/25/AE maidir leo, ba cheart ceanglas a leagan síos go mbeadh ar cheannaitheoirí poiblí forálacha an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm. Fágann saintréithe áirithe an tsoláthair cosanta, áfach, go bhfuil soláthar T&F sa réimse sin an-íogair, rud a éilíonn go minic ardleibhéal rúndachta agus níos mó solúbthachta a bheith ag na Ballstáit. Dá bhrí sin, níor cheart ceanglas a leagan síos go mbeadh ar cheannaitheoirí poiblí forálacha an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm maidir le soláthar T&F a thagann faoi dhíolúintí le haghaidh T&F a leagtar síos i dTreoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15].

(4) Tá digitiú nósanna imeachta soláthair T&F fíor-riachtanach d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, toisc gur féidir leis ualaí riaracháin a laghdú go mór,

---

11 Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/23/oj).

12 Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj).

13 Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/25/oj).

14 De bhua Airteagal 25 de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 14 de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 32 de Threoir 2014/25/AE, níl feidhm ag na Treoracha sin ach amháin maidir le soláthairtí seirbhísí T&F nuair a fhabhraíonn na tairbhí go heisiach don cheannaitheoir poiblí dá úsáid i bhfeidhmiú a ghnóthaí féin, agus nuair a íocann an ceannaitheoir poiblí go hiomlán as an tseirbhís a sholáthraítear,

15 Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 216, 20.8.2009, lgh. 76–136, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).

éifeachtúlacht a mhéadú, agus trédhearcacht a fheabhsú. Dá bhrí sin, ba cheart gach nós imeachta soláthair T&F a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a dhéanamh i gcás inar féidir trí na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa nó trí mhodhanna leictreonacha malartacha atá idir-inoibritheach leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa.

(5) Chun rochtain ar dheiseanna gnó i soláthar T&F a fheabhsú agus chun iomaíocht a mhéadú chun conarthaí soláthair T&F a dhámhachtain, ba cheart rannpháirtíocht grúpaí oibreoirí eacnamaíocha a éascú a thuilleadh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus do ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú, a mbíonn deacrachtaí acu go minic rochtain a fháil ar dheiseanna soláthair T&F atá níos mó. Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha lena rialaítear rannpháirtíocht grúpaí oibreoirí eacnamaíocha agus úsáid acmhainneachtaí comhcheangailte a shoiléiriú agus a shimpliú, agus a áirithiú an tráth céanna nach bhforchuirfear ach na ceanglais is gá chun conradh soláthair T&F a chomhlíonadh go cuí.

(6) Is uirlis phraiticiúil chumhachtach comhair idir oibreoirí eacnamaíocha fós é codanna de chonradh soláthair T&F a ligean ar fochonradh. Leis na rialacha maidir le fochonraitheoireacht sa Rialachán seo, ba cheart saoirse chonarthach a chaomhnú agus rochtain a éascú do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus do ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú, rud a chuirfeadh ar a gcumas páirt éifeachtach a ghlacadh i soláthar T&F agus i slabhraí soláthair gaolmhara. Níor cheart, áfach, go mbeadh cead conradh soláthair T&F ina iomláine a ligean ar fochonradh faoin Rialachán seo, chun mí-úsáid fochonraitheoireachta a sheachaint go sonrach, rud is amhlaidh go háirithe in earnálacha a d'fhéadfadh a bheith níos leochailí i leith dúshaothrú saothair mar gheall ar bhrúnna costais agus slabhraí fochonraitheoireachta casta. I gcás nach bhfuil ionchur, comhpháirt nó seirbhís shonrach atá fíor-riachtanach chun T&F a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail ar fáil ach amháin ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe i dtír nach bhfuil rochtain aici ar an soláthar T&F, ba cheart an ceannaitheoir poiblí a bheith in ann úsáid an ionchuir, na comhpháirte nó na seirbhíse sin a cheadú, lena n-áirítear trí fhochonraitheoireacht.

(7) Gan dul i gcomhairle leis an margadh, tá an baol ann go seolfaidh ceannaitheoirí poiblí nósanna imeachta soláthair T&F ar bhonn sonraíochtaí tairisceana nach bhfuil oiriúnaithe go leordhóthanach do chumais iarbhír na n-oibreoirí margaidh, lena dtugtar fabhar do réitigh sheanbhunaithe, nó nach soláthraíonn raon feidhme leormhaith do réitigh nuálacha. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha comhchoiteanna a bhunú chun a áirithiú go ndéanfar réamhchomhairliúcháin mhargaidh a reáchtáil ar bhealach trédhearcach a mbeidh rochtain ag an bpobal air mar ullmhúchán do nósanna imeachta den sórt sin.

(8) Leis an gcaibidlíocht, agus an fhéidearthacht caibidlíocht a dhéanamh de réir a chéile, is féidir é a chur ar a gcumas do cheannaitheoirí poiblí feabhas a chur ar cháilíocht, éifeachtúlacht agus luach foriomlán na seirbhísí T&F arna soláthar agus ar na torthaí atá beartaithe leo, go háirithe i gcás ina n-éilítear leis an ábhar doiciméid soláthair a oiriúnú do riachtanais oibríochtúla agus nuálaíochta nó do bhreithnithe straitéiseacha eile a chothromú. Ba cheart an tsolúbthacht roghnach sin a sholáthar do cheannaitheoirí poiblí lena gceadaítear dóibh cinneadh a dhéanamh gnéithe áirithe de na doiciméid soláthair a fhágáil ar oscailt le haghaidh caibidlíochta, lena n-áirítear an sceideal íocaíochta nó an sásra um réiteach díospóidí, agus ar an gcaoi sin deireadh a chur le ceann de na príomhualaí a bhaineann le rannpháirtíocht FBManna i soláthar poiblí.

(9) I gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil idirnáisiúnta agus le creat dlíthiúil an Aontais maidir le soláthar poiblí, féadfar a áireamh le soláthar T&F, lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála, táirgeadh agus soláthar teoranta fréamhshamhlacha nó na chéad táirgí, seirbhísí nó oibreacha chun torthaí na tástála allamuigh a ionchorprú agus chun a léiriú go bhfuil an táirge, an tseirbhís nó an obair oiriúnach i gcomhair táirgeadh nó soláthar i gcainníocht atá i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta inghlactha, agus féadfaidh ceannaitheoirí poiblí úinéireacht a fháil ar an tacar teoranta sin d'fhréamhshamhlacha nó de na chéad táirgí, seirbhísí nó oibreacha a forbraíodh arna iarraidh sin don cheannaitheoir poiblí le linn an chonartha soláthair seirbhísí T&F áirithe sin agus lena aghaidh. Le linn soláthar seirbhísí T&F, ní féidir le ceannaitheoirí poiblí úinéireacht a fháil ar fhréamhshamhlacha na gcéad táirgí, seirbhísí nó oibreacha nár forbraíodh arna iarraidh sin dóibh féin nó a forbraíodh le haghaidh conarthaí eile. Chun trédhearcacht d'oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú, áiritheofar leis na rialacha comhchoiteanna go sonróidh ceannaitheoirí poiblí sna doiciméid soláthair a bhaineann le soláthar T&F cé acu a áirítear nó nach n-áirítear leo an fhéidearthacht úinéireacht a fháil ar an tacar teoranta fréamhshamhlacha forbartha sin nó ar na chéad táirgí, seirbhísí nó oibreacha.

(10) I gcás táirgí, seirbhísí nó oibreacha áirithe is gá a sholáthar tar éis soláthar T&F chun leasanna slándála nó sábháilteachta poiblí an Aontais nó a Bhallstát a chosaint, lena n-áirítear chun ganntanais soláthair le haghaidh teicneolaíochtaí criticiúla a sheachaint, ba cheart do cheannaitheoirí poiblí a bheith in ann a áirithiú nuair a thosaíonn siad soláthar T&F go mbeidh siad in ann na méideanna riachtanacha táirgí, seirbhísí nó oibreacha a eascraíonn as soláthar T&F a cheannach, trí nós imeachta soláthair ar leithligh. Dá bhrí sin, le forálacha coiteanna ba cheart é a chur ar a gcumas do cheannaitheoirí poiblí forálacha a áireamh sna conarthaí soláthair T&F lena dtugtar ceart tosaíochta dóibh méid nó luach réamhshainithe táirgí, seirbhísí nó oibreacha den sórt sin a cheannach, sula dtairgtear iad sin do cheannaitheoirí ionchasacha eile. Trí cheart tosaíochta ceannaigh a áireamh i gconarthaí soláthair T&F, ní thugtar an ceart do cheannaitheoirí poiblí fabhar a thabhairt do chonraitheoirí a bhí rannpháirteach i soláthar T&F i gceannacháin na dtáirgí, na seirbhísí nó na n-oibreacha sin ina dhiaidh sin. Ní mór aon cheannacháin den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir le rialacha soláthair phoiblí an Aontais is infheidhme.

(11) Mar a shoiléirítear le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, ní bhaineann na cearta a dhíorthaítear ó dhlí soláthair phoiblí an Aontais le hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil a dtionscnamh i dtríú tíortha nach bhfuil comhaontuithe trádála tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena n-osclaítear a mhargadh soláthair phoiblí. Chun cur i bhfeidhm éifeachtach an chásdlí sin a áirithiú agus uathriail straitéiseach an Aontais a threisiú, ba cheart forálacha coiteanna a ghlacadh lena n-osclófar an rochtain ar sholáthairtí T&F, go ginearálta, d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil a dtionscnamh i dtríú tíortha a bhfuil comhaontuithe trádála oscailte tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena n-osclaítear a mhargadh soláthair phoiblí, agus dóibh siúd amháin. I gcás ina mbeadh easpa tairiscintí nó costais dhíréireacha mar thoradh air sin, ba cheart cead a bheith ag ceannaitheoirí poiblí soláthar T&F a oscailt freisin d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil a dtionscnamh i dtríú tíortha a bhfuil comhaontuithe idirnáisiúnta tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena n-osclaítear a mhargadh soláthair phoiblí gan gealltanais a thabhairt a mhargadh soláthair T&F a oscailt. I gcás ina bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag tíortha is iarrthóirí leis an Aontas lena ndéantar foráil do rochtain ar sholáthar poiblí, ba cheart oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh na dtíortha sin a mheas mar oibreoirí eacnamaíocha a thagann faoi Airteagal 11, mír 4, den Rialachán seo, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú ábhartha. Léiríonn an

cur chuige sin dearcadh an mhéadaithe agus lánpháirtiú de réir a chéile na dtíortha is iarrthóirí i margadh inmheánach an Aontais, agus tá sé beartaithe leis tacú le comhtháthú eacnamaíoch níos dlúithe, ailíniú rialála a spreagadh, agus cur i bhfeidhm rialacha agus chaighdeáin an Aontais ina gharchomharsanacht a neartú. I gcás ina bhfuil údar cuí leis mar gheall ar leasanna slándála agus sábháilteachta poiblí an Aontais nó a Bhallstát, níor cheart do cheannaitheoirí poiblí a bheith in ann rochtain ar sholáthairtí T&F a shrianadh a thuilleadh ach amháin d'oibreoirí eacnamaíocha ar de thionscnamh na mBallstát iad agus nach bhfuil faoi réir rialú tríú tír. I gcás ina dtacaíonn an tAontas le nós imeachta soláthair T&F faoi chláir agus ionstraimí de chuid an Aontais, lena n-áirítear treoirthionscadail nó gníomhaíochtaí ullmhúcháin, ba cheart a shoiléiriú nach mór do cheannaitheoirí poiblí comhlíonadh na gcoinníollacha a ghabhann leis an tacaíocht ón Aontas a áirithiú freisin i gcásanna ina gcomhlánaíonn na coinníollacha sin na rialacha a bhunaítear faoin Rialachán seo nó ina maolaíonn siad orthu

(12) Tá gá le rialacha soiléire aonfhoirmeacha maidir le tionscnamh a chinneadh chun a áirithiú go gcuirfear cumhdach idirnáisiúnta i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhsheasmhach agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar fhorálacha soláthair T&F i ngach nós imeachta soláthair T&F. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha tionscnaimh a bhunú leis an Rialachán seo chun na rialacha maidir le rochtain ar nósanna imeachta soláthair T&F a leagtar amach anseo a chur i bhfeidhm.

(13) Ba cheart oibreoirí eacnamaíocha a eisiamh ó rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair T&F i gcás inar ciontaíodh iad le breithiúnas críochnaitheach i gcionta tromchúiseacha a shainítear i reachtaíocht an Aontais. Níor cheart bearta féinghlantacha a cheadú ar fhorais eisiaimh éigeantacha, ach i gcás forais eisiaimh roghnacha, a bhaineann le hiontaofacht na n-oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart na hoibreoirí sin a bheith in ann a n-iontaofacht a léiriú trí bhíthin bearta féinghlantacha. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar aon chomhar leis na húdaráis imscrúdúcháin arb é is aidhm dó na fíorais agus na himthosca ábhartha a shoiléiriú. Níor cheart do na Ballstáit forais eisiaimh eile a chur isteach bunaithe ar chritéir a bhaineann le staid ghairmiúil an tairgeora: níor cheart, áfach, go gcuirfeadh sé sin cosc ar na Ballstáit forais eisiaimh dhlisteanacha eile a chur leis, amhail forais arb é is aidhm dóibh bagairtí ar an tslándáil náisiúnta a chosc nó aghaidh a thabhairt orthu.

(14) Chun comhdheiseanna a áirithiú do gach oibreoir eacnamaíoch ar fud an Aontais, is gá rialacha comhchoiteanna a leagan síos lena ndéantar foráil nach n-úsáidfidh ceannaitheoirí poiblí forais eisiaimh, critéir roghnúcháin ná ceanglais ráthaíochta airgeadais i nósanna imeachta soláthair T&F atá díréireach le raon feidhme agus le cineál an chonartha soláthair T&F. I gcás inar gá forais eisiaimh éigeantacha a úsáid, ba cheart úsáid na gcritéar roghnúcháin agus na gceanglas ráthaíochta airgeadais a bheith roghnach i gcónaí agus níor cheart iad a úsáid i gcás nach bhfuil gá leo chun torthaí maithe a áirithiú le haghaidh an tsoláthair T&F. Níor cheart do cheannaitheoirí poiblí taithí roimh ré a éileamh i gconarthaí soláthair T&F iontu féin, ach amháin má tá údar docht leis sin mar gheall ar chineál na seirbhísí T&F lena mbaineann, agus ba cheart dóibh ceanglais iomarcacha riaracháin agus airgeadais a sheachaint freisin lena bhféadfaí fiontair nuálacha a eisiamh gan ghá ó dheiseanna soláthair T&F. I gcás ina bhfuil gá le híoscheanglais maidir le hacmhainneacht airgeadais, níor cheart gnólachtaí nuathionscanta nuálacha nó gnólachtaí atá ag méadú nach bhfuil cuntas teiste acu maidir le láimhdeachas ná ráitis airgeadais ach atá inmharthana go teicniúil agus ó thaobh airgeadais de toisc go bhfuil acmhainní airgeadais eile acu amhail infheistíochtaí caipitil fiontair nó sócmhainní luachmhara maoine intleachtúla, níor

cheart iad a dhícháiliú. I gcás ina bhfuil gá le ráthaíochtaí airgeadais, ba cheart iad a ísliú do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha, do ghnólachtaí atá ag méadú agus do FBManna, agus ba cheart do cheannaitheoirí poiblí ráthaíochtaí airgeadais a laghdú nó a scaoileadh go tráthúil nuair nach bhfuil údar leo a thuilleadh.

(15) Chun a áirithiú go rannchuideoidh an nuálaíocht le cáilíocht na seirbhísí poiblí a fheabhsú agus le huathriail straitéiseach a threisiú, i soláthar T&F, ba cheart do cheannaitheoirí poiblí critéir dhámhachtana agus critéir faireacháin ar chomhlíonadh conartha a chur i bhfeidhm bunaithe ar thionchar cáilíochta agus nuálaíochta na tairisceana seachas ar phraghas amháin. Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir leis an gcaoi ar cheart na critéir sin a fhoirmiú chun breisluach na tairisceana don mhargadh inmheánach a chur san áireamh. Ba cheart conarthaí soláthair T&F a dhámhachtain ar bhonn an mhodha cóimheasa is fearr idir praghas agus cáilíocht. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le hualú íosta 50 % do chritéir cháilíochta agus maidir le hualú íosta 15 % do chritéir dhámhachtana a bhaineann le nuálaíocht le linn chéim na dámhachtana.

(16) Is minic go laghdaíonn ceanglais atá ró-mhionsonraithe rannpháirtíocht oibreoirí eacnamaíocha gan ghá agus is féidir leo bac a chur ar an nuálaíocht. Chun margaí soláthair iomaíocha T&F a éascú, ba cheart, mar riail ghinearálta, saintréithe na seirbhísí T&F atá faoi réir sholáthar T&F a dhréachtú trí thosaíocht a thabhairt do cheanglais fheidhmiúla agus, i gcás inar gá, do cheanglais feidhmíochta seachas trí cheanglais fhorordaitheacha a dhearadh. D’fhéadfaí a áireamh leis sin sonrú a dhéanamh ar na feidhmiúlachtaí a bheidh ag an tástáil ar a laghad, amhail tástáil ualaigh nó tástáil struis araon. D’fhéadfaí a áireamh ann freisin an fheidhmíocht a bheidh ag torthaí beartaithe na tástála, mar shampla an leibhéal cruinnis is gá a bheith ag na sonraí tástála a tháirgfear leis an tástáil.

(17) Trí chead a thabhairt do chonraitheoirí úinéireacht a maoine intleachtúla a choinneáil, mealltar níos mó tairiscintí agus tairiscintí de cháilíocht níos fearr i soláthairtí T&F agus sábháiltear costais chlárúcháin, chothabhála agus dlíthíochta maoine intleachtúla ceannaitheoirí poiblí. Cuireann sé ar a gcumas conraitheoirí freisin a dtorthaí T&F a thráchtálú agus táirgí agus seirbhísí forbartha a dhíol leis an margadh trí bharainneachtaí scála. Ba cheart do cheannaitheoirí poiblí a bheith in ann a saoirse a choinneáil chun oibriú agus cosc a chur ar ghaibhniú soláthróirí trí chearta iomchuí a fháil chun na torthaí T&F a úsáid dóibh féin agus dá gconraitheoirí eile. I gcás ina mainníonn conraitheoirí torthaí T&F a thráchtálú nó mí-úsáid a bhaint as torthaí T&F atá contrártha do leas an phobail, ba cheart do cheannaitheoirí poiblí a bheith in ann dul i muinín cheadúnú nó aistriú torthaí T&F conraitheoirí, ach níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais is infheidhme agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta eile maidir le maoin intleachtúil ionas nach mbainfear a gcearta maoine intleachtúla go míchuí de chonraitheoirí. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha comhchoiteanna a bhunú chun a spreagadh go ndéanfar na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann leis na torthaí agus leis na cearta maoine intleachtúla idir ceannaitheoirí poiblí agus conraitheoirí faoi dhálaí an mhargaidh a chomhroinnt i soláthar T&F. Ba cheart soláthairtí T&F nach soláthairtí réamhthráchtála iad a bheith in ann maolú ar chomhroinnt tairbhí-riosca faoi dhálaí an mhargaidh lena gcuirtear ar a gcumas do cheannaitheoirí poiblí úinéireacht a fháil ar chearta maoine intleachtúla arna nginiúint ag conraitheoirí, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina bhfuil leasanna poiblí sáraitheacha.

(18) Is gá soiléiriú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe a bhaineann le comhlíonadh conartha a bhfuil dlúthnasc acu leis an nós imeachta soláthair T&F féin, lena n-áirítear

íocaíochtaí, foirceannadh conarthaí, agus modhnuithe ar chonarthaí. Tá tábhacht le híocaíochtaí tráthúla agus úsáid iomchuí réamhíocaíochtaí chun tionchar diúltach ar leachtacht agus an chastacht a bhaineann le bainistiú airgeadais oibreoirí eacnamaíocha a íoslaghdú. Ba cheart oibleagáidí chun conarthaí leanúnacha a fhoirceannadh a shainiú chun sáruithe ar oibleagáidí an Chonartha nó ar fhorais eisiaimh a chosc. Chomh maith le leanúint de chead a thabhairt do cheannaitheoirí poiblí conarthaí soláthair T&F a mhodhnú le haghaidh cásanna dá ndéantar foráil ón tús, ba cheart a shoiléiriú conas is féidir conarthaí soláthair T&F a mhodhnú i ndálaí gan choinne. Leis na forálacha sin, ba cheart go mbeadh cur i bhfeidhm níos fearr i gceist i gcásanna lena dtugtar údar le modhnú gan nós imeachta soláthair T&F nua a sheoladh. Mar sin féin, níor cheart luach na modhnuithe i gcomparáid leis an gconradh soláthair bunaidh T&F a mheas ach mar thairseach d'fhoilsiú *ex ante* agus d'athbhreithniú féideartha chun dul i ngleic le mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann.

(19) Is gá deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar maidir leis an gcaoi ar féidir le ceannaitheoirí poiblí innealtóireacht luacha a dhéanamh i gceart i soláthar T&F, ós rud é go ngineann sé sin coigilteas nach beag costais agus feabhsuithe cáilíochta do cheannaitheoirí poiblí[16] trí sholúbthacht a chur ar fáil chun conarthaí soláthair T&F a mhodhnú chun nuálaíochtaí a thagann chun cinn le linn chomhlíonadh an chonartha a ionchorprú. Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha comhchoiteanna a bhunú chun úsáid na hinnealtóireachta luacha a chothú i soláthar T&F, go háirithe i gconarthaí soláthair T&F ardluacha ina bhféadfaí an tionchar ba mhó a imirt ar chostais nó ar fheabhsuithe cáilíochta.

(20) Le hilfhoinsiú i soláthar T&F, éascaítear iontráil sa mhargadh d'iontrálaithe nua agus cuirtear ar a gcumas do cheannaitheoirí poiblí costais T&F agus na torthaí atá beartaithe dó a laghdú trí iomaíocht a thabhairt isteach san fhorbairt ('Forbairt iomaíoch'). Cuidíonn sé freisin le ceannaitheoirí poiblí slabhra soláthair iomaíoch a choinneáil tar éis soláthair T&F agus róspleáchas ar oibreoirí eacnamaíocha aonair a laghdú. Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le hilfhoinsiú sa soláthar T&F. A mhéid a bhaineann le soláthairtí T&F nach soláthairtí réamhthráchtála iad, ba cheart do cheannaitheoirí poiblí a bheith in ann maolú ar ilfhoinsiú a úsáid, i gcásanna ina bhfuil údar cuí leo ina bhfuil leasanna poiblí sáraitheacha.

(21) Trí fhorbairt iomaíoch a eagrú i gcéimeanna, cuirtear ar a gcumas do cheannaitheoirí poiblí freisin an líon conraitheoirí a laghdú tar éis gach céime T&F, rud a laghdaíonn na rioscaí T&F agus infheistíochta do cheannaitheoirí poiblí. Le cur chuige céimnithe, cuirtear ar a gcumas do chonraitheoirí a ngnó a fhás de réir mar a théann cúraimí agus méideanna conarthaí i méid faoi chéimeanna T&F as a chéile , rud a éascaíonn iontráil sa mhargadh a thuilleadh d'fhiontair bheaga agus d'iontrálaithe nua. Is féidir le cur chuige céimnithe cuidiú freisin le feabhas a chur ar an tacaíocht do thaighde tionsclaíoch agus d'fhorbairt thurgnamhach, chun an bhearna leanúnach idir barr feabhais eolaíoch agus cur chun úsáide tionsclaíoch san Aontas a dhúnadh. Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le forbairt iomaíoch i gcéimeanna i soláthar T&F. A mhéid a bhaineann le soláthairtí T&F nach soláthairtí réamhthráchtála iad, ba cheart do cheannaitheoirí poiblí a bheith in ann maolú ar fhorbairt iomaíoch a úsáid i gcéimeanna, i gcásanna ina bhfuil údar cuí leo ina bhfuil leasanna poiblí sáraitheacha.

---

16 Independent expert report, 'Overcoming legal barriers for the uptake of innovation procurement in the EU' [Tuarascáil ó shaineolaithe neamhspleácha, 'Bacainní dlíthiúla a shárú maidir le glacadh soláthair nuálaíochta san Aontas], Bealtaine 2026, https://data.europa.eu/doi/10.2777/4586624

(22) Is féidir le cosaint neamhleor ar fhaisnéis rúnda agus ar shonraí pearsanta i soláthar T&F dochar a dhéanamh d'fhás gnó an chonraitheora, do shábháilteacht seirbhísí poiblí agus do chearta bunúsacha tríú páirtithe a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí T&F. Dá bhrí sin, níor cheart do cheannaitheoirí poiblí ná do chonraitheoirí faisnéis rúnda a sholáthraítear dóibh i gcomhthéacs soláthar T&F a nochtadh. Chun ardleibhéal comhsheasmhach cosanta a áirithiú do dhaoine nádúrtha, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí freisin srian a chur le logánú na sonraí pearsanta a phróiseáiltear i soláthairtí T&F chuig an Aontas, agus leis an rochtain orthu, i gcomhréir le teorainneacha ar aistriú sonraí pearsanta lasmuigh den Aontas a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] agus i dTreoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[18]

(23) D'fhéadfadh ceisteanna slándála agus sábháilteachta poiblí teacht chun cinn i raon leathan nósanna imeachta soláthair T&F, lena n-áirítear nósanna imeachta soláthair in earnálacha seachas an earnáil cosanta agus an earnáil slándála íogaire. Ba cheart rialacha comhchoiteanna a bhunú do cheannaitheoirí poiblí faoi mheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí sin agus aghaidh a thabhairt orthu i dtaobh dearadh agus reáchtáil nósanna imeachta soláthair T&F agus i dtaobh comhlíonadh conartha.

(24) Tá méadú ar an spéis atá ag ceannaitheoirí poiblí i mBallstáit éagsúla comhoibriú chun a nósanna imeachta soláthair T&F a eagrú. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le soláthar comhpháirteach chun na bacainní atá roimh cheannaitheoirí poiblí sa lá atá inniu ann a shárú mar gheall ar rialacha náisiúnta ilroinnte chun soláthar T&F a eagrú i gcomhar le chéile, bíodh sin trí chomhlachtaí lárnacha ceannaigh nó trí sholáthar comhpháirteach, lena n-áirítear thar theorainneacha. Tá méadú ar an spéis atá ag ceannaitheoirí poiblí sna Ballstáit freisin comhoibriú le heintitis an Aontais maidir le soláthar T&F. Ós rud é go bhfuil go leor de na forálacha nua sa Rialachán seo úsáideach freisin d'eintitis de chuid an Aontais ach nach bhfuil eintitis de chuid an Aontais faoi réir an Rialacháin seo, beidh sé d'aidhm le hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar Rialachán Airgeadais an Aontais feabhas a chur ar na forálacha lena gcuirfear ar a gcumas d'institiúidí, do chomhlachtaí nó do ghníomhaireachtaí an Aontais soláthar T&F a dhéanamh, lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála, dóibh féin, i gcomhpháirt le heintitis eile de chuid an Aontais nó thar a gceann agus i gcomhpháirt le ceannaitheoirí poiblí sna Ballstáit nó thar a gceann.

(25) Bíonn deacrachtaí ag oibreoirí eacnamaíocha sócmhainní maoine intleachtúla a ghiaráil chun maoiniú fáis a fháil mar gheall ar easpa cur chuige comhsheasmhach iontaofa maidir le luacháil sócmhainní doláimhsithe, margaí tánaisteacha struchtúrtha le haghaidh sócmhainní doláimhsithe agus scileanna maidir le maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil. Dá bhrí sin, ba cheart Lárionad Inniúlachta a bhunú laistigh d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ('an Oifig') chun tacú le maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil agus tráchtálú maoine intleachtúla chun creat deonach

---

17 Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lgh 1–88, https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj/eng.

18 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj)..

de chuid an Aontais a fhorbairt maidir le cearta maoine intleachtúla a luacháil agus a nochtadh, chun ardán meaitseála digití[19] ilteangach uile-Aontais a chur ar bun agus a choinneáil ar bun lena n-éascaítear idirbhearta maoine intleachtúla trédhearcacha éifeachtúla idir infheisteoirí agus sealbhóirí maoine intleachtúla, agus chun tacú leis an bpobal airgeadais ionstraimí airgeadais a dhearadh agus a chur chun feidhme atá saincheaptha do shócmhainní maoine intleachtúla trí thacaíocht chomhairleach, seirbhísí deisce cabhrach agus cláir forbartha scileanna. Ba cheart rochtain ar na seirbhísí arna soláthar ag an Lárionad Inniúlachta a bheith deonach. Ba cheart don Lárionad Inniúlachta, i gcás inar féidir, úsáid a bhaint as Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa agus é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha idirghníomhíocht iomlán digiteach, slán agus éifeachtúil a dhéanamh trí bhíthin Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, nó trí mhodhanna leictreonacha malartacha a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo agus a bheidh idir-inoibritheach le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, agus ar an gcaoi sin nósanna imeachta lándigiteacha a chumasú.

(26) Ba cheart don Oifig a bheith in ann muirir a thobhach ar sheirbhísí sonracha arna soláthar tríd an Lárionad Inniúlachta chun tairbhe aonair úsáideoirí, i gcomhréir le hAirteagal 178 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20]. Ba cheart na muirir sin a bheith trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus iad a bheith teoranta do chostas na seirbhíse arna soláthar. Ba cheart seirbhísí áirithe, lena n-áirítear rochtain ar an gcreat luachála deonach agus rochtain bhunúsach ar an ardán digiteach meaitseála agus ar an deasc chabhrach ar leibhéal an Aontais, a bheith saor in aisce i gcónaí.

(27) Chun úsáid éifeachtach a bhaint as creat luachála deonach an Aontais, tá gá le measúnuithe ó ghairmithe atá cáilithe, neamhspleách agus iontaofa. Dá bhrí sin, ba cheart don Oifig scéim deimhniúcháin de chuid an Aontais a bhunú agus a riar le haghaidh luachálaithe sócmhainní maoine intleachtúla.

(28) Leis an easpa faisnéis inrochtana, chomhsheasmhach ar fud an Aontais maidir le hidirbhearta ina n-úsáidtear cearta maoine intleachtúla mar chomhthaobhacht, cuirtear bac ar cheapadh beartas fianaisebhunaithe agus ar fhorbairt réiteach airgeadais nua. Chuige sin, ba cheart don Oifig, tríd an Lárionad Inniúlachta, oibriú i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha poiblí agus príobháideacha chun sonraí uile-Aontais maidir le hidirbhearta a bhfuil maoin intleachtúil ina comhthaobhacht acu a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, agus coimircí iomchuí do rúin trádála agus do shonraí pearsanta á n-áirithiú an tráth céanna.

(29) Ba cheart tuairisc a thabhairt ar na cúraimí a chuirtear ar an Oifig leis an Rialachán seo i roinn ar leithligh dá clár straitéiseach ilbhliantúil agus dá clár oibre bliantúil, ina leagfar amach na cuspóirí, na gníomhaíochtaí, na torthaí a bhfuil coinne leo, na táscairí feidhmíochta agus na hacmhainní measta ábhartha. Ba cheart measúnú comhfhreagrach ar an gcur chun feidhme, ar na hacmhainní a úsáidtear agus ar an ioncam ó mhuirir a bheith sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí.

---

19 Beidh roghanna straitéiseacha forbartha agus soláthair TF faoi réir réamhcheadú ó Bhord an Choimisiúin Eorpaigh um an Teicneolaíocht Faisnéise agus an Chibearshlándáil.

20 Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh (IO L 154, 16.6.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1001/oj).

(30) Le Rialachán (AE) 2017/1001, bunaítear an Oifig agus leagtar síos a cúraimí. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán sin a leasú chun teacht leis na cúraimí nua a chuirtear ar an Oifig.

(31) Chun forbairt theicneolaíoch a chur san áireamh agus chun creat éifeachtúil beart a choinneáil ar bun chun an t-éiceachóras nuálaíochta a neartú ar leibhéal an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an méid seo a leanas: an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thairiscintí de thionscnamh tríú tír a eisiamh, ar tairiscintí iad nár sholáthair cóir náisiúnta a bhaineann le hoibreoirí eacnamaíocha an Aontais i soláthar T&F, rud atá contrártha lena gealltanais maidir le soláthar poiblí i gcomhaontú idirnáisiúnta leis an Aontas; trí leasú a dhéanamh ar liosta na gcásanna inar féidir le ceannaitheoirí poiblí cinneadh a dhéanamh gan comhroinnt tairbhí-riosca a chur i bhfeidhm, gan ilfhoinsiú a chur i bhfeidhm nó gan forbairt iomaíoch a chur i bhfeidhm i gcéimeanna, forlíontar an Rialachán seo trí shonraíochtaí teicniúla éigeantacha, critéir roghnúcháin, critéir dhámhachtana nó clásail comhlíonta conartha a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar leas slándála agus sábháilteachta poiblí sonrach sainaitheanta de chuid an Aontais maidir le catagóirí sonracha seirbhísí soláthair T&F nó ar na torthaí atá beartaithe dóibh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[21]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart go bhfaigheadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(32) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh do chur i bhfeidhm aonfhoirmeach chreat deonach an Aontais maidir le cearta maoine intleachtúla a luacháil agus a nochtadh; caighdeáin theicniúla choiteanna, ceanglais idir-inoibritheachta agus sonraíochtaí oibríochtúla ardáin dhigitigh meaitseála a ghlacadh; agus coinníollacha mionsonraithe chun scéim deimhniúcháin na luachálaithe maoine intleachtúla a chur chun feidhme. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(33) I gcás ina ndéanfar na cumhachtaí chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean don Choimisiún faoin Rialachán seo, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal saineolaithe, agus go reáchtálfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart go bhfaigheadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba

[21] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(34) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ina theannta sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(35) Níor cheart an Rialachán seo difear a dhéanamh do chur chun feidhme Státchabhrach agus rialacha iomaíochta, go háirithe Airteagail 101, 102 agus 107 den Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, níor cheart iad a úsáid chun an iomaíocht a shrianadh ná a shaobhadh ar bhealach a bheadh ar neamhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil 1
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchoiteanna maidir le soláthar seirbhísí taighde agus forbartha (‘soláthar T&F’) a dhéanamh, lena n-áirítear creat comhchuibhithe de chuid an Aontais le haghaidh soláthar comhpháirteach T&F.

Bunaítear leis an Rialachán seo freisin Lárionad Inniúlachta in Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh agus leagtar síos leis cúraimí Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh i ndáil le maoiniú ar bhonn taca maoine intleachtúla agus tráchtálú maoine intleachtúla.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Faoi réir mhír 3, tá feidhm ag Caibidil 2 den Rialachán seo maidir le soláthar seirbhísí taighde agus forbartha ag ceannaitheoirí poiblí a bhfuil luach acu atá glan ó cháin bhreisluacha (CBL) a mheastar a bheith cothrom leis an méid a leagtar amach in Airteagal 4(c) de Threoir 2014/24/AE nó níos mó ná an méid sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, agus faoi réir mhír 3, tá feidhm ag Caibidil 2 den Rialachán seo maidir le soláthar seirbhísí taighde agus forbartha ag ceannaitheoirí poiblí, ar gníomhaireachtaí nuálaíochta iad, a bhfuil luach acu atá glan ó cháin bhreisluacha (CBL) a mheastar a bheith cothrom leis an méid a leagtar amach in Airteagal 15(a) de Threoir 2014/25/AE nó níos mó ná an méid sin, ar choinníoll:

   (a) go ngníomhaíonn an ghníomhaireacht nuálaíochta ar a sainordú féin agus ní thar ceann ceannaitheoir poiblí eile agus é sin amháin;

   (b) go n-urramaíonn an soláthar seirbhísí taighde agus forbartha prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne.

3. Níl feidhm ag Caibidil 2 den Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) soláthar poiblí a thagann faoi raon feidhme Threoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE;

(b) soláthar poiblí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/81/CE;

(c) soláthar poiblí a eisiatar ó Threoir 2009/81/CE de bhua fhorálacha na Treorach sin.

4. Tá feidhm ag Caibidil 3 maidir le hOifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) **ciallaíonn 'soláthar seirbhísí taighde agus forbartha ('soláthar T&F')** soláthar taighde bhunúsaigh, taighde thionsclaíoch agus forbartha turgnamhaí chomh fada leis an bhforbairt bhunaidh, sna cásanna seo a leanas:

(a) go bhféadfar a áireamh le forbairt bhunaidh an chéad táirge, seirbhíse nó oibre, táirgeadh nó soláthar teoranta chun torthaí tástála allamuigh a chur san áireamh agus chun a léiriú go bhfuil an táirge, an tseirbhís nó an obair lena mbaineann oiriúnach i gcomhair táirgeadh nó soláthar i gcainníocht atá i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta inghlactha, ach ní áireofar léi táirgeadh ná soláthar cainníochta chun inmharthanacht tráchtála a shuí ná chun costais taighde agus forbartha a aisghabháil.

(b) go bhféadfar a áireamh le soláthar seirbhísí taighde agus forbartha úinéireacht a fháil ar fhréamhshamhlacha nó ar na chéad táirgí, seirbhísí nó oibreacha a fhorbraítear arna iarraidh sin don cheannaitheoir poiblí le linn conradh soláthair T&F ar leith agus le haghaidh an chonartha sin, ach ní áireofar leis cur chun úsáide tráchtála táirgí, seirbhísí nó oibreacha deiridh;

(2) ciallaíonn '**soláthar réamhthráchtála'** soláthar seirbhísí taighde agus forbartha lena mbaineann comhroinnt riosca is tairbhe faoi dhálaí an mhargaidh, agus forbairt iomaíoch i gcéimeanna.

(3) ciallaíonn **'ceannaitheoir poiblí'** údarás conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 6(1) de Threoir 2014/23/AE, in Airteagal 2(1), pointe (1), de Threoir 2014/24/AE, in Airteagal 3(1) de Threoir 2014/25/AE, nó eintiteas conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 7(1) de Threoir 2014/23/AE agus de réir bhrí Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2014/25;

(4) ciallaíonn **'gníomhaireacht nuálaíochta'** sainghníomhaireacht arb é a príomhchúram reachtúil taighde agus forbairt a mhaoiniú nó a sholáthar;

(5) Ciallaíonn **'conradh soláthair T&F'** conradh arna thabhairt i gcrích i scríbhinn idir oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó agus ceannaitheoir poiblí amháin nó níos mó agus arb é is ábhar dó soláthar seirbhísí taighde agus forbartha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo;

(6) ciallaíonn **'tairgeoir'** oibreoir eacnamaíoch a bhfuil tairiscint curtha isteach aige;

(7) ciallaíonn **'conraitheoir'** oibreoir eacnamaíoch ar dámhadh conradh soláthair T&F air;

(8) Ciallaíonn ‘**cóid CPV le haghaidh seirbhísí taighde agus forbartha’** na cóid faoi Rannán 73 den Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 213/2008 ón gCoimisiún.[22]

(9) ciallaíonn **‘oibreoir eacnamaíoch’** aon duine nádúrtha nó dlítheanach, nó eintiteas poiblí nó grúpa daoine agus/nó eintiteas den sórt sin, lena n-áirítear aon chomhlachas sealadach gnóthas, a thairgeann oibreacha agus/nó obair a dhéanamh, táirgí a sholáthar nó seirbhísí a sholáthar ar an margadh;

(10) ciallaíonn **‘doiciméad soláthair’** aon doiciméad arna chur ar fáil ag an gceannaitheoir poiblí nó dá ndearna sé tagairt chun tuairisc a dhéanamh ar ghnéithe den soláthar nó den nós imeachta nó chun iad a chinneadh, lena n-áirítear an fógra conartha, an fógra réamhfhaisnéise i gcás ina n-úsáidtear é mar mhodh chun iomaíocht a ghairm, na sonraíochtaí teicniúla, an doiciméad tuairisciúil, na coinníollacha conartha atá beartaithe, formáidí chun doiciméid a chur i láthair ag tairgeoirí, faisnéis faoi oibleagáidí is infheidhme go ginearálta agus aon doiciméad breise;

(11) ciallaíonn **‘ilfhoinsiú’** soláthar trína ndámhann ceannaitheoir poiblí amháin nó níos mó conarthaí soláthair iomadúla i gcomhthráth le hoibreoirí eacnamaíocha iomadúla agus trína gcuireann siad de chúram orthu seirbhísí, soláthairtí nó oibreacha comhionanna nó neas-chomhionanna a dhéanamh, atá le déanamh i gcomhthráth;

(12) ciallaíonn **‘mion-neamhfhoirmiúlacht nó mion-neamhrialtacht tairisceana’** locht atá inaitheanta go hoibiachtúil ar thairiscint ar de chineál foirmiúil amháin é agus nach mbaineann le heilimint fhíor-riachtanach den tairiscint, nach mbíonn modhnú ar an tairiscint mar thoradh ar a cheartú nó a shoiléiriú, nach ionann a cheartú nó a shoiléiriú agus tairiscint nua a chur isteach, agus nach bhfuil ina thoradh ar a cheartú nó a shoiléiriú go saobhtar an iomaíocht nó go sáraítear prionsabail na córa comhionainne agus na trédhearcachta;

(13) ciallaíonn **‘nuálaíocht’** táirge, seirbhís, obair nó próiseas, modh margaíochta, nó modh eagraíochtúil nua nó ceann arna fheabhsú go mór a chur chun feidhme i gcleachtais ghnó, in eagrú ionaid oibre nó maidir le caidreamh seachtrach;

(14) ciallaíonn **‘FBM’** micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[23];

(15) ciallaíonn **‘gnólacht nuathionscanta nuálach’**, chun críocha an Ghnímh seo agus gan an sainmhíniú sin a dhéanamh ceangailteach chun críoch eile, fiontar a chomhlíonann na critéir maidir le gnólacht nuathionscanta nuálach a leagtar amach i bpointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2026/720 ón gCoimisiún[24];

---

[22] Rialachán (AE) Uimh. 213/2008 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2007 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV) agus Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí, a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar CPV (*IO L* 74, 15.3.2008, *lch*. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/213/oj).

[23] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

[24] Moladh (AE) 2026/720 ón gCoimisiún an 18 Márta 2026 maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú, (IO L, 2026/720, 24.03.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2026/720/oj).

(16) ciallaíonn **‘méadú nuálach’**, chun críocha an Achta seo agus gan an sainmhíniú sin a dhéanamh ceangailteach chun críoch eile, fiontar a chomhlíonann na critéir maidir le méadú nuálach a leagtar amach i bpointe 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2026/720 ón gCoimisiún;

(17) ciallaíonn **‘fiontar nuálach’**, chun críocha an Achta seo agus gan an sainmhíniú sin a dhéanamh ceangailteach chun críoch eile, fiontar a chomhlíonann na critéir maidir le fiontar nuálach a leagtar amach i bpointe 2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2026/720 ón gCoimisiún;

(18) ciallaíonn **‘staid éigeandála’** mórshuaitheadh tobann gan choinne ar oibríochtaí eacnamaíocha, lena mbaineann ganntanais táirgí, oibreacha nó seirbhísí criticiúla, luaineacht an-mhór praghsanna, nó cliseadh ar an slabhra soláthair ar gá gníomhaíocht láithreach a dhéanamh ina leith chun tuilleadh díobhála don gheilleagar, do ghnólachtaí nó do thomhaltóirí san Aontas a chosc;

(19) ciallaíonn **‘ceanglas feidhmiúil’** ceanglas lena dtugtar tuairisc ar na feidhmeanna atá le déanamh, gan na modhanna teicniúla, an dearadh, an réiteach ná na modhanna sonracha trína mbainfear na feidhmeanna sin amach a fhorordú;

(20) ciallaíonn **‘ceanglas feidhmíochta’** ceanglas lena sainítear an fheidhmíocht nó na torthaí atá le baint amach, lena n-áirítear critéir chun comhlíonadh a fhíorú, gan na modhanna teicniúla sonracha, an dearadh, an réiteach ná na modhanna a fhorordú trína mbainfear na torthaí sin amach;

(21) ciallaíonn **‘ceanglas dearaidh’** ceanglas lena sainítear go mionsonraithe saintréithe teicniúla lena bhforordaítear an chaoi a ndearfar na táirgí, na seirbhísí nó na hoibreacha a fhorbraítear arna iarraidh sin don cheannaitheoir poiblí le linn conradh soláthair T&F ar leith agus le haghaidh an chonartha sin, lena n-áirítear ábhair, toisí, agus réitigh, modhanna nó próisis atá le húsáid;

(22) ciallaíonn **‘torthaí’** aon torthaí inláimhsithe nó doláimhsithe ar ghníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta, amhail sonraí, eolas nó fios gnó, is cuma cén fhoirm nó cineál é agus is cuma an féidir é a chosaint nó nach féidir, mar aon le haon chearta a ghabhann leis na torthaí sin, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla, a ghintear, go hiomlán nó go páirteach, trí ghníomhaíochtaí a dhéantar faoin gconradh soláthair T&F;

(23) ciallaíonn **‘innealtóireacht luacha’** teicníc a úsáideann ceannaitheoirí poiblí chun ceanglas a fhorchur ar chonraitheoirí nó chun ligean dóibh nuálaíocht a dhéanamh le linn fheidhmiú conartha soláthair T&F chun luach breise a chruthú don cheannaitheoir poiblí lena bhfeabhsaítear feidhmíocht, cáilíocht, costas nó saintréithe na seirbhísí taighde agus forbartha arna ndámhachtain agus aon fhréamhshamhlacha, céad táirgí, seirbhísí nó oibreacha arna bhforbairt le haghaidh conradh soláthair T&F ar leith nó lena linn, agus chun aon choigilteas comhaontaithe a chomhroinnt idir an ceannaitheoir poiblí agus an conraitheoir;

(24) ciallaíonn **‘togra maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha’** togra arna chur isteach ag conraitheoirí le linn fheidhmiú an chonartha soláthair T&F chun feabhas a chur ar na seirbhísí taighde agus forbartha arna ndámhachtain agus ar aon fhréamhshamhlacha, céad earraí, céad seirbhísí nó céad oibreacha arna bhforbairt faoi chonradh soláthair T&F ar leith nó lena linn nó cinn eile ina n-ionchorpraítear dul chun cinn teicneolaíoch nó nuálaíochtaí a chur in ionad na seirbhísí taighde agus forbartha sin, agus a bhféadfadh a bheith i gceist leis comhpháirtí cuibhreannais nó

fochonraitheoir a ionadú nó comhpháirtí cuibhreannais nó fochonraitheoir nua a chur leis;

(25) ciallaíonn **‘clásal innealtóireachta luacha’** clásal conartha i gconradh soláthair T&F lena sainítear cearta agus oibleagáidí an cheannaitheora, na gconraitheoirí agus na bhfochonraitheoirí maidir leis an gcaoi a gcuirfear innealtóireacht luacha i bhfeidhm faoin gconradh sin;

(26) ciallaíonn **‘teicneolaíochtaí criticiúla’** na teicneolaíochtaí sna réimsí teicneolaíochta criticiúla a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2023/2113 ón gCoimisiún[25];

(27) ciallaíonn **‘amhábhar criticiúil’** amhábhar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26];

(28) ciallaíonn **‘eintitis phoiblí agus phríobháideacha i réimsí an airgeadais agus an árachais’** údaráis phoiblí, comhlachtaí earnála poiblí, gnóthais phoiblí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile atá gníomhach i soláthar, maoiniú, rialáil, maoirseacht nó idirghabháil seirbhísí airgeadais, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (120 de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27].

Caibidil 2
SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ TAIGHDE AGUS FORBARTHA

ROINN 1
NÓS IMEACHTA SOLÁTHAIR T&F AGUS COMHLÍONADH CONARTHA

Airteagal 4

Prionsabail Ghinearálta

1. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí soláthair T&F i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Ní rachaidh ceannaitheoirí poiblí ná oibreoirí eacnamaíocha timpeall ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo ná ní fhéachfaidh siad le dul timpeall orthu.

2. Is go cothrom agus gan idirdhealú a chaithfidh ceannaitheoirí poiblí le hoibreoirí eacnamaíocha agus gníomhóidh siad ar bhealach trédhearcach, comhréireach. Ní cheapfar an soláthar T&F agus é ina aidhm é a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo ná an iomaíocht a chúngú go saorga. Measfar an iomaíocht a bheith cúngaithe go

---

25 Moladh (AE) 2023/2113 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit (IO L, 2023/2113, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2023/2113/oj)

26 Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj)

27 Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/83/oj)

saorga i gcás ina ndéanfar an soláthar T&F a dhearadh d'fhonn buntáiste míchuí a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha áirithe nó iad a chur faoi mhíbhuntáiste go míchuí.

3. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí na doiciméid soláthair a tharraingt suas agus soláthar T&F a dhéanamh, lena n-áirítear an comhairliúchán margaidh, na gníomhaíochtaí comhlíonta conartha agus tairisceana, in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais agus féadfaidh siad ligean d'oibreoirí eacnamaíocha aiseolas, tairiscintí, táirgí insoláthartha agus aon mhalartú cumarsáide eile a chur isteach le linn an tsoláthair in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais.

4. Áiritheoidh ceannaitheoirí poiblí trí mheán leictreonach go mbeidh rochtain dhíreach neamhshrianta agus iomlán saor in aisce ag oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil rochtain acu ar an nós imeachta soláthair ar aon chumarsáid leictreonach agus ar na doiciméid soláthair, lena n-áirítear doiciméid arna n-ullmhú ag ceannaitheoirí poiblí le haghaidh comhairliúchán margaidh, go dtí 3 bliana tar éis dhámhachtain an chonartha soláthair T&F. Más rud é nach féidir rochtain trí mheán leictreonach a chur ar fáil i gcás codanna áirithe de na doiciméid sin, léireoidh ceannaitheoirí poiblí conas a chuirfear na codanna sin de na doiciméid ar fáil trí mheán nach meán leictreonach é. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí an chumarsáid uile maidir le soláthar T&F, i gcás inar féidir, trí Thiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa nó trí mhodhanna leictreonacha malartacha a bheidh idir-inoibritheach leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa.

5. I nósanna imeachta soláthair T&F a éilíonn foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, úsáidfidh ceannaitheoirí poiblí na foirmeacha caighdeánacha is infheidhme le haghaidh fógraí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 ón gCoimisiún[28].

6. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí bearta iomchuí chun a áirithiú, i bhfeidhmiú conarthaí soláthair T&F, go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha na hoibleagáidí is infheidhme a bhaineann le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a leagtar amach sa dara fomhír den mhír seo, mar a bhunaítear le dlí an Aontais, leis an dlí náisiúnta, nó le comhaontuithe comhchoiteanna agus leis an dlí idirnáisiúnta comhshaoil, sóisialta agus saothair.

   I gcásanna inarb ann d'oibleagáidí dá dtagraítear i bhfomhír 1, déanfaidh ceannaitheoirí poiblí a soláthar T&F a dhearadh agus a fhorghníomhú ar bhealach ina gcuirfear tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais san áireamh, go háirithe:

   (a) borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais trí mhargadh inmheánach rathúil, an bhearna nuálaíochta a dhúnadh agus bonn monaraíochta agus tionsclaíoch an Aontais a threisiú;

   (b) cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach;

   (c) sochaí chothrom chuimsitheach a shaothrú;

   (d) sábháilteacht eacnamaíoch, slándáil, athléimneacht agus slándáil eacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear trí neamhspleáchas straitéiseach.

[28] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2019 lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha maidir le foilsiú fógraí i réimse an tsoláthair phoiblí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 (eForms) (IO L 272, 25.10.2019, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1780/oj).

Airteagal 5

Oibreoirí eacnamaíocha

1. Ní leagfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglas síos go mbeidh ar oibreoirí eacnamaíocha foirm dhlíthiúil shonrach a bheith acu chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta soláthair T&F.

2. Oibreoirí eacnamaíocha atá i dteideal, faoi dhlí an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe, na seirbhísí ábhartha T&F a sholáthar, ní dhiúltófar dóibh ar an bhforas amháin, faoi dhlí an Bhallstáit ina ndámhfar an conradh, go mbeadh ceanglas ann go mbeadh an t-an oibreoir eacnamaíoch ina dhuine nádúrtha nó dlítheanach.

3. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí, i gcás seirbhísí T&F, oibreacha nó oibríochtaí láithreánaithe agus suiteála, ceanglas a leagan síos go mbeadh ar dhaoine dlítheanacha ainmneacha agus cáilíochtaí ábhartha na foirne atá freagrach as comhlíonadh an chonartha atá i gceist a chur in iúl sula gcuirfear tús le cur i gcrích na gcúraimí lena mbaineann.

Airteagal 6

Grúpaí oibreoirí eacnamaíocha

4. Ní shaineoidh ceannaitheoirí poiblí critéir roghnúcháin de bhun Airteagal 15 le haghaidh grúpaí oibreoirí eacnamaíocha atá éagsúil leis na critéir le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha aonair mura leagtar a mhalairt síos san Airteagal seo.

   Measfar go gcomhlíonann grúpaí oibreoirí eacnamaíocha critéar roghnúcháin sna cásanna seo a leanas:

   (a) tá an cumas teicniúil agus gairmiúil is gá nó an seasamh eacnamaíoch agus airgeadais is gá ag oibreoir eacnamaíoch amháin sa ghrúpa; nó,

   (b) i gcás inar féidir an cumas nó an seasamh sin a bhunú tríd an gcumas teicniúil agus gairmiúil ábhartha nó an seasamh eacnamaíoch agus airgeadais ábhartha ó bheirt chomhaltaí nó ó roinnt comhaltaí den ghrúpa a chomhcheangal, ach amháin mura mbainfidh an meascán sin an leibhéal céanna cumais nó seasaimh amach.

5. Nuair atá údar cuí leis de bharr chineál an chonartha agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí

   (a) maolú ar mhír 1, an dara fomhír, pointe (a) nó (b) le haghaidh critéir roghnúcháin atá ábhartha maidir le cúraimí criticiúla áirithe;

   (b) ceanglas a leagan síos go ndéanfaidh an ball den ghrúpa a chomhlíonann an critéar roghnúcháin atá ábhartha don chúram sin cúraimí criticiúla áirithe go díreach.

   Sainaithneoidh na ceannaitheoirí poiblí na cúraimí criticiúla agus na ceanglais ghaolmhara, agus léireoidh siad iad go soiléir, mar aon leis an údar atá leo, sna doiciméid soláthair.

6. Ní fhéadfaidh na coinníollacha maidir le comhlíonadh an chonartha soláthair T&F ag grúpaí a bheith éagsúil leis na coinníollacha a fhorchuirtear ar oibreoirí eacnamaíocha aonair, ach amháin i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin ar chúiseanna oibiachtúla atá comhréireach agus a léirítear go soiléir sna doiciméid soláthair.

7. Gan dochar d'inniúlacht na mBallstát a gcórais slándála sóisialta a eagrú, ní chuirfidh ceannaitheoirí poiblí de cheanglas ar ghrúpaí oibreoirí eacnamaíocha foirm dhlíthiúil shonrach a ghlacadh nuair a bhronnfar an conradh soláthair T&F orthu.

8. Tabharfaidh ceannaitheoirí poiblí aird ar leith gan bacainní gan údar nó díréireacha a chruthú a bhaineann le méid na n-oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach i ngrúpa, go háirithe i gcás FBManna, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú.

Airteagal 7

Dul i muinín acmhainneacht eintiteas eile

1. Maidir leis na critéir roghnúcháin a leagtar amach de bhun Airteagal 15, féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha brath ar acmhainneachtaí eintiteas eile, beag beann ar chineál dlíthiúil na nasc atá acu leo.

2. Fíoróidh an ceannaitheoir poiblí cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na heintitis a bhfuil sé beartaithe ag an oibreoir eacnamaíoch brath ar a n-acmhainneacht na critéir roghnúcháin ábhartha agus cé acu atá nó nach bhfuil forais ann lena n-eisiamh.

3. Leagfaidh an ceannaitheoir poiblí ceanglas síos go mbeidh ar an oibreoir eacnamaíoch eintiteas eile a chur in ionad eintiteas nach gcomhlíonann na critéir roghnúcháin ábhartha, nó eintiteas a bhfuil forais eisiaimh éigeantacha ann ina leith. Féadfaidh an ceannaitheoir poiblí ceanglas a leagan síos go mbeidh ar an oibreoir eacnamaíoch eintiteas eile a chur in ionad eintiteas a bhfuil forais eisiaimh roghnacha ann ina leith.

4. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí a iarraidh sna doiciméid soláthair go gcruthóidh an t-oibreoir eacnamaíoch go mbeidh fáil aige, le linn thréimhse forghníomhúcháin an chonartha soláthair T&F, ar acmhainní ábhartha an entitis a bhfuil sé beartaithe aige brath air, mar shampla, trí ráiteas chuige sin ó na heintitis sin.

5. I gcás ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch ag brath ar acmhainneachtaí eintiteas eile maidir le critéir a bhaineann le seasamh eacnamaíoch agus airgeadais, féadfaidh an ceannaitheoir poiblí ceanglas a leagan síos go mbeidh an t-oibreoir eacnamaíoch agus na heintitis sin faoi dhliteanas comhpháirteach i leith an cheannaitheora phoiblí as forghníomhú an chonartha soláthair T&F.

6. I gcás ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch ag brath ar acmhainneachtaí eintiteas eile chun cumas teicniúil agus gairmiúil a chruthú, féadfaidh an ceannaitheoir poiblí ceanglas a leagan síos sna doiciméid soláthair go ndéanfaidh an t-eintiteas eile sin na hoibreacha nó na seirbhísí a bhfuil gá leis na hacmhainneachtaí sin lena n-aghaidh.

Airteagal 8

Fochonraitheoireacht

1. Féadfar codanna de chonradh soláthair T&F a ligean ar fochonradh. Ní ligfear conradh soláthair T&F arna dhámhachtain d'oibreoir eacnamaíoch ar fochonradh ina iomláine, ná ní féidir fochonradh a ligean ar fochonradh ina iomláine.

2. Leagfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglas síos go mbeidh ar oibreoirí eacnamaíocha aon sciar den chonradh soláthair T&F a bheartaíonn siad a ligean ar fochonradh le tríú páirtithe, agus aon fhochonraitheoir beartaithe, a chur in iúl ina dtairiscint.

Leagfaidh na ceannaitheoirí poiblí ceanglas síos go mbeidh ar an bpríomhchonraitheoir iad a chur ar an eolas tar éis dhámhachtain an chonartha agus sula gcuirtear tús le feidhmíocht chonartha na gcúraimí agus na ngníomhaíochtaí a bheartaíonn sé a ligean ar fochonradh. Leagfaidh na ceannaitheoirí poiblí ceanglas síos freisin go gcuirfear eolas ar fáil dóibh faoi chéannacht fochonraitheoirí. Leagfaidh an ceannaitheoir poiblí ceanglas síos go dtabharfaidh an príomhchonraitheoir fógra don cheannaitheoir poiblí a luaithe is féidir faoi aon athruithe ar an bhfaisnéis sin le linn an chonartha soláthair T&F.

3. Leagfaidh an ceannaitheoir poiblí ceanglas síos go mbeidh ar an oibreoir eacnamaíoch fochonraitheoir eile a chur in ionad fochonraitheora a bhfuil forais eisiaimh éigeantacha ann ina leith de bhun Airteagal 13. Féadfaidh an ceannaitheoir poiblí ceanglas a leagan síos go mbeidh ar an oibreoir eacnamaíoch fochonraitheoir eile a chur in ionad fochonraitheora a bhfuil forais eisiaimh roghnacha ann ina leith de bhun Airteagal 14.

4. Nuair atá údar leis mar gheall ar chineál an chonartha soláthair T&F agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglas a leagan síos go ndéanfaidh an príomhchonraitheoir cúraimí criticiúla áirithe go díreach. Sainaithneoidh na ceannaitheoirí poiblí na cúraimí criticiúla agus na ceanglais ghaolmhara, agus léireoidh siad iad go soiléir, mar aon leis an údar atá leo, sna doiciméid soláthair.

5. Beidh an fhochonraitheoireacht faoi fhorálacha san Airteagal seo gan dochar do dhliteanas an phríomhchonraitheora.

6. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla, ag gníomhú dóibh laistigh de raon feidhme a bhfreagrachta agus a sainchúraim, gníomhaíocht iomchuí chun a áirithiú go bhfuil na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(6) á gcomhlíonadh ag na fochonraitheoirí. Féadfaidh na Ballstáit bearta comhréireacha breise a ghlacadh nó a choinneáil lena gcuirtear srian leis an bhfochonraitheoireacht, i gcás ina bhfuil sé sainaitheanta acu go bhfuil riosca cuí-réasúnaithe níos airde de neamhchomhlíonadh oibleagáidí maidir leis an dlí sóisialta agus saothair.

Airteagal 9

Comhairliúchán margaidh

1. Sula seolfar an glao soláthair T&F ar thairiscintí dá dtagraítear in Airteagal 23, déanfaidh ceannaitheoirí poiblí comhairliúchán margaidh chun oibreoirí eacnamaíocha a chur ar an eolas faoin nglao ar thairiscintí T&F atá ar na bacáin, agus chun eolas margaidh a fháil, lena n-áirítear faoi infhaighteacht réiteach nuálach, nó faoin bhféidearthacht atá ann iad a fhorbairt, agus faoina dtuairimí maidir leis an raon feidhme, an luach agus na módúlachtaí atá beartaithe chun soláthar T&F a chur chun feidhme.

2. Sula gcuirfear tús leis an gcomhairliúchán margaidh, fógróidh ceannaitheoirí poiblí an comhairliúchán margaidh trí bhíthin fógra réamhfhaisnéise. Maidir leis an bhfógra sin:

   (a) foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus, ina dhiaidh sin, foilseofar é ar thairseach náisiúnta soláthair phoiblí Bhallstát an cheannaitheora phoiblí;

(b) tagairtí do na cóid CPV ábhartha le haghaidh seirbhísí taighde agus forbartha a áireamh, a léiriú go ndéantar an comhairliúchán margaidh le haghaidh soláthar T&F agus go mbaineann sé le nuálaíocht tríd an réimse ‘nuálaíocht’ a mharcáil san fhógra réamhfhaisnéise agus trí na focail ‘Soláthar Réamhthráchtála’ a áireamh, i gcás inarb infheidhme, sa réimse ‘teideal an tsoláthair’.

(c) cuir isteach an fhormáid arna roghnú ag an gceannaitheoir poiblí chun an comhairliúchán margaidh a dhéanamh, amhail ceistneoirí ar líne, seimineáir ghréasáin ar líne nó cruinnithe fisiciúla, agus aon naisc nó teagmhálacha ábhartha inar féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoi sheoladh soláthair T&F.

3. Rachaidh ceannaitheoirí poiblí i gcomhairle leis an margadh go forleathan. Chuige sin, tar éis an comhairliúchán margaidh a fhógairt trí bhíthin fógra réamhfhaisnéise, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí an fógra faoi na comhairliúcháin mhargaidh a fhoilsiú agus a chur chun cinn trí aon mheán atá ar fáil go forleathan.

4. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, i gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis chun cosaint leasanna slándála nó sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a áirithiú de réir bhrí Airteagal 28(2), foilseoidh ceannaitheoirí poiblí agus cuirfidh siad chun cinn sna meáin an fógra réamhfhaisnéise ina bhfágfar ar lár an fhaisnéis íogair uile agus ina n-iarrfar ar oibreoirí eacnamaíocha a spéis a léiriú páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán margaidh. Ní sheolfar faisnéis íogair ach amháin chuig oibreoirí eacnamaíocha a léirigh spéis, a chomhlíonann na critéir roghnúcháin agus nach bhfuil riosca slándála ag baint leo de réir bhrí Airteagal 28(4), pointe (d).

5. De mhaolú ar mhíreanna 2, 3 agus 9 den Airteagal seo, i gcás ina mbeadh foilsiú agus cur chun cinn fógra réamhfhaisnéise sna meáin agus foilsiú doiciméad ina mínítear an cúlra agus na sonraí lóistíochta chun an comhairliúchán margaidh a eagrú contrártha do leasanna slándála nó sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit de réir bhrí Airteagal 28(2), ní fhógróidh an ceannaitheoir poiblí an comhairliúchán margaidh de bhun mhíreanna 2, 3 agus 9 den Airteagal seo ach seolfaidh sé cuireadh chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán margaidh chuig oibreoirí eacnamaíocha a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach arna sainaithint trí thaighde margaidh agus ní chomhroinnfidh sé na doiciméid chomhairliúcháin margaidh ach leo siúd a léiríonn spéis, a chomhlíonann na critéir cháilíochta agus nach bhfuil riosca slándála ag baint leo de réir bhrí Airteagal 28(4), pointe (d).

6. Ní dhéanfaidh ceannaitheoirí poiblí aon oibreoir eacnamaíoch de thionscnamh na dtíortha dá dtagraítear in Airteagal 11(1) a eisiamh ó bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán margaidh..

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, i gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis chun cosaint leasanna slándála sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a áirithiú de réir bhrí Airteagal 28(2), féadfaidh ceannaitheoirí poiblí comhairliúchán margaidh a theorannú d’oibreoirí eacnamaíocha ar de thionscnamh na mBallstát iad.

7. Áiritheoidh na ceannaitheoirí poiblí go mbeidh rochtain chomhionann ar fhaisnéis le linn an chomhairliúcháin margaidh. Aon fhaisnéis faoin soláthar T&F a cuireadh ar fáil d’oibreoir eacnamaíoch amháin a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán margaidh, roinnfidh siad í le gach oibreoir eacnamaíoch eile a ghlac páirt sa chomhairliúchán margaidh céanna.

8. Le linn an chomhairliúcháin margaidh, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí faisnéis agus comhairle a lorg nó a fháil ón bpobal i gcoitinne, ó shaineolaithe neamhspleácha, ó údaráis phoiblí, ó rannpháirtithe sa mhargadh nó ó pháirtithe ábhartha eile. Féadfaidh an comhairliúchán margaidh a bheith i bhfoirm malartuithe i scríbhinn nó ó bhéal, ceistneoirí ar líne, seimineár gréasáin ar chruinnithe fisiciúla, cuairteanna ar an láthair nó léirsithe, nó formáidí oibiachtúla oiriúnacha eile. Féadfar faisnéis agus comhairle a lorgaítear nó a nglactar leo a úsáid i bpleanáil agus i seoladh sholáthar T&F, agus prionsabail na córa comhionainne, an neamh-idirdhealaithe, na hiomaíochta córa agus na trédhearcachta á n-urramú.

9. Mura rud é go bhfuil sé contrártha do leasanna slándála nó sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit de réir bhrí Airteagal 28(2), foilseoidh ceannaitheoirí poiblí ar a suíomh gréasáin aon doiciméad a bhaineann leis an gcomhairliúchán margaidh, lena n-áirítear aon doiciméad lena mínítear an cúlra agus na sonraí lóistíochta chun an comhairliúchán margaidh a eagrú, ceisteanna a chuireann oibreoirí eacnamaíocha mar aon leis na freagraí ar na ceisteanna sin ón gceannaitheoir poiblí agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, achoimre ar thoradh an chomhairliúcháin margaidh nó miontuairiscí i scríbhinn, nó fístaifeadadh nó taifeadadh fuaime ar aon chruinniú comhairliúcháin margaidh.

10. Ní dhéanfaidh rannpháirtíocht oibreora eacnamaíoch i gcomhairliúchán margaidh réamhbhreith ar a incháilitheacht chun páirt a ghlacadh i nglao ar thairiscintí ina dhiaidh sin le haghaidh soláthar T&F.

11. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid comhairliúchán margaidh a dhéanamh de bhun an Airteagail seo maidir le nósanna imeachta soláthair T&F arb é an t-aon ábhar atá acu soláthar seirbhísí comhairliúcháin taighde agus forbartha mar a chumhdaítear le cóid CPV 73200000-4,73210000-7 agus 73220000-0.

Airteagal 10

Doiciméid soláthair

1. Sonróidh ceannaitheoirí poiblí sna doiciméid soláthair na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

   (a) an gá le soláthar T&F i gcomhréir le mír 4;

   (b) luach measta an tsoláthair T&F arna bhunú i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos i mír 5, agus aon ranníocaíocht airgid nó chomhchineáil atá beartaithe ag ceannaitheoirí poiblí nó a fhéadfaidh siad a chur ar fáil do chonraitheoirí le linn an tsoláthair T&F;

   (c) an fhaisnéis maidir le reáchtáil agus toradh an chomhairliúcháin margaidh arna cur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 9(7) agus Airteagal 9(9);

   (d) na coinníollacha maidir le rochtain ar sholáthar T&F, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 11;

   (e) na forais eisiaimh, na critéir roghnúcháin agus na ráthaíochtaí airgeadais is infheidhme i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 13, 14, 15 agus 16;

   (f) na ceanglais íosta atá le comhlíonadh ag gach tairgeoir;

(g) na critéir dhámhachtana a bhaineann le nuálaíocht, lena n-áirítear a n-ualuithe faoi seach, atá le cur i bhfeidhm agus meastóireacht á déanamh ar thairiscintí, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 17;

(h) roinnt na gceart agus na n-oibleagáidí a bhaineann le cearta maoine intleachtúla agus úinéireacht na dtorthaí, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 19;

(i) na forálacha maidir le modhnuithe ar chonarthaí agus, i gcás inarb infheidhme, maidir le hinnealtóireacht luacha, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 20 go 21;

(j) na forálacha maidir leis an nglao ar thairiscintí, lena n-áirítear na forálacha is infheidhme maidir le caibidlíocht a leagtar síos i míreanna 2 go 3 den Airteagal seo agus an líon íosta conraitheoirí a bheidh le roghnú i gcás ina n-úsáidfear luchtóga agus ilfhoinsiú, i gcomhréir leis na forálacha maidir leis an úsáid le haghaidh ilfhoinsiú a leagtar síos in Airteagal 22 agus leis na forálacha maidir le seoladh an ghlao ar thairiscintí a leagtar síos in Airteagal 23;

(k) i gcás inarb infheidhme, an líon céimeanna T&F ina bhfuil na gníomhaíochtaí T&F deighilte agus cé acu a áiríonn nó nach n-áiríonn an ceannaitheoir poiblí an rogha úsáid a bhaint as an bhféidearthacht cuireadh a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha nár ghlac páirt i gcéimeanna roimhe seo den soláthar T&F páirt a ghlacadh i gcéimeanna níos déanaí den soláthar T&F, i gcomhréir leis na hoibleagáidí maidir le forbairt iomaíoch i gcéimeanna a leagtar síos in Airteagal 24;

(l) cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe ag an gceannaitheoir poiblí úinéireacht thorthaí sholáthar T&F a fháil, lena n-áirítear aon fhréamhshamhail nó na chéad táirgí, seirbhísí nó oibreacha a forbraíodh mar chuid de sholáthar T&F, agus an chaoi a bhfuil sé beartaithe aige an úinéireacht sin a fháil;

(m) na príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le nuálaíocht arna sainiú, agus iad infheidhmithe mar cheanglais feidhmíochta a mhéid is féidir, agus an modh chun measúnú a dhéanamh orthu, chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh conartha ar feadh an tsoláthair T&F, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 24(5);

(n) na forálacha maidir le híocaíochtaí, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 25;

(o) na hoibleagáidí rúndachta agus cosanta sonraí is infheidhme, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 26;

(p) i gcás inarb infheidhme, aon cheanglais ar chonraitheoirí rannchuidiú le caighdeánú, deimhniú nó foilsiú torthaí, lena n-áirítear iad a chur ar fáil mar shonraí oscailte nó i bhfoirm foinse oscailte, gan dochar do na hoibleagáidí rúndachta agus cosanta sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26 agus do na hoibleagáidí maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint a leagtar síos in Airteagal 19;

(q) na forálacha maidir le conarthaí soláthair T&F a fhoirceannadh, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 27 agus 29;

(r) na hoibleagáidí slándála agus sábháilteachta poiblí is infheidhme, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 28, 29 agus 30;

(s) i gcás inarb infheidhme, na forálacha maidir leis an nós imeachta a reáchtáil mar sholáthar comhpháirteach T&F, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 31;

(t) go mbeidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir le soláthar T&F.

2. Cuirfidh ceannaitheoirí poiblí in iúl sna doiciméid soláthair nach bhfuil coinníollacha fíor-riachtanacha an chonartha soláthair T&F faoi réir caibidlíochta. Ní dhéanfaidh ceannaitheoirí poiblí ábhar an chonartha soláthair T&F a athrú go substaintiúil mar thoradh ar an gcaibidlíocht. Féadfaidh baint a bheith ag an gcaibidlíocht le saintréithe uile na ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha agus na dtorthaí beartaithe atá le forbairt don cheannaitheoir poiblí le linn na ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha sin mar chuid den soláthar T&F, lena n-áirítear cáilíocht, cainníochtaí agus gnéithe sóisialta, gnéithe comhshaoil agus gnéithe nuálacha, ar choinníoll nach ceanglais íosta iad na saintréithe sin.

3. Cuirfidh ceannaitheoirí poiblí in iúl, sna doiciméid soláthair, aon ghné shonrach nach liostaítear i mír 1 a n-iarrann siad ar thairgeoirí a gcur chuige tosaíochta a chur in iúl ina dtairiscint ina leith, agus fágfar go mbeidh cur i gcrích na ngnéithe sin faoi réir caibidlíochta.

4. Dréachtóidh ceannaitheoirí poiblí na doiciméid soláthair le haghaidh an tsoláthair T&F agus torthaí an chomhairliúcháin margaidh agus aon taighde margaidh a rinne an ceannaitheoir poiblí ar úrnuacht aon taighde agus forbartha atá ar bun agus treochláir pleanála táirgí de chuid oibreoirí eacnamaíocha á gcur san áireamh acu. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí an riachtanas soláthair T&F dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo a fhoirmliú mar fhadhb nach mór a réiteach gan srian míchuí a chur ar chineálacha cur chuige a d'fhéadfadh a bheith ann chun an fhadhb a réiteach. Úsáidfidh ceannaitheoirí poiblí ceanglais fheidhmiúla nó ceanglais feidhmíochta i gcomhréir le hAirteagal 18 chun na ceanglais le haghaidh a thabhairt ar na riachtanas soláthair T&F a fhoirmliú. Beidh an fhaisnéis a sholáthraítear sna doiciméid soláthair cruinn go leor chun é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha cineál agus raon feidhme an tsoláthair T&F a shainaithint agus cinneadh a dhéanamh maidir le tairiscint a chur isteach.

5. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí an luach measta an nós imeachta soláthair T&F a ríomh ar bhonn luach uasta measta, glan ó CBL, na seirbhísí taighde agus forbartha atá le soláthar i gcomhthéacs an chonartha nó na gconarthaí soláthair T&F, a bhfuil coinne leis go ndámhfar iad mar chuid den nós imeachta soláthair T&F, lena n-áirítear aon bhirt, roghanna nó athnuachaintí. Cuirfear san áireamh i ríomh an luacha mheasta luach measta gach cineáil costas a bhaineann le taighde agus forbairt, gan beann ar a sciar den luach measta iomlán, lena n-áirítear luach an tsaothair, na n-ábhar, na gcomhpháirteanna agus na n-uirlisí a bhfuil gá leo chun na torthaí a bhfuil coinne leo a bhaint amach, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, taighde agus forbairt a rinneadh roimh thús an nós imeachta soláthair T&F. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag ceannaitheoirí poiblí úinéireacht eisiach a fháil ar chearta maoine intleachtúla ar thorthaí arna nginiúint ag conraitheoirí, áireofar leis an luach measta luach measta na gceart maoine intleachtúla sin. Ní áireofar sa luach measta aon airgead tirim nó ranníocaíochtaí comhchineáil a bheartaíonn ceannaitheoirí poiblí a chur ar fáil do chonraitheoirí nó a d'fhéadfaidís a chur ar fáil do chonraitheoirí le linn an soláthair T&F.

6. A mhéid a bhaineann le táirgí, seirbhísí nó oibreacha a thagann as na seirbhísí taighde agus forbartha a sholáthraítear agus a bhfuil gá leo chun leasanna slándála

agus sábháilteachta poiblí an Aontais nó Ballstáit amháin nó roinnt Ballstát dá chuid a chosaint de réir bhrí Airteagal 28(2), lena n-áirítear gá a bheith leo chun saincheisteanna slándála soláthair a sheachaint, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí a shonrú, sna doiciméid soláthair, go mbeidh ceart tosaíochta ag ceannaitheoirí poiblí méid nó luach réamhshainithe de na táirgí, seirbhísí nó oibreacha sin a cheannach sula ndéanfar iad a tháirgeadh do cheannaitheoirí ionchasacha eile. Ina leithéid de chás, déanfaidh na ceannaitheoirí poiblí an ceart tosaíochta chun ceannach a leagan amach mar oibleagáid chonarthach sa chonradh soláthair T&F.

Airteagal 11

Coinníollacha maidir le rochtain ar nósanna imeachta soláthair T&F agus ceanglais maidir le háit feidhmíochta

1. Ní osclóidh ceannaitheoirí poiblí rannpháirtíocht i soláthar T&F ach amháin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) oibreoirí eacnamaíocha ar de thionscnamh Ballstát iad;

   (b) oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil a dtionscnamh i dtíortha a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích acu leis an Aontas, ar choinníoll go dtagann soláthar T&F faoi raon feidhme ghealltanais soláthair phoiblí an Aontais sa chomhaontú sin.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 39 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thríú tír a eisiamh, go hiomlán nó go páirteach, faoi réir oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, ó raon feidhme mhír 1, pointe (b) bunaithe ar aon cheann de na critéir seo a leanas:

   (a) gur mhainnigh an tríú tír sin cóir náisiúnta a sholáthar a bhaineann le seirbhísí T&F an Aontais nó le heintitis faoi na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (b);

   (b) tá údar leis an eisiamh sin chun spleáchais nó aon fhorbairt eile a d'fhéadfadh slándáil an tsoláthair san Aontas a chur i mbaol i gcás na dtáirgí, na n-oibreacha nó na seirbhísí ábhartha atá i gceist a sheachaint;

   (c) tá údar leis an srianadh sin faoi aon eisceacht eile faoin gcomhaontú is infheidhme.

3. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis chun cosaint leasanna slándála an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a áirithiú de réir bhrí Airteagal 28(2), ní fhéadfaidh ceannaitheoirí poiblí rannpháirtíocht i soláthar T&F a shrianadh ach d'oibreoirí eacnamaíocha ar de thionscnamh na mBallstát iad agus nach bhfuil faoi réir rialú tríú tír nó eintitis dhlítheanaigh atá faoi réir rialú tríú tír.

4. De mhaolú ar mhír 1, pointe (b), féadfaidh ceannaitheoirí poiblí rochtain ar an soláthar T&F a oscailt freisin d'oibreoirí eacnamaíocha ar de thionscnamh tíortha iad a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta leis an Aontas tugtha i gcrích acu ina bhfuil gealltanais soláthair phoiblí déanta ag an Aontas, ach ní le haghaidh soláthairtí T&F, ach ní fhéadfar déanamh amhlaidh ach amháin i gceann de na cásanna seo a leanas:

   (d) i gcás inar féidir leis an gceannaitheoir poiblí a chinneadh, trí thaighde margaidh lena gcuimsítear comhairliúchán margaidh cuimsitheach, arna scaipeadh go forleathan, nach féidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha sna tíortha

a liostaítear i mír 1 na seirbhísí T&F a bhfuil gá leo a chur ar fáil, agus nach bhfuil aon rogha mhalartach réasúnta ann nó nach féidir aon rud a chur ina n-ionad;

(e) i gcás nár cuireadh isteach aon tairiscintí ná iarrataí oiriúnacha ar rannpháirtíocht, lena n-áirítear tairiscintí nó iarrataí mar fhreagairt ar nós imeachta soláthair T&F comhchosúil arna sheoladh ag aon cheannaitheoir poiblí sna tíortha a liostaítear i mír 1 sa 2 bhliain roimh sheoladh an nós imeachta soláthair T&F nua atá beartaithe; nó

(f) i gcás ina mbeadh ar an gceannaitheoir poiblí na seirbhísí T&F a sholáthar ar chostais dhíréireacha dá dteorannófaí an rochtain ar na nósanna imeachta soláthair T&F i gcomhréir le mír 1.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), féadfaidh ceannaitheoirí poiblí a thoimhdiú go bhfuil difríocht mheasta is mó ná 20 % idir costas measta tairisceana ó oibreoir eacnamaíoch a bhfuil a thionscnamh i dtír dá dtagraítear i mír 1 agus costas measta ó oibreoir eacnamaíoch a bhfuil a thionscnamh i dtír a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích aici leis an Aontas ina bhfuil gealltanais soláthair phoiblí déanta ag an Aontas ach ní i gcás soláthairtí T&F ar bhonn sonraí oibiachtúla trédhearcacha, díréireach.

5. Ní úsáidfear an fhochonraitheoireacht más é atá ar intinn leis an úsáid sin nó d'éifeacht aici go rachfar timpeall ar na rialacha maidir le rochtain ar sholáthar T&F. Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha i ndáil le rochtain ar sholáthar T&F maidir le heintitis a mbraitheann an tairgeoir ar a n-acmhainneacht ná maidir le fochonraitheoirí, ach amháin má chuireann ceannaitheoirí poiblí teorainn leis an bhfochonraitheoireacht:

(a) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír 1 nó mír 4, d'fhochonraitheoirí ar de thionscnamh na dtíortha a liostaítear i mír 1; nó

(b) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír 3, agus i gcás inar gá agus ina bhfuil údar leis chun leasanna slándála nó sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a chosaint de réir bhrí Airteagal 28(2), d'oibreoirí eacnamaíocha ar de thionscnamh Ballstát iad agus nach bhfuil faoi réir rialú tríú tír nó eintitis dhlítheanaigh atá faoi réir rialú tríú tír.

6. I gcás ina bhfuil feidhm ag mír 4, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí roinnt conarthaí soláthair T&F laistigh den conradh soláthair T&F céanna a choinneáil i leataobh:

(a) le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha ar de thionscnamh tíortha iad dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b); nó

(b) i gcás inar gá agus ina bhfuil údar leis chun leasanna slándála nó sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a chosaint de réir bhrí Airteagal 28(2), d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil a dtionscnamh sna Ballstáit agus nach bhfuil faoi réir rialú tríú tír nó eintitis dhlítheanaigh atá faoi réir rialú tríú tír.

7. Mura rud é go bhfuil sé contrártha do leas slándála nó sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit de réir bhrí Airteagal 28(2) ar chúiseanna a bhfuil údar leo sna doiciméid soláthair, leagfaidh na ceannaitheoirí poiblí ceanglas síos go mbeidh ar chonraitheoirí 50 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a dhéanamh faoin gconradh soláthair T&F sna

tíortha dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear obair na príomhfhoirne taighde agus forbartha a bhfuil freagracht eolaíoch orthu as an gconradh soláthair T&F.

8. I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis chun leasanna slándála nó sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a chosaint de réir bhrí Airteagal 28(2), féadfaidh ceannaitheoirí poiblí, de bhreis ar an mbeart i mír 7 den Airteagal seo, ceanglas a leagan síos go mbeidh ar chonraitheoirí gach gníomhaíocht taighde agus forbartha a dhéanamh a bhaineann le comhpháirteanna slándála nua de na torthaí atá beartaithe san Aontas, lena n-áirítear obair na príomhfhoirne taighde agus forbartha a bhfuil freagracht eolaíoch orthu as an gconradh soláthair T&F.

9. I gcás ina mainníonn oibreoir eacnamaíoch faisnéis nó doiciméadacht arna hiarraidh ag an gceannaitheoir poiblí a bhaineann le fíorú na gcoinníollacha maidir leis an áit feidhmíochta dá dtagraítear i míreanna 7 agus 8 a sholáthar gan aon mhíniú réasúnach agus ar an gcaoi sin go gcuireann sé cosc ar cheannaitheoirí poiblí fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh an oibreora eacnamaíoch leis na coinníollacha maidir leis an áit feidhmíochta nó go ndéanann sé fíorú den sórt sin beagnach dodhéanta nó an-deacair, eisiafar an t-oibreoir eacnamaíoch sin ó rannpháirtíocht sa nós imeachta soláthair T&F.

10. Sa bhreis nó de mhaolú ar aon riail a leagtar amach faoin Rialachán seo, lena n-áirítear an liosta tíortha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4 nó de mhaolú ar an liosta tíortha sin, maidir le conarthaí soláthair T&F a fhaigheann tacaíocht ó chlár nó ionstraim de chuid an Aontais a dhámhachtain agus a fhorghníomhú, cuirfidh ceannaitheoirí poiblí aon choinníoll is gá i bhfeidhm chun na ceanglais maidir le tacaíocht ón Aontas a chomhlíonadh i ngach modh bainistíochta a bhunaítear in Airteagal 62 de Rialachán (AE, EURATOM) 2024/2509[29].

11. Déanfaidh an Coimisiún uirlis ar líne a mbeidh rochtain ag an bpobal uirthi a bhunú agus a chur ar fáil saor in aisce, ina leagfar amach, ar bhealach cuimsitheach agus cothrom le dáta, gealltanais an Aontais maidir le soláthar poiblí, lena n-áirítear na gealltanais maidir le soláthar T&F, i gcomhaontuithe idirnáisiúnta.

    Cinnfidh ceannaitheoirí poiblí, chun críocha nós imeachta soláthair T&F ar leith, na tíortha dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), agus mír 4 ar bhonn na gcomhaontuithe idirnáisiúnta is infheidhme mar a léirítear san uirlis ar líne dá dtagraítear i bhfomhír 1 den mhír seo.

12. Cinnfidh ceannaitheoirí poiblí, chun críocha nós imeachta soláthair ar leith, ar bhonn na gcomhaontuithe idirnáisiúnta is infheidhme mar a léirítear san uirlis ar líne dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh na bparaiméadar a iontráladh, lena n-áirítear an ceannaitheoir poiblí lena mbaineann, an t-ábhar agus luach measta an chonartha i ndáil leis na tairseacha is infheidhme.

13. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí an méid seo a leanas:

    (a) rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair T&F i gcás grúpaí d'oibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 6 a theorannú do ghrúpaí nach bhfuil iontu ach oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil a dtionscnamh i dtíortha dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo;

[29] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(b) tairiscint a dhiúltú le linn nós imeachta soláthair T&F i gcás nach ndéanann oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil a dtionscnamh i dtíortha dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo nó grúpaí díobh dá dtagraítear i bpointe (a) í a thíolacadh.

Airteagal 12

Tionscnamh a chinneadh

1. Measfar gurb é a bheidh i dtionscnamh oibreora eacnamaíoch:

(a) i gcás duine nádúrtha, an tír ar náisiúnach di an duine sin nó an tír a bhfuil ceart buanchónaithe ag an duine sin inti;

(b) i gcás duine dlítheanach, ceachtar den dá rud seo a leanas:

(i) an tír ar faoina dlíthe a bunaíodh nó a eagraíodh ar shlí eile an duine dlítheanach agus ar ina críoch atá an duine dlítheanach ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó;

(ii) más rud é nach bhfuil an duine dlítheanach ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó ar chríoch na tíre ina bhfuil sé bunaithe nó ina bhfuil sé eagraithe ar shlí eile, is é a bheidh mar thionscnamh ag an duine dlítheanach ná tionscnamh an duine nó na ndaoine a d'fhéadfadh tionchar ceannasach a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ar an duine dlítheanach de bhua a n-úinéireachta ar an duine dlítheanach sin, de bhua a rannpháirtíochta airgeadais ann, nó de bhua na rialacha lena rialaítear an duine dlítheanach sin.

2. Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b)(ii), toimhdeofar go bhfuil tionchar ceannasach ag an duine sin nó ag na daoine sin ar an duine dlítheanach in aon cheann de na cásanna inar fíor an méid seo a leanas ina leith, bíodh sé ar bhealach díreach nó indíreach:

(a) tá formhór de chaipiteal suibscríofa an duine dhlítheanigh acu;

(b) rialaíonn siad formhór na vótaí a ghabhann leis na scaireanna arna n-eisiúint ag an duine dlítheanach; nó

(c) is féidir leo níos mó ná leath de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an duine dhlítheanaigh a cheapadh.

3. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí, tráth ar bith le linn nós imeachta soláthair T&F, a iarraidh ar an oibreoir eacnamaíoch an fhaisnéis nó an doiciméadacht a bhaineann le fíorú tionscnaimh an oibreora eacnamaíoch a chur isteach, a fhorlíonadh, a shoiléiriú nó a chomhlánú laistigh de theorainn ama iomchuí, ar choinníoll go ndéantar iarrataí den chineál sin i gcomhréir le prionsabail na córa comhionainne agus na trédhearcachta. I gcás nach gcuireann an t-oibreoir eacnamaíoch an fhaisnéis nó an doiciméadacht sin ar fáil agus gan aon mhíniú réasúnta air sin, agus ina gcuirtear bac dá réir sin ar fhíorú thionscnamh an oibreora eacnamaíoch ag na ceannaitheoirí poiblí, nó ina bhfuil an fíorú sin beagnach dodhéanta nó thar a bheith deacair dá bharr, déanfar an t-oibreoir eacnamaíoch sin a eisiamh ó rannpháirtíocht sa nós imeachta soláthair T&F lena mbaineann.

Airteagal 13

Forais eisiaimh éigeantacha

1. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí oibreoir eacnamaíoch, lena n-áirítear baill aonair de ghrúpa oibreoirí eacnamaíocha, a eisiamh tráth ar bith ó rannpháirtíocht i nós imeachta soláthair T&F i gcás ina raibh an t-oibreoir eacnamaíoch sin, nó duine lárnach i bhfeidhmiú duine dhlítheanaigh mar a shainmhínítear sa dara formhír, faoi réir ciontú, in aon Bhallstát, le breithiúnas críochnaitheach, in aon cheann de na cionta a liostaítear san fhomhír seo, nó, maidir le Ballstáit nach bhfuil faoi cheangal ag an ngníomh dlí ábhartha de chuid an Aontais, i gcionta mar a shainmhínítear sa reachtaíocht náisiúnta choibhéiseach:

   (a) rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil, mar a shainmhínítear í in Airteagal 1, pointe 1, de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle[30];

   (b) cionta éillithe, de réir bhrí Threoir (AE) 2026/1021[31];

   (c) calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais de réir bhrí Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach agus cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5 faoi Threoir (AE) 2017/1371[32];

   (d) cionta sceimhlitheoireachta agus cionta a bhaineann le grúpa sceimhlitheoireachta, chomh maith le cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, mar a shainmhínítear in Airteagail 3 go 12 de Threoir (AE) 2017/541[33];

   (e) Sciúradh airgid de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2018/1673/AE[34];

   (f) gáinneáil ar dhaoine de réir bhrí Airteagal 2 de Threoir (AE) 2011/36[35];

   (g) cionta coiriúla a bhaineann le fostú náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 agus 9 de Threoir 2009/52/CE[36];

---

30 Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe (IO L 300, 11.11.2008, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2008/841/oj).

31 Treoir (AE) 2026/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2026 maidir leis an éilliú a chomhrac, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle agus an Choinbhinsiúin um chomhrac an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2026/1021, 11.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2026/1021/oj).

32 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

33 Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/541/oj).

34 Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac leis an dlí coiriúil (IO L 284, 12.11.2018, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/1673/oj).

35 Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a ghlacann ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO L 101, 15.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/36/oj).

(h) cionta coiriúla comhshaoil mar a shainmhínítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Threoir (AE) 2024/1203[37];

(i) cionta coiriúla a bhaineann le Bearta Sriantacha de chuid an Aontais a shárú dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Threoir (AE) 2024/1226[38];

(j) úsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta neamhairgid dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8 de Threoir 2019/713/AE[39]

(k) cionta i réimse na mí-úsáide gnéasaí leanaí, an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí agus an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 de Threoir 2011/93/AE[40];

Chun críocha na chéad fhomhíre, ciallaíonn príomhdhuine i bhfeidhmiú duine dhlítheanaigh duine a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanach, bunaithe ar aon cheann díobh seo a leanas:

(a) cumhacht chun ionadaíocht a dhéanamh don duine dlítheanach;

(b) údarás chun cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh; nó

(c) údarás chun rialú a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.

2. Beidh feidhm ag na forais eisiaimh a leagtar amach san Airteagal seo ar feadh 5 bliana ón dáta a rinneadh an breithiúnas críochnaitheach, ach amháin i gcás ina mbeidh an tréimhse eisiaimh socraithe leis an mbreithiúnas críochnaitheach, rud a chiallaíonn nach ndéanfar aon chinneadh eisiaimh tar éis do na tréimhsí dá dtagraítear san abairt seo dul in éag.

3. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí, tráth ar bith le linn an nós imeachta soláthair T&F, oibreoir eacnamaíoch a eisiamh ó rannpháirtíocht i nós imeachta soláthair T&F i gcás ina bhfaighidh siad amach go bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch nó an conraitheoir ag sárú a chuid oibleagáidí i ndáil le cánacha nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a íoc agus gur bunaíodh é sin le cinneadh críochnaitheach breithiúnach nó riaracháin, ach amháin más rud é, faoin tráth sin, go bhfuil socrú ceangailteach tugtha i gcrích ag an oibreoir eacnamaíoch maidir leis na cánacha nó na ranníocaíochtaí slándála sóisialta atá dlite a íoc, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, aon ús fabhraithe nó fíneálacha.

---

36 Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE (IO L, 2024/1203, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1203/oj).

37 Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE (IO L, 2024/1203, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1203/oj).

38 Treoir (AE) 2024/1226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2018/1673 (IO L, 2024/1226, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1226/oj).

39 Treoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle (IO L 123, 10.5.2019, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/713/oj).

40 Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/93/oj.

Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí maolú ón eisiamh éigeantach dá bhforáiltear sa chéad fhomhír i gcás inar léir go mbeadh eisiamh díréireach, go háirithe i gcás nach n-íoctar ach mionmhéideanna.

4. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí a chinneadh maolú ar an eisiamh éigeantach dá bhforáiltear san Airteagal seo, ar bhonn eisceachtúil, ar chúiseanna sáraitheacha a bhaineann le leas an phobail amhail an tsláinte phoiblí nó cosaint an chomhshaoil. Dá bhrí sin, déanfar aon chinneadh maidir le maolú, mar aon leis an údar atá leis, a dhoiciméadú i ndoiciméadacht aonair na nósanna imeachta soláthair T&F.

Airteagal 14

Forais eisiaimh roghnacha

1. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí, tráth ar bith le linn an nós imeachta soláthair T&F, oibreoir eacnamaíoch, lena n-áirítear baill aonair de ghrúpaí oibreoirí eacnamaíocha, a eisiamh ó rannpháirtíocht i nós imeachta soláthair T&F, sna cásanna seo a leanas:

   (a) gur féidir leis an gceannaitheoir poiblí a léiriú trí aon mhodh iomchuí gur sháraigh an t-oibreoir eacnamaíoch na hoibleagáidí is infheidhme faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 4(6);

   (b) tá an t-oibreoir eacnamaíoch ina fhéimheach nó ina ábhar d'imeachtaí dócmhainneachta nó foirceanta nó do chás inchomparáide;

   (c) gur féidir leis an gceannaitheoir poiblí mí-iompar gairmiúil tromchúiseach an oibreora eacnamaíoch a léiriú trí mhodhanna iomchuí, rud a fhágann go bhfuil amhras ann faoina ionracas nó faoina iontaofacht;

   (d) tá comharthaí inchreidte go leor ag an gceannaitheoir poiblí chun teacht ar an gconclúid go bhfuil comhaontuithe déanta ag an oibreoir eacnamaíoch le hoibreoirí eacnamaíocha eile atá dírithe ar an iomaíocht a shaobhadh;

   (e) gur léirigh an t-oibreoir eacnamaíoch easnaimh mhóra nó leanúnacha i gcomhlíonadh ceanglais shubstaintigh faoi chonradh poiblí roimhe sin, as ar eascair foirceannadh luath an chonartha roimh ré sin, damáistí nó smachtbhannaí inchomparáide eile ag an gceannaitheoir poiblí;

   (f) go bhfuarthas an t-oibreoir eacnamaíoch, i gcomhthéacs an nós imeachta soláthair T&F lena mbaineann, cuntasach as mífhaisnéis thromchúiseach maidir leis an bhfaisnéis is gá chun a fhíorú nach bhfuil forais eisiaimh ann nó chun na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh; nó gur gheall sé ar shlí eile buntáistí a fháil go míchuí sa nós imeachta soláthair T&F;

   (g) gur féidir leis an gceannaitheoir poiblí a léiriú trí aon mhodh iomchuí, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe nó measúnuithe arna soláthar ag údaráis náisiúnta inniúla nach féidir a nochtadh go poiblí, ach gan a bheith teoranta dóibh, nach bhfuil dóthain iontaofachta ag an oibreoir eacnamaíoch chun rioscaí do leasanna slándála agus sábháilteachta poiblí an Aontais nó do leasanna slándála agus sábháilteachta poiblí Ballstáit amháin nó níos mó a eisiamh.

   (h) gur thairbhigh an t-oibreoir eacnamaíoch, sna 3 bliana roimh an nós imeachta soláthair phoiblí, d'fhóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, rud a bunaíodh le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an

gCoimisiún de bhun Airteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2022/2560[41], agus go bhfuil tásca ag an gceannaitheoir poiblí atá inchreidte go leor lena chinneadh gur dócha go mbeidh tionchar ag na fóirdheontais eachtracha lena mbaineann ar thairiscint an oibreora eacnamaíoch.

2. Féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch atá faoi réir eisiamh de bhun mhír 1 fianaise a sholáthar chun an foras eisiaimh a fhrisnéis nó chun a léiriú go bhfuil bearta leordhóthanacha déanta aige chun a iontaofacht a léiriú d'ainneoin an foras eisiaimh a bheith ann.

Chun na críche sin, cruthóidh an t-oibreoir eacnamaíoch, go háirithe, go bhfuil an méid seo a leanas déanta aige:

(a) íocadh nó a gabhadh de láimh chun cúiteamh a íoc i leith aon damáiste a rinneadh de dheasca an mhí-iompair;

(b) shoiléirigh sé na fíorais agus na himthosca ar bhealach cuimsitheach trí chomhoibriú go gníomhach leis na húdaráis imscrúdúcháin; agus

(c) rinne sé bearta nithiúla teicniúla, eagraíochtúla agus pearsanra atá iomchuí chun tuilleadh mí-iompair a chosc.

Má mheasann an ceannaitheoir poiblí gur leor an fhianaise arna soláthar, ní dhéanfar an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann a eisiamh ón nós imeachta soláthair T&F.

Déanfar meastóireacht ar na bearta arna ndéanamh ag na hoibreoirí eacnamaíocha, agus tromchúis agus imthosca ar leith an mhí-iompair á gcur san áireamh. Agus measúnú á dhéanamh ar na bearta arna ndéanamh ag ceannaitheoirí poiblí an oibreora eacnamaíoch, cuirfidh siad san áireamh cineál, méid agus uainiú an chomhair leis na húdaráis imscrúdúcháin ábhartha.

I gcás ina measfar nach leor na bearta, gheobhaidh an t-oibreoir eacnamaíoch ráiteas ar na cúiseanna leis sin.

Oibreoir eacnamaíoch atá eisiata le breithiúnas críochnaitheach in aon Bhallstát ó bheith rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair, ní bheidh sé i dteideal úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear faoin mír seo le linn na tréimhse eisiaimh a eascraíonn as an mbreithiúnas sin.

3. Féadfaidh na Ballstáit údarás náisiúnta a ainmniú a bheidh inniúil ar mheastóireacht a dhéanamh ar an bhfianaise agus ar chinneadh a dhéanamh an leor í chun críocha na míre seo. Beidh ceannaitheoirí poiblí ag brath ar chinneadh dearfach ón údarás inniúil náisiúnta chun críoch a nósanna imeachta soláthair.

4. Mura ndéantar aon bheart mar a shonraítear i mír 2 agus mura bhfuil an tréimhse eisiaimh socraithe le breithiúnas críochnaitheach, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí oibreoirí eacnamaíocha a eisiamh de bhun an Airteagail seo ar feadh tréimhse 5 bliana ón dáta ar tharla an t-iompar is cúis leis an eisiamh nó, i gcás gníomhartha leanúnacha nó gníomhartha a rinneadh níos mó ná uair amháin, ón dáta a scoirtear den iompar, ach ní i ndiaidh na huastréimhse sin.

5. I gcás ina n-eisiafaidh ceannaitheoir poiblí oibreoir eacnamaíoch ar bhonn mhír 1, pointe (h), cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin.

---

[41] Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí (códú) (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2560/oj).

Airteagal 15

Critéir roghnúcháin

1. I gcás ina gcinnfidh ceannaitheoirí poiblí úsáid a bhaint as critéir roghnúcháin mar cheanglais le haghaidh rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair T&F, leagfaidh siad síos na critéir sin i gcomhréir leis na coinníollacha san Airteagal seo.

2. Ní bhainfidh critéir roghnúcháin le haghaidh nósanna imeachta soláthair T&F ach leis an méid seo a leanas:

   (a) oiriúnacht chun an ghníomhaíocht ghairmiúil a shaothrú de réir bhrí mhír 4;

   (b) cumas teicniúil agus gairmiúil de réir bhrí mhír 5;

   (c) seasamh eacnamaíoch agus seasamh airgeadais de réir bhrí mhíreanna 6, 7 agus 8.

3. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí aon cheanglas maidir le critéir roghnúcháin i nósanna imeachta soláthair T&F a theorannú dóibh siúd atá iomchuí chun a áirithiú go bhfuil na hacmhainneachtaí agus na cumais is gá ag oibreoir eacnamaíoch chun an conradh soláthair T&F a chomhlíonadh. Beidh gach ceanglas maidir le critéir roghnúcháin comhréireach agus nasctha leis an gcastacht agus leis na rioscaí a bhaineann le hábhar an chonartha soláthair T&F, agus comhlíonfaidh siad prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta.

   Gach tagairt atá le soláthar mar bhealach chun a chruthú go bhfuil aon cheann de na critéir roghnúcháin á chomhlíonadh, beidh na focail ‘nó a choibhéis / nó a coibhéis / nó a gcoibhéis’ ag gabháil léi, chun é a chur ar a gcumas do na tairgeoirí aon chineál fianaise malartaí ar chomhlíontacht a sholáthar.

4. I nósanna imeachta soláthair T&F, a mhéid atá sé ina cheanglas go mbeadh údarú ar leith ag oibreoirí eacnamaíocha nó go mbeidís ina mbaill d’eagraíocht ar leith chun bheith in ann na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha lena mbaineann a dhéanamh sa tír ina ndéanann an t-oibreoir eacnamaíoch a phríomhghníomhaíocht, féadfaidh an ceannaitheoir poiblí ceanglas a leagan síos go mbeidh na hoibreoirí eacnamaíocha sin in ann a chruthú go bhfuil an t-údarú nó an bhallraíocht sin acu.

   Clárúchán deimhnithe ar liostaí oifigiúla atá i seilbh na gcomhlachtaí inniúla nó deimhniú arna eisiúint ag an gcomhlacht deimhniúcháin, is toimhde comhlíontachta a bheidh sna nithe sin maidir leis na ceanglais a leagtar síos sa chéad fhomhír agus sa dara formhír.

5. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglais a fhorchur lena n-áiritheofar go mbeidh na hacmhainní daonna agus teicniúla agus an taithí is gá ag oibreoirí eacnamaíocha chun conradh soláthair T&F a dhéanamh de réir caighdeán cáilíochta iomchuí.

   Ach amháin má tá údar cuí leis mar gheall ar chastacht an chonartha soláthair T&F nó mar gheall ar chineál an ábhair, ní leagfaidh na ceannaitheoirí poiblí ceanglas síos go mbeidh gá le taithí roimh ré i gconarthaí eile mar choinníoll chun bheith rannpháirteach i nós imeachta soláthair T&F.

   Féadfaidh ceannaitheoir poiblí glacadh leis nach bhfuil na cumais ghairmiúla riachtanacha ag oibreoir eacnamaíoch i gceachtar de na cásanna seo a leanas:

   (a) tá sé suite ag an gceannaitheoir poiblí ar bhealach ar bith go bhfuil coinbhleacht leasa ag an oibreoir eacnamaíoch, a d’fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar chomhlíonadh an chonartha sin;

(b) tá sé suite ag an gceannaitheoir poiblí ar bhealach ar bith go bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch ina údar imní ó thaobh na slándála de le haghaidh Ballstáit nó le haghaidh an Aontais ina iomláine.

Ní leagfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglas síos go mbeidh gá le taithí roimh ré i gconarthaí eile gan ceanglas a leagan síos go mbeidh na hacmhainní daonna agus teicniúla ag conraitheoirí a bhfuil gá leo chun an conradh soláthair T&F a dhéanamh. Ní mheasfaidh ceannaitheoirí poiblí nach bhfuil na ceanglais maidir le hinniúlacht theicniúil agus ghairmiúil á gcomhlíonadh ag oibreoirí eacnamaíocha toisc go bhfuil easpa taithí acu i gconarthaí eile, agus ar an mbonn sin amháin.

6. In aon tagairt do cháilíochtaí nó do leibhéil cháilíochta a áirítear sna critéir roghnúcháin, luafar leibhéil an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017[42].

7. I gcás ina leagfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglas síos go mbeidh ar oibreoirí eacnamaíocha seasamh íosta eacnamaíoch agus airgeadais a bheith acu, féadfaidh siad ceanglas a leagan síos go mbeidh ar oibreoirí eacnamaíocha ceann amháin nó an dá cheann de na nithe seo a leanas a bheith acu:

(a) acmhainn airgeadais íosta áirithe;

(b) leibhéal cuí árachais slánaíochta riosca gairmiúla.

8. I gcás ina leagfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglas síos go mbeidh ar oibreoirí eacnamaíocha cruthúnas a sholáthar maidir le seasamh íosta eacnamaíoch agus airgeadais, ceadóidh ceannaitheoirí poiblí d'oibreoirí eacnamaíocha an cruthúnas sin a sholáthar trí aon mhodh iomchuí, lena n-áirítear aon cheann de na modhanna seo a leanas:

(a) ráitis ó bhainc nó, i gcás inarb iomchuí, fianaise ar árachas slánaíochta riosca gairmiúla iomchuí;

(b) ráitis airgeadais nó sleachta as ráitis airgeadais, i gcás ina bhfuil ceanglas ann faoi dhlí na tíre ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch bunaithe go bhfoilseofaí ráitis airgeadais;

(c) ráiteas ar láimhdeachas an oibreora eacnamaíoch do na 3 bliana airgeadais dheireanacha atá ar fáil, ar a mhéad, ag brath ar an dáta a bunaíodh an t-oibreoir eacnamaíoch nó a thosaigh sé ag trádáil, a mhéid atá an fhaisnéis maidir le láimhdeachais den sórt sin ar fáil;

(d) plean gnó a dtacaítear leis le ráitis nó le fianaise eile ar shócmhainní airgeadais inláimhsithe agus doláimhsithe an oibreora eacnamaíoch, lena n-áirítear a shócmhainní maoine intleachtúla, ranníocaíochtaí airgeadais ó infheisteoirí airgeadais nó ó chomhlachtaí cistiúcháin, nó fianaise ar chaipiteal dílis arna infheistiú san oibreoir eacnamaíoch.

I gcás ina bhfuil acmhainneacht airgeadais íosta ina ceanglas, ní bheidh sí níos mó ná 50 % de luach measta an chonartha soláthair T&F, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo amhail cásanna a bhaineann leis na rioscaí speisialta a ghabhann le

[42] Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus lena n-aisghairtear an Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le bunú an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 15.6.2017, lch. 15).

cineál an taighde a soláthraíodh agus cineál na seirbhísí forbartha. Conradh soláthair T&F. Sonróidh an ceannaitheoir poiblí na príomhchúiseanna le ceanglas den sórt sin sna doiciméid soláthair.

Agus measúnú á dhéanamh ar an seasamh íosta airgeadais agus eacnamaíoch, ní fhéadfaidh ceannaitheoirí poiblí faisnéis ó chuntais bhliantúla an oibreora eacnamaíoch a bhreithniú ach amháin i gcás inar shonraigh an ceannaitheoir poiblí na modhanna agus na critéir don bhreithniú sin sna doiciméid soláthair. Beidh na modhanna agus na critéir sin trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.

I gcás ina bhforchuirfidh ceannaitheoirí poiblí critéir roghnúcháin maidir le stádas eacnamaíoch agus airgeadais i gcomhréir le mír 6, cuirfidh siad ar a gcumas do na tairgeoirí an fhianaise dá dtagraítear i bpointe (d), an chéad fhomhír, den mhír sin a sholáthar idir an dáta a chuireann an ceannaitheoir poiblí an cinneadh in iúl do na tairgeoirí chun an conradh soláthair T&F a dhámhachtain agus an dáta a shínítear an conradh sin.

9. I gcás ina n-éilíonn ceannaitheoirí poiblí árachas slánaíochta riosca gairmiúla, áiritheoidh siad agus soláthróidh siad údar sna doiciméid soláthair go bhfuil an cumhdach dliteanais is gá comhréireach leis an méid caillteanais nó damáiste is féidir le conraitheoirí agus fochonraitheoirí a chruthú le linn fheidhmiú an chonartha soláthair T&F nó mar thoradh air.

10. I gcás nach n-áirítear sa nós imeachta soláthair T&F a chuireann an ceannaitheoir poiblí i bhfeidhm réamhroghnú oibreoirí eacnamaíocha ar bhonn forais eisiaimh nó critéir roghnúcháin, ní iarrfaidh an ceannaitheoir poiblí fianaise dhoiciméadach iomlán lena gcruthaítear go gcomhlíontar na forais eisiaimh agus na critéir roghnúcháin is infheidhme ach amháin ó na tairiscintí buaiteacha a rangaíodh ar an leibhéal is airde bunaithe ar na critéir dhámhachtana. Ní cheisteofar gan údar leordhóthanach faisnéis is féidir a aimsiú sna bunachair sonraí náisiúnta atá ann cheana arna mbunú ag comhlacht poiblí, nó as an gclárú ar liostaí oifigiúla nó deimhnithe oifigiúla.

11. I gcás ina bhfuil nó inar cosúil go bhfuil an fhaisnéis nó an doiciméadacht arna cur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha neamhiomlán nó earráideach nó i gcás ina bhfuil doiciméid shonracha ar iarraidh, tabharfaidh ceannaitheoirí poiblí, i gcomhréir le prionsabail na córa comhionainne agus na trédhearcachta, an deis do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann an fhaisnéis nó an doiciméadacht ábhartha a chur isteach, a fhorlíonadh, a shoiléiriú nó a chomhlánú laistigh de theorainn ama iomchuí chun leigheas a dhéanamh ar aon easnamh a eascraíonn as mion-neamhfhoirmiúlacht nó mion-neamhrialtacht tairisceana, ar ceann í nach bhfágann go gcaitear amhras ar an gcinneadh conarthaí soláthair T&F a dhámhachtain.

Airteagal 10

Ráthaíochtaí airgeadais

1. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglas a leagan síos go mbeidh ar thairgeoirí ráthaíochtaí tairisceana, ráthaíochtaí feidhmíochta nó ráthaíochtaí coinneála a chur ar fáil ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

   (a) ní mó na ráthaíochtaí tairisceana ná 2 % de luach measta iomlán an chonartha soláthair T&F, agus is é EUR 500 000 uasmhéid na ráthaíochta tairisceana le haghaidh conarthaí soláthair T&F ar mó a luach measta ná EUR 5 000 000

agus EUR 100 000 le haghaidh conarthaí ar lú a luach measta ná EUR 5 000 000.

(b) i gcás conarthaí soláthair T&F ar mó a luach conartha measta ná EUR 500 000, ní mó méid na ráthaíochtaí feidhmíochta agus coinneála ná 5 % de phraghas sonrach an chonartha, céatadán a fhéadfar a mhéadú go 10 % i gcás conarthaí soláthair T&F atá an-chasta nó a bhfuil riosca mór ag baint leo nuair a thugtar údar leis sin ar bhonn anailís riosca.

(c) I gcás conarthaí soláthair T&F ar lú a luach measta conartha ná EUR 500 000, ní éileofar aon ráthaíocht feidhmíochta ná choinneála.

2. Déanfar luachanna na ráthaíochtaí tairisceana, feidhmíochta agus coinneála a éilíonn ceannaitheoirí poiblí ó thairgeoirí a laghdú 50 % i gcás FBManna, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú.

3. Áiritheoidh ceannaitheoirí poiblí laghdú nó scaoileadh tráthúil ráthaíochtaí airgeadais a luaithe nach mbeidh údar leo a thuilleadh.

Airteagal 17

Critéir dhámhachtana a bhaineann le nuálaíocht

1. Dámhfaidh ceannaitheoirí poiblí an conradh don oibreoir eacnamaíoch a thairgeann an cháilíocht is fearr ar airgead. Chuige sin, déanfaidh ceannaitheoirí poiblí meastóireacht ar na tairiscintí a fhaightear de réir an mhodha cóimheasa is fearr idir praghas agus cáilíocht. Chun an cóimheas is fearr idir praghas agus cáilíocht a chinneadh, déanfaidh ceannaitheoirí poiblí meastóireacht ar na tairiscintí trí chomparáid a dhéanamh idir a bpraghas agus a gcáilíocht, agus beidh an cháilíocht bunaithe ar chritéir cháilíochta atá nasctha le hábhar an chonartha soláthair T&F. Is féidir costais a chur san áireamh freisin agus an cóimheas praghas-cáilíocht is fearr á chinneadh. Nuair a bheidh meastóireacht á déanamh ar na tairiscintí bunaithe ar an modh praghas-cáilíochta is fearr, is é a bheidh in ualú comhcheangailte na gcritéar dámhachtana cáilíochta uile 50 % ar a laghad d'ualú iomlán na gcritéar dámhachtana uile. Ní bhainfidh an critéar praghais ach le praghas na tairisceana. Déanfar an t-ualú a thugtar do chritéir a bhaineann le costas iomlán na húinéireachta a chomhaireamh laistigh den sciar céatadáin faoi seach.

2. Tagróidh critéir cháilíochta d'aon chritéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a mholann tairiscint torthaí tairbhiúla, éifeachtúla nó inbhuanaithe i ndáil le hábhar an chonartha soláthair T&F.

D'fhéadfadh baint a bheith ag cáilíocht na tairisceana, mar shampla, leis na gnéithe seo a leanas:

(a) fiúntas teicniúil, saintréithe aeistéitiúla agus feidhmiúla, inrochtaineacht, dearadh do gach úsáideoir, modhanna taighde agus forbartha;

(b) cuspóirí comhshaoil, cuspóirí a bhaineann leis an aeráid, cuspóirí sóisialta agus nuálaíochta i gcomhréir le hAirteagal 4(6), leasanna slándála agus sábháilteachta poiblí i gcomhréir le hAirteagal 28, nó ceanglais tosaíochta Eorpacha i gcás ina gcuireann ceannaitheoir poiblí na ceanglais sin i bhfeidhm i bhfoirm leithdháileadh pointí dámhachtana;

(c) cáilíocht na mball foirne arna sannadh a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar leibhéal feidhmíochta an chonartha, amhail eagrú, cáilíocht agus taithí na mball foirne atá sannta chun an conradh soláthair T&F a chomhlíonadh;

(d) cáilíocht eagrú na hoibre, cáilíocht leithdháileadh na n-acmhainní a shanntar do chomhlíonadh an chonartha soláthair T&F;

3. Beidh na critéir dhámhachtana neamh-idirdhealaitheach, comhréireach, sonrach, oibiachtúil agus intomhaiste; déanfar meastóireacht orthu i bpróiseas ina mbeidh coimircí leordhóthanacha in aghaidh neamhrialtachtaí. Ligfidh siad don cheannaitheoir poiblí comparáid éifeachtach a dhéanamh idir láidreachtaí agus laigí na seirbhísí T&F a thairgtear agus ní bheidh sé d'éifeacht acu saoirse neamhshrianta rogha a thabhairt don cheannaitheoir poiblí.

4. I nósanna imeachta soláthair T&F, cuirfidh ceannaitheoirí poiblí i bhfeidhm, mar chuid de na critéir dhámhachtana cháilíochta dá dtagraítear i mír 2, critéir dhámhachtana cháilíochta shainiúla atá ceaptha chun tomhas a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na tairiscintí ar an nuálaíocht agus ar bhreisluach a chruthú don Aontas. Áireofar an méid seo a leanas sna critéir dhámhachtana cháilíochta sin a bhaineann le nuálaíocht, dá dtagraítear i mír 2(e) den Airteagal seo:

(a) leibhéal nuálaíochta na tairisceana agus a mhéid a chuireann an leibhéal nuálaíochta sin le cáilíocht fhoriomlán an togra a bhfuil taighde, forbairt nó tástáil le déanamh air le linn an soláthair T&F, trí úsáid a bhaint, i gcás inar féidir, as critéir cháilíochta a bhaineann go sonrach leis na torthaí atá beartaithe don soláthar T&F;

(b) costas iomlán úinéireachta agus tairbhí fadtéarmacha na tairisceana, lena n-áirítear tionchar aon chur chuige innealtóireachta luacha a mholtar sa tairiscint ar na costais agus na tairbhí sin;

(c) tionchar na tairisceana ar shlabhra soláthair na teicneolaíochta a threisiú agus éiceachóras nuálaíochta a fhorbairt san Aontas, lena n-áirítear éiceachóras le haghaidh teicneolaíochtaí criticiúla;

(d) an sciar de luach na ngníomhaíochtaí a bheartaítear a dhéanamh san Aontas mar chuid den chonradh soláthair T&F;

(e) i gcás inarb infheidhme, a mhéid a bhfuil sé beartaithe ag an tairgeoir teicneolaíochtaí arna bhforbairt san Aontas a chomhtháthú, lena n-áirítear torthaí taighde agus forbartha a eascraíonn as cláir thaighde agus forbartha arna gcistiú go poiblí sa mhargadh inmheánach, agus a mhéid a bhaineann sé úsáid as uirlisí, amhail caighdeáin, sonraíochtaí, bogearraí nó samhlacha nó teicneolaíocht eile arna bhforbairt san Aontas.

5. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí critéir dhámhachtana eile a bhaineann le nuálaíocht a chur i bhfeidhm sa bhreis orthu siúd a leagtar síos i mír 4. Beidh ualú comhcheangailte na gcritéar dámhachtana uile a bhaineann le nuálaíocht cothrom le 15 % ar a laghad d'ualú iomlán na gcritéar dámhachtana uile, agus, ní bheidh ualú comhcheangailte na gcritéar dámhachtana a bhaineann le nuálaíocht dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) (d) agus (e) níos mó ná 15 % d'ualú iomlán na gcritéar dámhachtana uile. Is cuid de na critéir dhámhachtana cáilíochta dá dtagraítear i mír 2 iad na critéir dhámhachtana a bhaineann le nuálaíocht.

6. De mhaolú ar mhíreanna 4 agus 5, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid critéir dhámhachtana a bhaineann le nuálaíocht a chur i bhfeidhm de bhun an Airteagail seo

maidir le nósanna imeachta soláthair T&F arb é an t-aon ábhar atá acu soláthar seirbhísí comhairliúcháin taighde agus forbartha mar a chumhdaítear le cóid CPV 73200000-4, 73210000-7 agus 73220000-0.

Airteagal 18

Ceanglais a fhoirmiú maidir le saintréithe na seirbhísí T&F arna soláthar

1. Foirmeoidh ceannaitheoirí poiblí na ceanglais maidir le saintréithe na seirbhísí taighde agus forbartha atá le soláthar agus maidir lena dtorthaí beartaithe sna doiciméid soláthair san ord tosaíochta seo a leanas:

   (a) ceanglais arna sainordú le dlí;

   (b) ceanglais fheidhmiúla;

   (c) ceanglais feidhmíochta;

   (d) ceanglais dearaidh;

   Cuirfidh ceannaitheoirí poiblí an t-ord tosaíochta a leagtar amach sa chéad fhomhír i bhfeidhm maidir le gach saintréith ar leithligh.

   Mura bhforáiltear a mhalairt i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta is infheidhme, dréachtóidh ceannaitheoirí poiblí na ceanglais uile dá dtagraítear sa mhír seo ar bhealach a chuirfidh ar a chumas don tairgeoir comhlíonadh a chruthú trí bhíthin aon fhianaise choibhéiseach mhalartach.

2. Ní dhéanfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglas a fhoirmliú mar cheanglas feidhmíochta, mar cheanglas dearaidh ach amháin i gcás ina mbeidh sé neamhphraiticiúil ceanglas den sórt sin a dhréachtú mar cheanglas feidhmiúil.

3. I gcás nach sainordaítear le dlí aon cheanglas maidir le saintréith shonrach agus nach féidir tuairisc leordhóthanach a thabhairt ar shaintréith shonrach trí na ceanglais i mír 1, féadfar na ceanglais maidir leis an tsaintréith sin a fhoirmliú ar aon cheann de na bealaí seo a leanas trí thagairt, in ord tosaíochta, don mhéid seo a leanas:

   (a) caighdeáin chomhchuibhithe, chomh maith le caighdeáin agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú ar foilsíodh tagairtí dóibh chun críoch na míre seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar aon mhodh eile dá bhforáiltear i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus sonraíochtaí coiteanna, a thuigtear mar shonraíocht theicniúil seachas caighdeán agus arna ghlacadh ag an gCoimisiún, agus lena ndéantar foráil maidir le toimhde comhréireachta leis na ceanglais a leagtar amach i reachtaíocht ábhartha an Aontais;

   (b) Caighdeáin Eorpacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, lena n-áirítear caighdeáin náisiúnta lena dtrasuitear caighdeáin Eorpacha;

   (c) Doiciméid um Measúnú Eorpach;

   (d) caighdeáin idirnáisiúnta;

   (e) táirgí insoláthartha eile a bhaineann le caighdeánú arna mbunú ag eagraíocht Eorpach um chaighdeánú mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(f) i gcás nach ann d'aon cheann de na tagairtí a liostaítear i bpointí (a) go (f), caighdeáin náisiúnta, formheasanna teicniúla náisiúnta nó sonraíochtaí teicniúla náisiúnta.

Beidh na focail 'nó a choibhéis / nó a coibhéis / nó a gcoibhéis' ag gabháil le gach tagairt ach amháin más do shonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe éigeantacha a dhéantar an tagairt.

4. Áiritheoidh ceannaitheoirí poiblí nach dtagróidh na doiciméid soláthair do dhéanamh, d'ainm branda ná d'fhoinse ar leith, ná do phróiseas ar leith atá ina shaintréith de na táirgí, de na seirbhísí nó de na hoibreacha a sholáthraíonn oibreoir eacnamaíoch ar leith, ná do thrádmharcanna, paitinní, cineálacha nó tionscnamh nó táirgeadh ar leith a bhfuil sé d'éifeacht acu buntáiste a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha nó táirgí, seirbhísí nó oibreacha áirithe nó iad a dhíothú.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní cheadófar tagairtí den sórt sin ach i gcás nach féidir tuairisc atá beacht agus intuigthe go leor a thabhairt ar ábhar an chonartha soláthair T&F de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3. Ní mhaolóidh ceannaitheoirí poiblí ar an oibleagáid sin ach amháin má tá údar cuí leis de bharr ábhar an chonartha soláthair T&F, agus sa chás sin, beidh na focail 'nó a gcoibhéis' ag gabháil leis an tagairt.

Airteagal 19

Comhroinnt tairbhí riosca faoi dhálaí an mhargaidh

1. Áiritheoidh ceannaitheoirí poiblí nach bhfabhróidh cearta maoine intleachtúla ar na torthaí arna nginiúint ag conraitheoir i gcomhlíonadh conartha soláthair T&F go heisiach chuig an gceannaitheoir poiblí dá úsáid agus a ghnóthaí féin á reáchtáil aige, ach go ndéanfaidh an ceannaitheoir poiblí na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann leis na cearta maoine intleachtúla sin a chomhroinnt leis an gconraitheoir faoi dhálaí an mhargaidh. Chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, comhlíonfaidh ceannaitheoirí poiblí agus conraitheoirí na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 2 go 9:

2. Beidh sé de cheart ag conraitheoirí úinéireacht a choinneáil ar na cearta maoine intleachtúla maidir leis na torthaí a ghin siad i gcomhlíonadh conartha soláthair T&F. Leis an gconradh soláthair T&F, tabharfar an ceart sin do chonraitheoirí atá faoi réir oibleagáid ar chonraitheoirí a dtorthaí a chosaint, a ndícheall a dhéanamh a dtorthaí a thráchtálú agus gan na torthaí a úsáid atá contrártha do leas an phobail.

3. Tabharfaidh conraitheoirí fógra do cheannaitheoirí poiblí a luaithe is féidir maidir le haon torthaí is féidir a shaothrú laistigh d'uastréimhse ó ghiniúint na dtorthaí a shonraítear i gconradh soláthair T&F. Áireofar san fhógra sin cinneadh an chonraitheora na torthaí sin a chosaint agus a thráchtálú. I gcás ina gcinnfidh conraitheoirí gan torthaí a chosaint ná a thráchtálú mar a shainmhínítear i gconradh soláthair T&F, beidh sé de cheart ag an gceannaitheoir poiblí, de mhaolú ar mhír 2 agus gan aon dochar do chearta morálta na n-údar, an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) an ceart a dheonú, i gcomhaontú leis an gconraitheoir, d'fhoireann an chonraitheora na torthaí sin a chosaint agus úinéireacht ar na cearta maoine intleachtúla i leith na dtorthaí sin a fháil; nó

   (b) na torthaí sin a chosaint é féin, úinéireacht na gceart maoine intleachtúla ar na torthaí sin a fháil é féin, agus na torthaí a aistriú nó a cheadúnú faoi choinníollacha córa réasúnacha agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.

4. Gheobhaidh ceannaitheoirí poiblí saor-rochtain ar a laghad ar na torthaí arna nginiúint ag na conraitheoirí i gcomhthéacs conradh soláthair T&F dá n-úsáid féin agus lena n-úsáid ag a gconraitheoirí reatha agus ag a gconraitheoirí amach anseo i gcomhlíonadh aon chonarthaí arna ndámhachtain ag na ceannaitheoirí poiblí sin. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglas a leagan síos freisin go n-áireofar le saor-rochtain den sórt sin, sa bhreis ar chearta úsáide, cearta rochtana amhail cearta i ndáil leis na torthaí a mhodhnú agus a choinneáil ar bun.

5. I gcásanna éigeandála nach bhfuil conraitheoirí in ann an t-éileamh ina dhiaidh sin ar thorthaí an chonartha soláthair T&F ar mhargadh an Aontais a chomhlíonadh, beidh sé de cheart ag ceannaitheoirí poiblí ceadúnais a dheonú do thríú páirtithe, nó ceanglas a leagan síos go mbeidh ar chonraitheoirí ceadúnais a dheonú do thríú páirtithe, chun úsáid tráchtála a bhaint as torthaí an chonartha soláthair T&F ar bhonn neamheisiach, gan aon cheart focheadúnas a dheonú, agus faoi choinníollacha cothroma réasúnacha.

6. I gcás ina mainníonn conraitheoirí a dtorthaí a thráchtálú laistigh de thréimhse réasúnta dá bhforáiltear sa chonradh soláthair T&F ach ina dtugann siad cúiseanna dlisteanacha leis an mainneachtain sin, déanfaidh ceannaitheoirí poiblí an méid seo a leanas:

   (a) a fhíorú leis na conraitheoirí an bhfuil siad in ann agus toilteanach na torthaí a thráchtálú má thugtar méid réasúnta ama breise dóibh;

   (b) i gcás ina bhfíoraítear nach bhfuil na conraitheoirí in ann nó nach bhfuil siad toilteanach na torthaí a thráchtálú, nó ina mainníonn siad na torthaí a thráchtálú laistigh den tréimhse bhreise dá dtagraítear i bpointe (a), agus sa chás sin amháin, beidh sé de cheart acu:

      (a) ceadúnais a dheonú nó ceangal a chur ar chonraitheoirí ceadúnais a dheonú do thríú páirtithe, faoi choinníollacha cothroma réasúnacha, chun torthaí an chonartha soláthair T&F a úsáid ar bhonn tráchtála ar bhonn neamheisiach, gan aon cheart a bheith ann focheadúnas a dheonú; nó

      (b) i gcás nach leor gníomhaíocht cheadúnúcháin dá dtagraítear i bpointe (i) chun an tráchtálú atá ina cheanglas leis an gconradh soláthair T&F a bhaint amach, agus sa chás sin amháin, ceanglas a leagan síos go mbeidh ar an gconraitheoir úinéireacht na dtorthaí sin a aistriú chuig na ceannaitheoirí poiblí, faoi choinníollacha cothroma agus réasúnacha, gan aon dochar do chearta morálta údar.

7. I gcás ina mainníonn conraitheoirí a dtorthaí a thráchtálú laistigh de thréimhse réasúnta dá bhforáiltear sa chonradh soláthair T&F agus nach dtugann siad údar leis sin ar chúiseanna dlisteanacha nó i gcás ina n-úsáideann conraitheoirí na torthaí sin ar bhealach atá contrártha do leas an phobail, agus i gcás inar theip ar iarrachtaí arna ndéanamh ag ceannaitheoirí poiblí údarú a fháil ó na conraitheoirí laistigh de thréimhse réasúnta ama chun na torthaí a cheadúnú ar choinníollacha cothroma agus réasúnacha, beidh sé de cheart ag ceannaitheoirí poiblí an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) ceadúnais a dheonú nó ceangal a chur ar chonraitheoirí ceadúnais a dheonú do thríú páirtithe chun torthaí an chonartha soláthair T&F a úsáid ar bhonn tráchtála ar bhonn neamheisiach, gan aon cheart a bheith ann focheadúnas a dheonú gan cúiteamh airgeadais a sholáthar do na conraitheoirí; nó

(b) i gcás nach leor an ghníomhaíocht i bpointe (a) chun cosc a chur ar úsáid na dtorthaí ar bhealach atá contrártha do leas an phobail nó chun an tráchtálú a cheanglaítear le conradh soláthair T&F a bhaint amach, ceangal a chur ar an gconraitheoir úinéireacht a aistriú gan na torthaí sin chuig na ceannaitheoirí poiblí, gan cúiteamh airgeadais a sholáthar do na conraitheoirí, gan aon dochar do chearta morálta na n-údar.

8. Chun críoch mhíreanna 6 agus 7, áirítear ar chúiseanna dlisteanacha i gcás ina léiríonn an conraitheoir go ndearna sé a dhícheall na torthaí a thráchtálú agus mí-úsáid na dtorthaí a sheachaint ar bhealach atá contrártha do leas an phobail.

9. Tabharfaidh conraitheoirí fógra do cheannaitheoirí poiblí roimh ré faoi aon rún ceadúnú eisiach nó aistriú úinéireachta a dhéanamh ar thorthaí soláthair T&F. Beidh sé de cheart ag ceannaitheoirí poiblí agóid a dhéanamh in aghaidh ceadúnú eisiach nó aistriú úinéireachta ar thorthaí soláthair T&F ag conraitheoirí aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeadh tionchar diúltach ag ceadúnú nó aistriú den sórt sin ar rochtain an cheannaitheora phoiblí ar na torthaí nó ar shaothrú tráchtála na dtorthaí;

(b) i gcás ina mbeadh ceadúnú nó aistriú den sórt sin contrártha do leas an phobail in earnálacha atá ríthábhachtach d'fhorbairt shocheacnamaíoch nó theicneolaíoch an Aontais nó Bhallstáit na gceannaitheoirí poiblí;

(c) i gcás ina dtiocfadh na torthaí sin faoi réir rialú nó teorannú eile ag tír seachas na tíortha sin dá dtagraítear in Airteagal 11(1), ar bhealach a mbeadh tionchar diúltach aige ar rochtain an cheannaitheora phoiblí ar na torthaí nó ar shaothrú tráchtála na dtorthaí, dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, nó ar bhealach a bheadh contrártha le leas an phobail, dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo.

10. I gcás soláthairtí T&F nach soláthairtí réamhthráchtála iad, de mhaolú ar mhíreanna 1 go 9, i gcás ina bhfuil údar cuí leis mar gheall ar aon cheann de na cúiseanna sáraitheacha leasa phoiblí seo a leanas a shonrófar sna doiciméid soláthair, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí úinéireacht na gceart maoine intleachtúla a fháil ar na torthaí a ghineann conraitheoirí i gcomhthéacs conartha soláthair T&F:

(a) i gcás inar gá agus ina bhfuil údar maith leis chun cosaint leasanna slándála agus sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit de réir bhrí Airteagal 28(2) a áirithiú;

(b) i gcás inar gá chun mí-úsáid na dtorthaí ag conraitheoirí nó ag tríú páirtithe eile a chosc agus nach bhfuil aon bhealach éifeachtach eile ann chun mí-úsáid den sórt sin a chosc.

(c) i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an gceannaitheoir poiblí cearta eisiacha a bheith aige chun leas a bhaint as na cearta maoine intleachtúla chun na dtorthaí a ghineann conraitheoirí;

I gcás ina bhfaigheann ceannaitheoirí poiblí úinéireacht ar chearta maoine intleachtúla i gcomhréir leis an gcéad fhomhír:

(a) má theipeann orthu leas a bhaint as cearta maoine intleachtúla a fuarthas faoi phointe (c) de mhír 10 laistigh de thréimhse ceithre bliana ón dáta a fuair siad úinéireacht ar na cearta maoine intleachtúla, tairgfidh siad úinéireacht na gceart maoine intleachtúla sin a aistriú nó déanfaidh siad iad a cheadúnú faoi choinníollacha córa réasúnacha agus ar mhodh neamh-idirdhealaitheach;

(b) má chinneann siad úinéireacht na gceart maoine intleachtúla sin a aistriú nó má dhéanann siad iad a cheadúnú, déanfaidh siad amhlaidh faoi choinníollacha córa réasúnacha agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach;

(c) áiritheoidh siad go bhféadfar na torthaí uile nach n-eascraíonn cearta maoine intleachtúla astu a scaipeadh go forleathan, gan dochar d'oibleagáidí rúndachta agus cosanta sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 39 chun an liosta cásanna a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo a leasú, agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

(a) an tionchar ar thráchtálú torthaí T&F a mhéadú;

(b) an tionchar ar fheabhas a chur ar an rochtain atá ag fiontair nuálacha, lena n-áirítear go háirithe gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú, agus iontrálaithe nua sa mhargadh;

(c) an tionchar ar fhorbairt shocheacnamaíoch nó theicneolaíoch san Aontas;

(d) an tionchar ar uathriail straitéiseach agus ar shlándáil eacnamaíoch an Aontais;

(e) an tionchar ar leasanna an phobail a chosaint;

11. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí an méid seo a leanas:

(a) ceangal a chur ar chonraitheoirí a shonrú i gcomhaontuithe fochonraitheoireachta go bhfuil fochonraitheoirí faoi cheangal ag na cearta agus na hoibleagáidí maoine intleachtúla céanna is infheidhme maidir le conraitheoirí faoi chonradh soláthair T&F, go háirithe go gcuirtear oibleagáidí an chonraitheora faoi chonradh soláthair T&F ar aghaidh chuig an úinéir nó chuig an gceadúnaí nua in aon chomhaontú aistrithe nó ceadúnaithe ina dhiaidh sin agus go bhfuil sé d'oibleagáid ar an úinéir nó ar an gceadúnaí nua iad a chur ar aghaidh in aon aistriú nó ceadúnú ina dhiaidh sin.

(b) agus oibleagáidí a dhéanann difear do chosaint ceart maoine intleachtúla i gcomhthéacs conarthaí soláthair T&F á dtarraingt suas agus á gcur chun feidhme, an dlí is infheidhme de chuid an Aontais maidir le maoin intleachtúil, Comhaontú TRIPS[43] agus oibleagáidí idirnáisiúnta eile de chuid an Aontais nó na mBallstát lena mbaineann a chomhlíonadh.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), i gcás nach bhfuil rannpháirtíocht i soláthar T&F teoranta d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil a dtionscnamh sna Ballstáit, caithfidh ceannaitheoirí poiblí le hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil a dtionscnamh i mBallstáit eile de chuid EDT ar bhealach nach lú fabhar ná oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil a dtionscnamh i dtír an cheannaitheora phoiblí féin maidir le maoin intleachtúil a chosaint, mura bhforáiltear a mhalairt i gComhaontú TRIPS.

Airteagal 20

Modhnuithe conartha

[43] An Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS), a leagtar amach in Iarscríbhinn 1C a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, IO L 336, 23.12.1994, lch. 214, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/800(16)/oj.

1. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí conarthaí soláthair T&F arna ndámhachtain a mhodhnú le linn a dtéarma gan nós imeachta soláthair nua T&F i gcás ina ndearnadh foráil maidir leis an bhféidearthacht sin, gan beann ar luach airgeadaíochta na modhnuithe, sna doiciméid soláthair tosaigh i gclásail athbhreithnithe shoiléire, bheachta agus aonchiallacha, a bhféadfadh clásail nó roghanna athbhreithnithe praghsanna a bheith san áireamh iontu. Sonrófar sna clásail sin raon feidhme agus cineál na modhnuithe nó na roghanna a d'fhéadfaí a dhéanamh chomh maith leis na coinníollacha faoina bhféadfar iad a úsáid. Ní dhéanfar foráil i gclásail den sórt sin maidir le modhnuithe ná roghanna lena n-athrófaí cineál foriomlán an chonartha soláthair T&F.

2. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí conarthaí soláthair T&F arna ndámhachtain a mhodhnú freisin le linn a dtéarma gan nós imeachta soláthair nua T&F ar choinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

   (a) nach modhnú substaintiúil é de réir bhrí mhír 3 nó i gcás inar modhnú substaintiúil é ach ina dtagann sé faoi réim aon cheann de na cásanna a liostaítear i mír 4;

   (b) freagraíonn an modhnú do riachtanais oibiachtúla a thagann chun cinn le linn chomhlíonadh an chonartha soláthair T&F, tá sé teoranta don mhéid is gá agus is iomchuí chun a fheidhmíocht agus a leanúnachas a áirithiú agus ní athraíonn sé cothromaíocht eacnamaíoch tosaigh an chonartha i bhfabhar an chonraitheora ar bhealach nach ndearnadh foráil dó sa chonradh bunaidh.

3. Measfar modhnú a bheith substaintiúil i gceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:

   (a) tugtar isteach leis an modhnú coinníollacha lena gceadófaí, dá mbeidís ina gcuid den nós imeachta soláthair tosaigh, iarrthóirí eile a ligean isteach seachas iad siúd a roghnaíodh ar dtús nó glacadh le tairiscint seachas an tairiscint ar glacadh léi ar dtús nó lena meallfaí rannpháirtithe breise sa nós imeachta soláthair;

   (b) i gcás ina n-athraíonn sé téarmaí nó coinníollacha bunriachtanacha an chonartha, amhail

   (c) athrú ar chothromaíocht eacnamaíoch an chonartha soláthair T&F i bhfabhar an chonraitheora ar bhealach nach ndearnadh foráil dó sa chonradh bunaidh mar thoradh ar cheachtar díobh;

      (a) raon feidhme an chonartha soláthair T&F a leathnú go suntasach;

      (b) céannacht an chonraitheora i gcásanna eile seachas na cásanna sin dá bhforáiltear faoi mhír 4, pointe (c).

4. Ar choinníoll nach n-athróidh siad cothromaíocht eacnamaíoch tosaigh an chonartha soláthair T&F i bhfabhar an chonraitheora ar bhealach nach ndearnadh foráil maidir leis sa chonradh soláthair tosaigh T&F, ní cheadófar modhnuithe substaintiúla de réir bhrí mhír 2 ach amháin sna cásanna seo a leanas:

   (a) i gcás inar tháinig seirbhísí breise, nó soláthairtí breise chun bheith riachtanach le linn chomhlíonadh an chonartha soláthair T&F, ar choinníoll nach bhfuil athrú conraitheora indéanta go teicniúil ná go heacnamaíoch, lena n-áirítear mar gheall ar idirspleáchas le hoibreacha nó seirbhísí atá ann cheana nó mar gheall ar mhéadú suntasach ar chostais;

(b) i gcás inar gá an modhnú i ngeall ar imthosca nach bhféadfadh ceannaitheoir poiblí dícheallach a bheith ag súil leo go réasúnta tráth seolta an nós imeachta soláthair T&F, agus a dhéanann difear mór do chomhlíonadh nó d'indéantacht an chonartha, lena n-áirítear:

(a) athruithe substaintiúla ar an gcreat rialála nó dlíthiúil is infheidhme;

(ii) mórfhorbairtí teicneolaíochta;

(iii) mórshuaitheadh, éigeandálaí nó géarchéimeanna a mbeidh tionchar mór eacnamaíoch, sochaíoch nó oibríochtúil acu;

(c) i gcás ina gcuirtear eintiteas eile in ionad an chonraitheora bunaidh i gceann de na cásanna seo a leanas:

(a) tar éis cumaisc, táthcheangail, éadála, dócmhainneachta nó athstruchtúrú corparáideach eile, tagann oibreoir eacnamaíoch eile, go hiomlán nó go páirteach, i gcomharbas ar chearta agus oibleagáidí an chonraitheora bunaidh, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-eintiteas nua na critéir roghnúcháin cháilíochtúla bhunaidh, nach ndéantar aon mhodhnú substaintiúil eile ar chonradh soláthair T&F agus go bhfuil an t-athsholáthar beartaithe chun teacht timpeall ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo; nó

(ii) i gcás ina nglacfaidh an ceannaitheoir poiblí féin oibleagáidí an phríomhchonraitheora i leith a fhochonraitheoirí air féin i gcás ina bhforáiltear don fhéidearthacht sin faoin dlí náisiúnta.

5. Measfar modhnú, nach mó a luach ná 15 % de luach an chonartha soláthair tosaigh T&F, a bheith neamhshubstaintiúil agus féadfar é a dhéanamh gan nós imeachta soláthair nua, ar choinníoll nach n-athróidh an modhnú cothromaíocht eacnamaíoch tosaigh an chonartha soláthair T&F i bhfabhar an chonraitheora ar bhealach nach ndearnadh foráil dó sa chonradh soláthair tosaigh T&F.

I gcás ina ndéanfar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, déanfar measúnú ar na tairseacha ar bhonn ghlanluach carnach na modhnuithe i ndiaidh a chéile.

6. Sula modhnóidh sé an conradh soláthair T&F, suífidh an ceannaitheoir poiblí, ar bhonn gnéithe oibiachtúla infhíoraithe, go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 á gcomhlíonadh. Coinneoidh ceannaitheoirí poiblí taifid mhionsonraithe i scríbhinn ar bun ar eilimintí fíor-riachtanacha an mhodhnaithe, lena n-áirítear an t-údar atá leis, a riachtanas nó a oiriúnacht, agus a thionchar ar chothromaíocht eacnamaíoch an chonartha, go háirithe ar leithdháileadh rioscaí agus buntáistí eacnamaíocha, chun údar a thabhairt le cinntí chun conradh soláthair T&F a mhodhnú agus chun gur féidir le comhlachtaí inniúla maoirseachta, iniúchóireachta agus athbhreithnithe comhlíonadh an Airteagail seo a fhíorú.

7. Sula ndéanfar aon mhodhnú ar chonradh soláthair T&F ar mó é ná 50 % de luach measta tosaigh an chonartha, foilseoidh na ceannaitheoirí poiblí fógra modhnaithe conartha chuige sin. Beidh san fhógra sin an t-údar atá leis an modhnú gan nós imeachta soláthair nua. Ní bheidh sé d'aidhm ag modhnuithe sin a dhéanfar i ndiaidh a chéile teacht timpeall ar an Rialachán seo.

8. I gcás ina ndéanfaidh ceannaitheoirí poiblí conradh soláthair T&F a mhodhnú go substaintiúil i gcomhréir le mír 4, agus nach mó an modhnú ná 50 % de luach measta tosaigh an chonartha, foilseoidh siad fógra modhnaithe conartha laistigh de 20 lá féilire ón dáta a ndearnadh an modhnú.

9. Ní úsáidfear modhnuithe ar chonradh soláthair T&F chun easnaimh i bhfeidhmíocht an chonraitheora a leigheas nach bhfuil údar leo de bharr imthosca nach bhfuil neart aige orthu.

Airteagal 21

Innealtóireacht luacha

1. Cuirfidh ceannaitheoirí poiblí clásal innealtóireachta luacha isteach i ngach conradh soláthair T&F atá faoi réir an Rialacháin seo agus ar mó a luach measta glan ó CBL ná:

   (a) EUR 10 milliún ón… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

   (b) EUR 9 milliún ón… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

   (c) EUR 8 milliún ón… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

   (d) EUR 7 milliún ón… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

   (e) EUR 6 milliún ón… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

   (f) EUR 5 milliún ón… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

   Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí clásal innealtóireachta luacha a áireamh i gconarthaí soláthair T&F a bhfuil luach measta níos ísle acu.

2. Áireoidh ceannaitheoirí poiblí an méid seo a leanas sa chonradh soláthair T&F:

   (a) clásail innealtóireachta luacha lena spreagtar conraitheoirí chun tograí maidir le hathrú innealtóireachta luacha a chur isteach le linn fheidhmiú an chonartha soláthair T&F (‘clásail innealtóireachta luacha dheonaigh’); nó

   (b) clásail innealtóireachta luacha lena gceanglaítear ar chonraitheoirí tograí maidir le hathrú innealtóireachta luacha a chur faoi bhráid an cheannaitheora phoiblí go tráthrialta le linn fheidhmiú an chonartha soláthair T&F (‘clásail innealtóireachta luacha éigeantacha’).

   Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí na hinnealtóireachta luacha éigeantaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), a úsáid le haghaidh an chonartha soláthair T&F ina iomláine nó gan iad a úsáid ach le haghaidh codanna den chonradh soláthair T&F amháin.

   I gcás ina n-úsáidfidh ceannaitheoirí poiblí innealtóireacht luacha éigeantach le haghaidh codanna den chonradh soláthair T&F, foirmeoidh siad, sna doiciméid soláthair, na ceanglais a bhaineann leis na codanna sin mar cheanglais fheidhmiúla nó ceanglais feidhmíochta.

   Áireoidh conraitheoirí clásail chomhfhreagracha éigeantacha nó dheonacha innealtóireachta luacha in aon chomhaontú fochonraitheoireachta ar mó a luach ná na luachanna dá dtagraítear i mír 1 an dáta a thabharfar an comhaontú fochonraitheoireachta i gcrích. Féadfaidh siad clásail chomhfhreagracha éigeantacha

nó dheonacha innealtóireachta luacha a áireamh i gcomhaontuithe fochonraitheoireachta faoi bhun na luachanna sin.

3. I gcás ina gcuirfidh conraitheoirí tograí isteach le haghaidh athrú bunaithe ar innealtóireacht luacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2, áireoidh siad an méid seo a leanas sna tograí sin:

   (a) na hathruithe uile atá beartaithe ar aon cheann de na seirbhísí taighde agus forbartha arna soláthar mar chuid den soláthar T&F

   (b) tuairisc ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe atá beartaithe dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír sin ar chearta agus oibleagáidí na bpáirtithe sa chonradh soláthair T&F, lena n-áirítear aon tionchar ar phraghas codanna éagsúla den chonradh soláthair T&F dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, nó ar chúraimí an chonraitheora;

   (c) anailís fhianaisebhunaithe ar an gcostas agus ar an tairbhe a mheastar a bheidh ag baint leis na hathruithe atá beartaithe;

   (d) i gcás fochonraitheoireachta, aon togra maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha óna bhfochonraitheoirí, ar cinn iad is gá chun togra an chonraitheora maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha a chur chun feidhme

4. Ní ghlacfaidh ceannaitheoirí poiblí le tograí maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha:

   (a) a dhéanfaidh ábhar an chonartha soláthair T&F a athrú;

   (b) dochar a dhéanamh d'fheidhmeanna nó do shaintréithe fíor-riachtanacha na seirbhísí T&F a sholáthraítear nó do na torthaí atá beartaithe dóibh mar a thuairiscítear sna ceanglais fheidhmiúla nó feidhmíochta;

   (c) athrú ar chainníochtaí inseachadta na seirbhísí T&F arna soláthar agus na torthaí atá beartaithe dóibh amháin a bheith i gceist leo;

   (d) a bhfuil i gceist leo athrú a dhéanamh ar mhíreanna deiridh taighde agus forbartha nó ar chainníochtaí tástála taighde agus forbartha nach n-eascraíonn ach as tástáil roimhe sin faoin gconradh soláthair T&F.

5. Sonróidh ceannaitheoirí poiblí sna doiciméid soláthair go bhféadfaidh siad leasuithe a d'fhéadfadh praghas an chonartha soláthair T&F a laghdú nó a mhéadú a fhormheas tar éis togra maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha a fháil ón gconraitheoir. Sonrófar sna doiciméid soláthair teorainneacha na méaduithe ceadaithe ar phraghas an chonartha soláthair T&F i ngeall ar leasuithe conartha lena gcuirtear togra maidir le hathrú ar innealtóireacht luacha i bhfeidhm. Déanfar aon leasú conartha den sórt sin maidir le hinnealtóireacht luacha i gcomhréir le hAirteagal 20.

6. Leagfaidh ceannaitheoirí poiblí amach sna doiciméid soláthair rátaí comhroinnte dreasachtaí lena roinntear idir ceannaitheoirí poiblí agus conraitheoirí aon ghlanchoigilteas costais bhaint amach do cheannaitheoirí poiblí ar bhonn tograí maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha ar cinn iad a glacadh leo maidir leis an gconradh soláthair T&F atá á fheidhmiú. I gcás ina gcruthaíonn togra maidir le hathrú innealtóireachta luacha glanchoigilteas costais do cheannaitheoirí poiblí ar chonarthaí soláthair T&F a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, sonrófar sna doiciméid soláthair cé acu a íocfaidh nó nach n-íocfaidh an ceannaitheoir poiblí sciar

an chonraitheora de choigilteas conartha mar íocaíocht aonair nó mar shraith íocaíochtaí le himeacht ama de réir mar a dhámhfar conarthaí soláthair T&F amach anseo. Áiritheoidh ceannaitheoirí poiblí nach mbeidh sciar an chonraitheora de choigilteas costais a íocann sé leis an gconraitheoir mar chuid de sholáthar T&F cothrom le costas na seirbhísí taighde agus forbartha a dhéantar mar chuid den chonradh soláthair T&F, nó níos mó ná an costas sin.

7. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí glacadh go haontaobhach le haon togra maidir le hathrú innealtóireachta luacha nó diúltú dó, go hiomlán nó go páirteach. Mura nglacann an ceannaitheoir poiblí le togra maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha, tabharfaidh an ceannaitheoir poiblí fógra i scríbhinn don chonraitheoir ina míneoidh sé na cúiseanna leis an diúltú. Féadfaidh an conraitheoir aon togra maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha a tharraingt siar, go hiomlán nó go páirteach, tráth ar bith sula nglacfaidh an ceannaitheoir poiblí leis. Go dtí go gcuirfear togra maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha i bhfeidhm maidir leis an gconradh soláthair T&F atá á fheidhmiú, leanfaidh an conraitheoir de bheith ag feidhmiú i gcomhréir leis an gconradh soláthair T&F atá ann cheana.

Airteagal 22

Ilfhoinsiú

1. Cuirfidh ceannaitheoirí poiblí ilfhoinsiú i bhfeidhm i nósanna imeachta soláthair T&F agus dámhfaidh siad conarthaí soláthair T&F iomadúla do chonraitheoirí iomadúla.

2. Léireoidh ceannaitheoirí poiblí sna doiciméid soláthair an líon íosta conarthaí soláthair T&F a mheastar a dhámhfar i gcomhréir le mír 1.

3. Déanfar conarthaí soláthair T&F de réir ilfhoinsithe a dhámhachtain agus a shíniú in ord liosta rangaithe na dtairiscintí ón scór is airde go dtí an scór is ísle ar bhonn na meastóireachta orthu i gcomhréir le hAirteagal 11, ach amháin má tá cúiseanna cuí-réasúnaithe ann chun cur chuige eile a ghlacadh, i gcomhréir go hiomlán le prionsabail na córa comhionainne agus na trédhearcachta. Dámhfar gach conradh soláthair T&F laistigh den nós imeachta soláthair T&F céanna.

4. Chun an líon conarthaí soláthair T&F atá le dámhachtain i gcomhréir le mír 1 a chinneadh, cuirfidh ceannaitheoirí poiblí san áireamh na tairbhí is féidir leis an ilfhoinsiú a ghiniúint chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) róspleáchas ar chonraitheoir amháin nó ar líon teoranta conraitheoirí a sheachaint le haghaidh táirgí, oibreacha nó seirbhísí atá fíor-riachtanach d'oibríochtaí inmheánacha nó seachtracha an cheannaitheora phoiblí, nó le haghaidh táirgí, oibreacha nó seirbhísí atá bunaithe ar theicneolaíochtaí criticiúla nó ar amhábhair chriticiúla;

   (b) rioscaí teicneolaíochta nó nuálaíochta a laghdú, lena n-áirítear iad a laghdú trína spreagadh go ndéanfar torthaí malartacha ó chonraitheoirí éagsúla a fhorbairt, a thástáil nó a chomhtháthú;

   (c) dul i ngleic le cásanna nach bhfuil iomaíocht leordhóthanach sa mhargadh nó chun gaibhniú soláthróirí a chosc nó a laghdú trí níos mó iomaíochta a spreagadh sa mhargadh;

(d) suaitheadh seirbhíse agus pointe aonair teipe a mhaolú trí iomarcaíocht theicniúil a áirithiú maidir le bonneagar, líonra nó córas seachadta seirbhíse an cheannaitheora phoiblí;

(e) i gcás inar gá agus ina bhfuil údar maith leis chun leasanna slándála agus sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a chosaint de réir bhrí Airteagal 28(2), líon íosta conarthaí soláthair T&F a fhorchoimeád d'oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 11(6).

5. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil údar cuí leis mar gheall ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas, a shonrófar sna doiciméid soláthair, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí conradh soláthair T&F aonair a dhámhachtain gan ilfhoinsiú a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Airteagal seo:

(a) Nósanna imeachta soláthair T & F arb é soláthar seirbhísí comhairliúcháin taighde agus forbartha a chumhdaítear le cóid CPV 73200000-4, 73210000-7 agus 73220000-0 an t-aon ábhar atá acu;

(b) i soláthairtí T&F nach soláthairtí réamhthráchtála iad, i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go léiríonn torthaí an chomhairliúcháin margaidh dá dtagraítear in Airteagal 9 agus an taighde margaidh go bhfuil an margadh róbheag do chonraitheoirí iomadúla chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta soláthair T&F;

(b) ní mó na tairbhí fadtéarmacha a bhaineann le hilfhoinsiú mar a liostaítear i mír 4 den Airteagal seo ná na costais bhreise don cheannaitheoir poiblí a chuireann ilfhoinsiú i bhfeidhm;

(c) is gá conradh soláthair T&F aonair a dhámhachtain agus tá údar leis chun cosaint leasanna slándála agus sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a áirithiú de réir bhrí Airteagal 28(2);

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 39 chun an liosta cásanna a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo a leasú agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

(a) an tionchar ar thráchtálú torthaí T&F a mhéadú;

(b) an tionchar ar fheabhas a chur ar an rochtain atá ag fiontair nuálacha, lena n-áirítear go háirithe gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú, agus iontrálaithe nua sa mhargadh;

(c) an tionchar ar fhorbairt shocheacnamaíoch nó theicneolaíoch san Aontas;

(d) an tionchar ar uathriail straitéiseach agus ar shlándáil eacnamaíoch an Aontais;

(e) an tionchar ar leasanna an phobail a chosaint;

Airteagal 23

Glao ar thairiscintí maidir le soláthar T&F

1. Fógróidh ceannaitheoirí poiblí seoladh an ghlao ar thairiscintí le haghaidh sholáthar T&F trí bhíthin fógra conartha. Maidir leis an bhfógra sin:

(a) foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus, ina dhiaidh sin, foilseofar é freisin ar thairseach soláthair náisiúnta Bhallstát an cheannaitheora phoiblí;

(b) beidh na heilimintí seo a leanas iontu:

(a) tagairtí do na cóid CPV ábhartha le haghaidh seirbhísí taighde agus forbartha

(b) léiriú, i gcás inarb ábhartha, go mbaineann an glao ar thairiscintí le nuálaíocht tríd an réimse 'nuálaíocht' a mharcáil san fhógra conartha agus trí na focail 'Soláthar Réamhthráchtála' a áireamh sa réimse 'teideal an tsoláthair';

(c) luach measta an tsoláthair T&F arna ríomh de bhun na modheolaíochta a leagtar síos in Airteagal 10(5).

2. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí seoladh an ghlao ar thairiscintí T&F ar sholáthar chuig an margadh a chur chun cinn go forleathan. Chuige sin, tar éis seoladh an ghlao ar thairiscintí a fhógairt trí bhíthin fógra conartha, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí seoladh an ghlao ar thairiscintí a fhoilsiú agus a chur chun cinn trí aon mheán atá ar fáil go forleathan.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, i gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis chun cosaint leasanna slándála nó sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a áirithiú de réir bhrí Airteagal 28(2), foilseoidh ceannaitheoirí poiblí agus cuirfidh siad chun cinn an fógra conartha ina bhfágfar ar lár an fhaisnéis íogair uile agus ina n-iarrfar ar oibreoirí eacnamaíocha a spéis a chur in iúl tairiscintí a chur isteach le haghaidh sholáthar T&F. Ní sheolfar faisnéis íogair ach amháin chuig oibreoirí eacnamaíocha a léirigh spéis, a chomhlíonann na critéir roghnúcháin agus nach bhfuil riosca slándála ag baint leo de réir bhrí Airteagal 28(4), pointe (d).

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, i gcás ina mbeadh foilsiú fógra conartha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus foilsiú eilimintí eile sna doiciméid soláthair dá dtagraítear in Airteagal 10 ag teacht salach ar leasanna slándála agus sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit de réir bhrí Airteagal 28(2), ní thabharfaidh na ceannaitheoirí poiblí cuireadh chun tairisceana ná ní thabharfaidh siad na doiciméid soláthair ach amháin d'oibreoirí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach agus a sainaithníodh le linn an chomhairliúcháin margaidh dá dtagraítear in Airteagal 9 agus le linn taighde margaidh, a chomhlíonann na critéir cháilíochta agus nach bhfuil riosca slándála ag baint leo de réir bhrí Airteagal 28(4), pointe (d).

5. Is é an teorainn ama íosta chun tairiscintí a fháil 1 mhí ón dáta a seoladh an fógra conartha lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Is féidir leis an gceannaitheoir poiblí an teorainn ama íosta sin a ghiorrú i gcás inar gníomhachtaíodh modh éigeandála de bhun Rialachán (AE) 2024/2747[44], inar gníomhachtaíodh an

[44] Rialachán (AE) 2024/2747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear creat beart a bhaineann le héigeandáil sa mhargadh inmheánach agus le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle (Gníomh um Éigeandálaí sa Mhargadh Inmheánach agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh) (IO L, 2024/2747, 8.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2747/oj).

creat éigeandála de bhun Rialachán (AE) 2022/2372[45] ón gComhairle, inar ann do bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte de bhun Rialachán (AE) 2022/2371[46], nó inar fhógair an Coimisiún géarchéim nó staid éigeandála. Is é an uasteorainn ama do cheannaitheoirí poiblí chun an mheastóireacht ar na tairiscintí a chur i gcrích agus chun fógra a thabhairt do thairgeoirí faoin gcinneadh dámhachtana 60 lá féilire ón sprioc-am chun na tairiscintí a fháil.

6. Fíoróidh ceannaitheoirí poiblí, ar bhonn na faisnéise sa tairiscint, cé na tairgeoirí a bhfuil rochtain acu ar an soláthar T&F i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 11.

7. Gan dochar d'Airteagal 15(9), déanfaidh ceannaitheoirí poiblí meastóireacht ar na tairiscintí uile arna gcur isteach ag tairgeoirí a bhfuil rochtain acu ar sholáthar T&F ar bhonn critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha trí fhorais eisiaimh agus na critéir roghnúcháin is infheidhme a leagtar síos in Airteagail 13, 14 agus 15, na híoscheanglais atá le comhlíonadh ag na tairgeoirí uile agus na critéir dhámhachtana is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 17 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na critéir dhámhachtana a bhaineann le nuálaíocht, agus dréachtóidh siad liosta rangaithe de thairiscintí a ndearnadh meastóireacht orthu.

8. Tar éis na tairiscintí tosaigh a chur isteach, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí agallaimh a dhéanamh leis na hoibreoirí eacnamaíocha agus féadfaidh siad caibidlíocht a dhéanamh laistigh de bhabhta amháin nó níos mó. Áiritheoidh na ceannaitheoirí poiblí go mbeidh fíoriomaíocht ann mar thoradh ar an líon réiteach a phléitear in aon bhabhta ar leith de chaibidlíocht. Tar éis gach babhta, agus ag brath ar thoradh na caibidlíochta, iarrfar ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa chaibidlíocht tairiscint leasaithe a chur isteach agus féadfaidh ceannaitheoirí poiblí a chinneadh an líon rannpháirtithe a laghdú bunaithe ar na critéir dhámhachtana a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 17. Cuirfidh na ceannaitheoirí poiblí oibreoirí eacnamaíocha ar an eolas nuair a chuirfear tús le babhta nua caibidlíochta agus faoi cibé acu a iarrfar orthu tairiscint leasaithe a chur isteach nó nach n-iarrfar. Maidir le tairgeoirí nár cuireadh a dtairiscintí as an áireamh, coinneoidh na ceannaitheoirí poiblí iad sin ar an eolas faoi aon athruithe ar na sonraíochtaí nó ar chodanna eile de mhionsonraí an tsoláthair mar thoradh ar an gcaibidlíocht. Tabharfaidh na ceannaitheoirí poiblí dóthain ama do na tairgeoirí tairiscintí leasaithe a mhodhnú agus a chur isteach an athuair, de réir mar is iomchuí. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha tairiscintí athbhreithnithe a chur isteach ag brath ar thoradh na caibidlíochta. I gcás ina gcinneann ceannaitheoir poiblí deireadh a chur leis an gcaibidlíocht agus dul ar aghaidh le dámhachtain an chonartha soláthair T&F, iarrfaidh sé ar na hoibreoirí eacnamaíocha eile tairiscint deiridh a chur isteach.

9. Tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis conradh soláthair T&F a thabhairt i gcrích, foilseoidh ceannaitheoirí poiblí fógra maidir le dámhachtain conartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus, ina dhiaidh sin, ar a dtairseach sholáthair náisiúnta chomh maith, ach amháin i gcás ina mbeadh an foilsiú contrártha le leasanna slándála nó

[45] Rialachán (AE) 2022/2372 ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2022 maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais (IO L 314, 6.12.2022, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2372/oj).

[46] Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022 , lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2371/oj).

sábháilteachta poiblí an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit de réir bhrí Airteagal 28(2).

Cuirfear in iúl san fhógra faoi dhámhachtain conartha go mbaineann an nós imeachta le soláthar T&F agus go mbaineann sé le nuálaíocht. Áireoidh an ceannaitheoir poiblí, i gcás inarb infheidhme, na focail ‘soláthar réamhthráchtála’ sa réimse ‘teideal an tsoláthair’ agus marcálfaidh sé an réimse ‘nuálaíocht’ san fhógra faoi dhámhachtain conartha.

Áireofar san fhógra faoi dhámhachtain conartha faisnéis maidir le luach an chonartha nó na gconarthaí arna ndámhachtain agus aon bheart arna dhámhachtain.

Airteagal 24

Forbairt iomaíoch i gcéimeanna agus measúnú ar fheidhmíocht chonartha

1. Soláthróidh ceannaitheoirí poiblí an T&F i roinnt céimeanna comhleanúnacha taighde agus forbartha, a bhféadfaidh aon teaglaim de thaighde bunúsach, taighde tionsclaíoch agus gníomhaíochtaí forbartha turgnamhaí a bheith san áireamh iontu.

2. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí mearsholáthair T&F a eagrú lena gcomhcheanglaítear in aon chéim amháin aon cheann de na céimeanna a bhaineann le forbairt agus tástáil atá mar chuid de thaighde tionsclaíoch agus d’fhorbairt thurgnamhach.

3. Eagróidh ceannaitheoirí poiblí na céimeanna T&F ar bhealach lena n-áiritheofar go gceadófar leis an líon íosta conarthaí atá beartaithe do gach céim de sholáthar T&F fíoriomaíocht in T&F (‘Forbairt Iomaíoch’) idir oibreoirí eacnamaíocha.

4. Le linn gach céime T&F, déanfaidh ceannaitheoirí poiblí measúnú ar thograí maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad conarthaí soláthair T&F atá á bhfeidhmiú a leasú dá réir sin i gcomhréir leis na forálacha maidir le hinnealtóireacht luacha a leagtar síos in Airteagal 21.

5. Ag deireadh gach céime T&F den soláthar T&F, déanfaidh ceannaitheoirí poiblí measúnú ar fheidhmíocht conraitheoirí ar bhonn na n-eochairtháscairí feidhmíochta a bhaineann le nuálaíocht dá dtagraítear in Airteagal 24(13) .

6. Cinnfear sa mheasúnú cé acu a chuir nó nár chuir an conraitheoir an chéim shonrach taighde agus forbartha i gcrích go rathúil ar bhonn cé acu atá nó nach bhfuil torthaí na céime sonraí sin nuálach, an gcomhlíontar na ceanglais leo agus an bhfuil siad inmharthana ó thaobh tráchtála de.

7. I gcás ina gcinnfear sa mheasúnú nár éirigh leis an gconraitheoir céim shonrach a chur i gcrích, féadfaidh an ceannaitheoir poiblí an conradh soláthair T&F leis an gconraitheoir sin a fhoirceannadh. I gcás ina bhfuil na cúraimí uile a iarradh curtha i gcrích go sásúil ag an gconraitheoir sin agus na táirgí insoláthartha uile a iarradh curtha isteach aige, áfach, beidh an conraitheoir sin incháilithe don íocaíocht is infheidhme don chéim shonrach arna comhaontú sa chonradh soláthair T&F.

8. Más rud é, faoi chonradh soláthair T&F, go bhfuil tograí maidir le hathrú chun críche innealtóireachta luacha curtha chun feidhme ag conraitheoirí a raibh glanchoigilteas costais don cheannaitheoir poiblí ina thoradh orthu, íocfaidh an ceannaitheoir poiblí a sciar den choigilteas sin leis an gconraitheoir i gcomhréir leis an modh íocaíochta arna chomhaontú i ndáil le hinnealtóireacht luacha.

9. Trí chonarthaí soláthair T&F a fhoirceannadh ag deireadh céime dá dtagraítear i mír 7 agus trí na tairiscintí is fearr a roghnú don chéad chéim eile, féadfaidh an ceannaitheoir poiblí an líon conraitheoirí a laghdú tar éis gach céim a thabhairt chun críche.

10. Más rud é, in ainneoin na n-iarrachtaí is fearr atá déanta ag an gceannaitheoir poiblí chun forbairt iomaíoch a áirithiú thar na céimeanna uile dá dtagraítear i mír 3, go ndearna an ceannaitheoir poiblí conradh soláthair T&F a fhoirceannadh ag deireadh céime dá dtagraítear i mír 7 nó nach bhfaigheann sé tairiscintí ar cháilíocht mhaith leordhóthanach chun níos mó ná conraitheoir amháin a roghnú don chéad chéim eile, féadfaidh an ceannaitheoir poiblí cead a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha nár ghlac páirt sna céimeanna roimhe sin agus nár ghlac páirt sa nós imeachta soláthair tosaigh T&F gan tairiscintí a chur isteach ach amháin don chéim nó do na céimeanna atá fágtha d'fhonn conarthaí sonracha a thabhairt i gcrích. I gcás inar mian leis an gceannaitheoir poiblí úsáid a bhaint as an rogha sin, coinneoidh an ceannaitheoir poiblí an deis d'oibreoirí eacnamaíocha nár ghlac páirt sna céimeanna roimhe sin a chur in iúl gur spéis leo páirt a ghlacadh i gcéimeanna níos déanaí de sholáthar T&F, suas go dtí an tráth a roghnófar conraitheoirí don chéim dheireanach T&F. Roghnófar aon oibreoir eacnamaíoch den sórt sin bunaithe ar na forais eisiaimh chéanna, ar na critéir roghnúcháin chéanna, ar na híoscheanglais chéanna agus ar na critéir dhámhachtana chéanna le conraitheoirí eile a ghlac páirt i gcéimeanna roimhe sin.

11. Más rud é, in ainneoin sáriarrachtaí an cheannaitheora phoiblí forbairt iomaíoch a áirithiú thar na céimeanna uile dá dtagraítear i míreanna 3 agus 10, go ndearna an ceannaitheoir poiblí conradh soláthair T&F a fhoirceannadh ag deireadh céime dá dtagraítear i mír 7 nó nach bhfaigheann sé tairiscintí ardcháilíochta leordhóthanacha chun go bhféadfaí roinnt conraitheoirí a roghnú don chéad chéim eile, féadfaidh an ceannaitheoir poiblí dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile gan ach conraitheoir amháin a bheith aige.

12. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 11, i gcás ina bhfuil údar cuí leis ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas a shonrófar sna doiciméid soláthair, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí a chinneadh gan an nós imeachta soláthair T&F a eagrú i roinnt céimeanna leantacha taighde agus forbartha sna cásanna seo a leanas:

    (a) i gcás nósanna imeachta soláthair T&F arb é soláthar seirbhísí comhairliúcháin taighde agus forbartha a chumhdaítear le cóid CPV 73200000-4, 73210000-7 agus 73220000-0 an t-aon ábhar atá acu;

    (b) i gcás soláthairtí T&F nach soláthairtí réamhthráchtála iad, a mbaineann a n-ábhar le seirbhísí T&F atá teoranta do leibhéal ullmhachta teicneolaíochta amháin agus a bhfuil na seirbhísí T&F sin róchúng ó thaobh raon feidhme de chun an T&F a roinnt thar chéimeanna éagsúla.

    Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 39 chun an liosta cásanna a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo a leasú agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

    (a) an tionchar ar thráchtálú torthaí T&F a mhéadú;

    (b) an tionchar ar fheabhas a chur ar an rochtain atá ag fiontair nuálacha, lena n-áirítear go háirithe gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú, agus iontrálaithe nua sa mhargadh;

    (c) an tionchar ar fhorbairt shocheacnamaíoch nó theicneolaíoch san Aontas;

(d) an tionchar ar uathriail straitéiseach agus ar shlándáil eacnamaíoch an Aontais;

(e) an tionchar ar leasanna an phobail a chosaint;

13. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí an méid seo a leanas:

(a) measúnú tráthrialta ar fheidhmíocht na gconraitheoraí ar bhonn na bpríomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le nuálaíocht, lena n-áirítear cloí leis an sceideal ama, na costais a choinneáil faoi rialú agus an cháilíocht a bhfuil coinne léi a sholáthar i dtéarmaí chomhlíonadh na gceanglas íosta dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (f), na gceanglas feidhmiúla nó na gceanglas feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 18, agus na gcritéar dámhachtana, lena n-áirítear na critéir dhámhachtana a bhaineann le nuálaíocht dá dtagraítear in Airteagal 17;

(b) i gcás ina gcinnfidh sé, tar éis an mheasúnaithe dá dtagraítear i bpointe (a), nach gcomhlíonann comhlíonadh an chonartha na heochairtháscairí feidhmíochta a bhaineann le nuálaíocht, iarrfaidh sé ar na conraitheoirí gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh chun comhlíonadh an chonartha a comhaontaíodh i gconradh soláthair T&F a bhaint amach; i gcás nach ndéanann conraitheoir na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí an conradh soláthair T&F leis an gconraitheoir sin a fhoirceannadh;

(c) i gcás ina n-úsáidfear innealtóireacht luacha chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an chonartha ar fud an tsoláthair T&F de bhun Airteagal 21, tograí innealtóireachta luacha a bhfuil glacadh leo a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh an chonartha agus nuair a bheidh sciar an chonraitheora de choigilteas costais a eascraíonn as tograí innealtóireachta luacha a bhfuil glacadh leo á íoc leis.

Airteagal 25

Íocaíochtaí

1. Gan dochar dá n-oibleagáidí faoi Threoir 2011/7/AE[47] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, áiritheoidh na ceannaitheoirí poiblí go n-íocfar conraitheoirí agus, i gcás inarb infheidhme, fochonraitheoirí, go tráthúil.

2. Mar chuid de na coinníollacha chun conradh soláthair T&F a chomhlíonadh, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí foráil a dhéanamh go rachaidh na conraitheoirí trí na téarmaí íocaíochta coibhéiseacha slabhra soláthair, mar a leagtar síos i bhforálacha ábhartha Threoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

3. Ach amháin má tá údar cuí leis mar gheall ar leas sáraitheach an cheannaitheora phoiblí, déanfaidh an ceannaitheoir poiblí foráil maidir le réamhíocaíocht leis an gconraitheoir.

4. Arna iarraidh sin d'fhochonraitheoir agus i gcás ina bhfágann cineál an chonartha soláthair T&F go bhfuil sé indéanta, aistreoidh an ceannaitheoir poiblí íocaíochtaí dlite go díreach chuig an bhfochonraitheoir as seirbhísí, soláthairtí nó oibreacha a

[47] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (athmhúnlú) (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/7/oj).

cuireadh ar fáil don phríomhchonraitheoir. Féadfar a áireamh ar na bearta sin sásraí iomchuí lena gceadaítear don phríomhchonraitheoir agóid a dhéanamh in aghaidh íocaíochtaí neamhdhlite. Leagfar amach sna doiciméid soláthair na socruithe a bhaineann leis an modh íocaíochta sin.

Airteagal 26

Rúndacht agus cosaint sonraí

1. Gan dochar do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta is infheidhme, ní nochtfaidh ceannaitheoirí poiblí, gan comhaontú i scríbhinn a fháil roimh ré, faisnéis arna soláthar dóibh ag oibreoirí eacnamaíocha i gcomhairliúcháin mhargaidh, ag tairgeoirí le linn an ghlao ar thairiscintí nó ina dhiaidh, ag conraitheoirí le linn chomhlíonadh an chonartha nó ag iarchonraitheoirí tar éis dheireadh sholáthar T&F, ar faisnéis í atá ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag oibreoirí eacnamaíocha den sórt sin, lena n-áirítear rúin theicniúla nó trádála agus gnéithe rúnda na dtairiscintí. Ní dhéanfaidh tairgeoirí, conraitheoirí ná iarchonraitheoirí faisnéis arna soláthar ag ceannaitheoirí poiblí dóibh, ar faisnéis í atá ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag ceannaitheoirí poiblí, a nochtadh gan comhaontú i scríbhinn a fháil roimh ré. Ní bheidh an comhaontú i scríbhinn roimh ré i bhfoirm tarscaoileadh ginearálta ach tabharfar é agus tagairt á déanamh don fhaisnéis rúnda shonrach atá beartaithe a chur in iúl.

2. Áiritheoidh ceannaitheoirí poiblí go gcomhlíonfar na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 agus i dTreoir 2002/58/CE, agus sa dlí náisiúnta is infheidhme i ngach malartú agus foilsiú faisnéise le linn an chomhairliúcháin margaidh, an ghlao ar thairiscintí agus chomhlíonadh an chonartha agus tar éis chur i gcrích an tsoláthair T&F.

3. Sonróidh ceannaitheoirí poiblí sna doiciméid soláthair dá dtagraítear in Airteagal 10 aon cheanglas maidir le logánú na sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an gconraitheoir agus maidir leis an rochtain ar na sonraí sin. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na ceanglais sin:

   (a) ní dhéanfar na sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin laistigh de chríoch na dtíortha sin dá dtagraítear in Airteagal 11(1) agus ní dhéanfar iad a aistriú ón gcríoch sin;

   (b) ní choinneofar na sonraí ach amháin i lárionaid sonraí atá suite laistigh de chríoch na dtíortha sin dá dtagraítear in Airteagal 11(1);

   (c) ní thabharfar aon rochtain ar shonraí den sórt sin lasmuigh de na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 11(1);

   (d) ní fhéadfaidh an conraitheoir suíomh na próiseála sonraí a athrú gan réamhúdarú i scríbhinn ón gceannaitheoir poiblí;

   (e) aon aistriú ar shonraí pearsanta faoin gconradh soláthair T&F chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, comhlíonfaidh go hiomlán leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679.

Airteagal 27

Foirceannadh conarthaí soláthair T&F

Gan dochar d'aon fhoras le foirceannadh dá bhforáiltear sa Ghníomh seo nó faoin dlí náisiúnta is infheidhme, déanfaidh ceannaitheoirí poiblí an conradh soláthair T&F a fhoirceannadh sna cásanna seo a leanas:

(a) go dtagann an t-oibreoir eacnamaíoch chun bheith faoi réir ciontú críochnaitheach i leith ceann amháin de na forais eisiaimh éigeantacha dá dtagraítear in Airteagal 13, ach amháin i gcás ina suíonn an ceannaitheoir poiblí nach bhfuil údar leis an bhfoirceannadh sin ar chúiseanna a bhaineann le leas poiblí sáraitheach agus nach gcoisctear an méid sin leis an mbreithiúnas críochnaitheach;

(b) nár cheart an conradh soláthair T&F ná a mhodhnú a dhámhachtain don chonraitheoir i bhfianaise sárú tromchúiseach ar na hoibleagáidí faoi na Conarthaí agus faoin Rialachán seo atá dearbhaithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i nós imeachta de bhun Airteagal 258 den Chonradh.

ROINN 2
SLÁNDÁIL

Airteagal 28

Breithnithe slándála i soláthar T&F

1. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí bearta iomchuí, sa bhreis ar na bearta a cheanglaítear nó a fhorchuirtear de bhua reachtaíocht eile de chuid an Aontais, i gcás inarb ábhartha, ag aon chéim den nós imeachta soláthair T&F, ó phleanáil agus comhairliúchán margaidh go dámhachtain conartha agus comhlíonadh an chonartha, chun cosaint leasanna slándála agus sábháilteachta poiblí an Aontais nó Ballstáit amháin nó níos mó a áirithiú d'aon nós imeachta soláthair T&F a shainaithnítear mar riosca don tslándáil nó don tsábháilteacht phoiblí nó a bhfuil riosca don tslándáil nó don tsábháilteacht phoiblí ag baint leis. Tá an Chaibidil seo gan dochar do cheanglais eile faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais.

2. Féadfar a áireamh ar leasanna slándála agus sábháilteachta poiblí an Aontais nó Ballstáit atá ábhartha maidir le conradh soláthair T&F ar leith, na leasanna seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

   (a) cosaint a chur ar fáil maidir le bonneagar criticiúil, bonneagar dé-úsáide straitéiseach, arna shainaithint ag Ballstáit i gcomhréir le [hAirteagal 33 den Rialachán maidir le Soghluaisteacht Mhíleata], go háirithe dóibh siúd atá lonnaithe ar chonaire soghluaisteachta míleata, seirbhísí fíor-riachtanacha, slabhraí soláthair criticiúla, teicneolaíochtaí criticiúla, athléimneacht in aghaidh bagairtí fisiciúla, cibearbhagairtí nó bagairtí hibrideacha, agus na rioscaí go gcuirfí isteach orthu a chosc agus cosaint in aghaidh na rioscaí sin, lena n-áirítear rioscaí mar gheall ar spleáchas straitéiseach díobhálach ar sholáthróirí tríú tír;

   (b) spiaireacht, sabaitéireacht nó sceitheadh teicneolaíochta a chosc;

   (c) ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, lena n-áirítear leanúnachas gnó agus pleanáil theagmhasach le haghaidh suaití i gcás tubaistí nádúrtha nó éagobhsaíocht gheopholaitiúil, paindéimí nó cibirionsaithe;

(d) cur isteach díobhálach eile a chosc, lena n-áirítear tionchar tríú tír agus tríú tír faoi rialú an Stáit;

(e) cibearshlándáil córas, líonraí agus sonraí arna bpróiseáil;

(f) faisnéis rúnaicmithe, sonraí íogaire, taighde, nó maoin intleachtúil a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe nó ar aistriú neamhúdaraithe;

(g) an tsláinte phoiblí a áirithiú, lena n-áirítear seirbhísí sláinte atá ullmhaithe i gcomhair géarchéimeanna agus atá neamhthuilleamaíoch; nó

(h) cosaint an chomhshaoil agus cosaint ar shuaitheadh a bhaineann leis an aeráid.

3. D'fhéadfadh rioscaí don tslándáil agus don tsábháilteacht phoiblí i gconradh soláthair T&F eascairt go háirithe as na nithe seo a leanas:

(a) ábhar an chonartha soláthair T&F, lena n-áirítear:

(a) íogaireacht na sócmhainní lena mbaineann nó na sócmhainní atá le forbairt agus é á chur chun feidhme;

(b) sonraí íogaire a rochtain agus a láimhseáil;

(c) spleáchas criticiúil nó riosca spleáchais chriticiúil ar líon teoranta soláthróirí, earraí, seirbhísí nó teicneolaíochtaí tríú tír;

(d) na rioscaí a bhaineann le rochtain ar bhonneagar criticiúil, bonneagar dé-úsáide straitéiseach arna shainaithint ag Ballstáit i gcomhréir le [hAirteagal 33 den Rialachán maidir le Soghluaisteacht Mhíleata], saoráidí taighde, córais TF, nó ábhair chriticiúla;

(e) cineál dé-úsáide torthaí seirbhísí taighde agus forbartha arna soláthar;

(f) cineál na leasanna poiblí a ghabhann leis agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag mífheidhm nó ag mífheidhmíocht, amhail dochar don tsábháilteacht phoiblí, don tslándáil náisiúnta, don chobhsaíocht eacnamaíoch, don tslándáil sláinte nó do chearta bunúsacha.

(b) saintréithe oibreoirí eacnamaíocha, amhail:

(a) struchtúr úinéireachta, rialaithe nó maoiniúcháin lena ngabhann rioscaí go gcuirfí isteach go míchuí air nó go n-imreofaí tionchar míchuí ar an oibreoir eacnamaíoch;

(ii) cuntas teiste slándála, lena n-áirítear sáruithe roimhe seo, neamhchomhlíonadh caighdeán slándála, nó eisiamh ó nósanna imeachta soláthair eile ar fhorais slándála;

(iii) an cumas na ceanglais is infheidhme maidir le himréiteach slándála, grinnfhiosrúchán pearsanra, nó slándáil faisnéise a chomhlíonadh;

(iv) nochtadh do reachtaíocht tríú tír faoina bhféadfaí iallach a chur faisnéis íogair a nochtadh nó cur isteach ar chomhlíonadh an chonartha.

4. Sonróidh ceannaitheoirí poiblí, a mhéid is féidir sna doiciméid soláthair, ar bhealach atá soiléir agus mionsonraithe go leor, bearta iomchuí atá comhréireach leis na rioscaí dá dtagraítear i mír 3 agus atá neamh-idirdhealaitheach. Féadfar bearta den sórt sin a chur chun feidhme, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(a) sonraíochtaí agus doiciméid comhairliúcháin margaidh, lena n-áirítear caighdeáin slándála, deimhnithe, grinnfhiosrúchán pearsanra nó oibleagáidí

imréitigh slándála éigeantacha, nó ceanglais maidir le bainistiú riosca agus dearbhú;

(b) critéir dhámhachtana, amhail meastóireacht a dhéanamh, i leith na dtairgeoirí, ar a gcórais bainistíochta slándála, a gcaighdeáin comhlíontachta slándála, a gcumais freagartha ar theagmhais agus slándáil a slabhraí soláthair;

(c) coinníollacha maidir le feidhmiú conarthaí, lena n-áirítear clásail lena gcumasaítear formhaoirseacht slándála ar sholáthróirí trí iniúchtaí, cigireachtaí, nó athbhreithnithe doiciméadachta agus bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme i gcás sáruithe, chomh maith le forálacha maidir le fochonraitheoireacht, fógra a thabhairt faoi athrú úinéireachta, agus faisnéis rúnaicmithe nó íogair a chosaint;

(d) critéir roghnúcháin, i gcás ina bhfuil údar cuí leo, amhail imréitigh shlándála a bheith acu nó ceangal a chur ar thairgeoirí ar bhealach eile a shuíomh nach bhfuil rioscaí don tslándáil ná don tsábháilteacht phoiblí ag baint leo de bhun mhír 3, pointe (b) den Airteagal seo. Beidh an méid sin gan dochar d'Airteagal 14.

(e) gan cuireadh chun tairisceana a thabhairt ach amháin do na hoibreoirí eacnamaíocha sin a chomhlíonann ceanglais shonracha oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha maidir leis an tslándáil, ar choinníoll go bhfuil an ceannaitheoir poiblí tar éis a chur in iúl, san fhógra conartha le haghaidh an tsoláthair T&F atá i gceist, go bhfuil rún aige déanamh amhlaidh, mar aon leis na ceanglais maidir leis an tslándáil atá i gceist aige a chur i bhfeidhm.

Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí a léiriú sna doiciméid soláthair freisin cé na bearta slándála atá beartaithe acu a chur chun feidhme i gcás ina dtiocfaidh rioscaí slándála chun cinn le linn an nós imeachta soláthair T&F.

5. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí, tráth ar bith le linn nós imeachta soláthair T&F, oibreoir eacnamaíoch a eisiamh ó rannpháirtíocht i nós imeachta soláthair T&F i gcás ina mbeidh an t-oibreoir sainaitheanta mar sholáthróir ardriosca de bhun Rialachán (AE) XXXX/XXX [an Gníomh um Chibearshlándáil 2] i ndáil le soláthar comhpháirteanna TFC nó comhpháirteanna lena n-áirítear comhpháirteanna TFC atá le húsáid i bpríomhshócmhainní TFC.

6. I gcás ina bhfuil fianaise ann go ndéanann éagothromaíochtaí i mbearta difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 39 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonraíochtaí teicniúla éigeantacha, critéir roghnúcháin, critéir dhámhachtana nó clásail comhlíonta conartha a bhunú le haghaidh catagóirí sonracha de sheirbhísí soláthair T&F nó na torthaí atá beartaithe dóibh i gcás ina dtugann na gnéithe sin aghaidh ar leas sonrach sainaitheanta slándála agus sábháilteachta poiblí de chuid an Aontais.

Airteagal 29

Bearta slándála le linn chur chun feidhme an chonartha

1. Gan dochar do dhlí conarthaí na mBallstát, féadfaidh an ceannaitheoir poiblí conradh soláthair T&F a fhoirceannadh ina iomláine nó i bpáirt i gcás ina gcinnfidh sé gur mhainnigh an conraitheoir bearta nó oibleagáidí a chomhlíonadh arb é is aidhm

dóibh rioscaí don tslándáil agus don tsábháilteacht phoiblí a chosc nó a mhaolú, nó gur tháinig riosca don tslándáil nó don tsábháilteacht phoiblí chun cinn nó gur dócha go dtiocfaidh sé chun cinn. Faoi na coinníollacha céanna, féadfaidh siad oibreoirí eacnamaíocha áirithe a eisiamh le linn chur chun feidhme an chonartha.

2. Beidh foirceannadh agus eisiamh de bhun an Airteagail seo comhréireach maidir leis an riosca le haghaidh slándála nó sábháilteacht phoiblí. Sula bhfoirceannfar conradh soláthair T&F nó sula n-eisiafar oibreoir eacnamaíoch, déanfaidh an ceannaitheoir poiblí measúnú i scríbhinn. Cuirfidh an ceannaitheoir poiblí an méid seo a leanas san áireamh go háirithe:

   (a) déine an riosca don tslándáil nó don tsábháilteacht phoiblí;

   (b) tionchar an fhoirceanta nó an eisiaimh ar sholáthar seirbhísí poiblí;

   (c) bearta maolaithe malartacha amhail leasuithe conartha nó faireachán feabhsaithe.

3. Mura bhfuil údar cuí leis mar gheall ar dhéine na rioscaí lena mbaineann, mar gheall ar an mbagairt a bheith ar tí tarlú, nó i gcás ina bhféadfadh tabhairt fógra cur le déine an riosca, tabharfaidh an ceannaitheoir poiblí fógra don chonraitheoir go bhfuil sé ar intinn aige foirceannadh nó eisiamh a dhéanamh, agus sonróidh sé an méid seo a leanas:

   (a) na forais atá leis an bhfoirceannadh nó leis an eisiamh;

   (b) na fíorais agus an fhianaise lena dtacaítear leis an gcinneadh, cé is moite d'fhaisnéis rúnaicmithe;

   (c) an dáta foirceanta nó eisiaimh atá beartaithe.

4. Beidh tréimhse iomchuí ag an gconraitheoir, arna cinneadh ag an gceannaitheoir poiblí, nach mbeidh níos giorra ná 10 lá féilire ar a laghad, chun barúlacha a chur isteach maidir leis na forais leis an bhfoirceannadh agus chun gníomhaíochtaí feabhais a mholadh. Féadfaidh an ceannaitheoir poiblí an sprioc-am a ghiorrú i gcás éigeandála.

5. Comhoibreoidh an conraitheoir leis an gceannaitheoir poiblí chun sonraí, doiciméid nó sócmhainní a bhaineann leis an gconradh soláthair T&F a dhaingniú nó a aistriú agus chun leanúnachas seirbhísí criticiúla a áirithiú go dtí go ngabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh nó leis an eisiamh.

Airteagal 30

An chibearshlándáil

1. I gcás gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a úsáidfear agus a fhorbrófar mar chuid de na seirbhísí taighde agus forbartha arna soláthar agus a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], áiritheoidh ceannaitheoirí poiblí go gcomhlíonfar na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin,

[48] Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) (IO L, 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj).

lena n-áirítear cumas na monaróirí leochaileachtaí a láimhseáil go héifeachtach a chuirtear san áireamh sa phróiseas soláthair T&F.

2. Leis an Rialachán seo, ní chuirfear cosc ar na cheannaitheoirí poiblí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dtagraítear i mír 1 a chur faoi réir ceanglais bhreise chibearshlándála maidir le soláthar nó úsáid na dtáirgí sin chun críocha sonracha, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar na táirgí sin a fhorbairt, a fháil nó a úsáid chun críoch slándála nó cosanta náisiúnta, ar choinníoll go bhfuil na ceanglais sin comhsheasmhach le hoibleagáidí na mBallstát a leagtar síos i ndlí an Aontais agus go bhfuil siad riachtanach agus comhréireach chun na críocha sin a bhaint amach.

3. Gan dochar do mhír 1, agus gan dochar do Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49], i gcás inarb infheidhme, féadfaidh ceannaitheoirí poiblí ceanglais a shonrú sna doiciméid soláthair, ar ceanglais iad a bhaineann leis an gcibearshlándáil le haghaidh na seirbhísí taighde agus forbartha arna soláthar agus lena dtorthaí atá beartaithe. Chuige sin, féadfar a áireamh leo sonraíochtaí, critéir roghnúcháin, critéir eisiaimh, critéir dhámhachtana nó coinníollacha maidir le comhlíonadh conarthaí. Beidh gach ceanglas maidir le critéir roghnúcháin comhréireach, nasctha le hábhar an chonartha soláthair T&F agus comhlíonfaidh siad prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta.

4. Déanfaidh ceannaitheoirí poiblí, tráth ar bith le linn nós imeachta soláthair T&F, oibreoir eacnamaíoch a eisiamh ó rannpháirtíocht i nós imeachta soláthair T&F i gcás ina mbeidh an t-oibreoir sainaitheanta mar sholáthróir ardriosca i ndáil le soláthar comhpháirteanna TFC nó comhpháirteanna lena n-áirítear comhpháirteanna TFC atá le húsáid i bpríomhshócmhainní TFC.

ROINN 3
SOLÁTHAR COMHPHÁIRTEACH SEIRBHÍSÍ TAIGHDE AGUS FORBARTHA

Airteagal 31

Rialacha comhchoiteanna maidir le soláthar comhpháirteach T&F

1. Ceannaitheoirí poiblí a dhéanann soláthar comhpháirteach T&F, comhlíonfaidh siad na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

2. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí soláthar comhpháirteach T&F a eagrú le dhá cheannaitheoir phoiblí nó níos mó ó Bhallstát amháin nó níos mó. Ceannaitheoirí poiblí. I gcás inar mian le beirt cheannaitheoirí poiblí nó níos mó ó Bhallstát amháin nó níos mó soláthar comhpháirteach T&F a reáchtáil, tabharfaidh siad i gcrích comhaontú soláthair chomhpháirtigh lena mbunófar grúpa ceannaitheoirí agus lena gceapfar an príomhcheannaitheoir. Sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad sa chomhaontú sin:

   (a) na gealltanais airgeadais arna soláthar ag gach ceannaitheoir poiblí i ngrúpa na gceannaitheoirí le haghaidh an tsoláthair chomhpháirtigh T&F;

[49] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

(b) roinnt na ról agus na bhfreagrachtaí idir an príomhcheannaitheoir agus na ceannaitheoirí poiblí atá ina gcomhaltaí de ghrúpa na gceannaitheoirí maidir leis an nós imeachta soláthair T&F, comhlíonadh conartha agus idirghníomhaíochtaí iarchonartha le hiarchonraitheoirí dá dtagraítear i gCaibidil 2, Roinn 1 agus Roinn 2;

(c) an dlí is infheidhme de chuid an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme a bhaineann le réiteach díospóidí, a bhaineann le haon nós imeachta nó formheas is gá chun fréamhshamhlacha nó na chéad táirgí, seirbhísí nó oibreacha a forbraíodh le linn sholáthar T&F a thástáil agus aon ghné eile de sheoladh an tsoláthair chomhpháirtigh T&F nach rialaítear leis an Rialachán seo;

(d) an sásra chun torthaí an tsoláthair chomhpháirtigh T&F a leithdháileadh agus a shaothrú.

Sa bhreis ar na heilimintí a liostaítear in Airteagal 10, áireofar sna doiciméid soláthair le haghaidh soláthar comhpháirteach T&F an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (b), (c) agus (d) den mhír seo.

3. Soláthróidh comhaltaí an ghrúpa ceannaitheoirí na gealltanais airgeadais le haghaidh sholáthar T&F go comhpháirteach agus seolfaidh siad an comhairliúchán margaidh go comhpháirteach, dréachtóidh siad doiciméid soláthair dá riachtanas coiteann soláthair T&F, agus déanfaidh siad meastóireacht ar thairiscintí.

4. Seolfaidh an príomhcheannaitheoir an nós imeachta soláthair chomhpháirtigh T&F agus dámhfaidh sé na conarthaí soláthair T&F in ainm na gceannaitheoirí poiblí uile atá ina gcomhaltaí de ghrúpa na gceannaitheoirí, agus thar a gceann. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí a reáchtálann soláthar comhpháirteach T&F é sin a dhéanamh in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais agus féadfaidh siad cead a thabhairt do thairgeoirí tairiscintí a chur isteach in aon cheann de na teangacha oifigiúla sin.

5. Féadfaidh ceannaitheoirí poiblí soláthar comhpháirteach T&F a eagrú trí chomhlachtaí lárnacha ceannaigh i mBallstát amháin nó níos mó.

6. Chun críoch an Rialacháin seo, is éard a bheidh i gcomhlachtaí lárnacha ceannaigh aon cheannaitheoir poiblí a dhéanann na gníomhaíochtaí seo a leanas a bhaineann le soláthar T&F:

(a) gníomhú mar mhórdhíoltóir trí sheirbhísí T&F a sholáthraítear ar an margadh, nó torthaí na seirbhísí T&F sin, a cheannach agus a athdhíol;

(b) gníomhú mar idirghabhálaí, trí fhógraí a fhoilsiú agus trí chonarthaí soláthair T&F a dhámhachtain le haghaidh ceannaitheoirí poiblí eile;

(c) Féadfaidh comhlachtaí lárnacha ceannaigh, de bhreis ar na gníomhaíochtaí a leagtar amach thuas, gníomhaíochtaí soláthair T&F comhpháirteacha a dhéanamh nó páirt a ghlacadh iontu, nó seirbhísí tacaíochta coimhdeacha soláthair a bhaineann le T&F a chur ar fáil do cheannaitheoirí poiblí, lena n-áirítear bonneagar, comhairle nó cúnamh teicniúil, lena n-áirítear ullmhú agus bainistiú nósanna imeachta soláthair T&F thar ceann an cheannaitheora phoiblí lena mbaineann, agus ar a chuntas.

7. Sna fógraí dá dtagraítear in Airteagal 4(5), tabharfaidh na ceannaitheoirí poiblí le fios go bhfuil siad ag gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh.

Féadfaidh aon cheannaitheoir poiblí seirbhísí T&F a fháil agus na torthaí atá beartaithe dóibh a fháil ó aon chomhlacht lárnach ceannaigh atá bunaithe san Aontas

agus a thairgeann gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh nó trí na comhlachtaí sin. Measfar go gcomhlíonann ceannaitheoir poiblí a oibleagáidí de bhun an Rialacháin seo nuair a sholáthraíonn sé seirbhísí taighde agus forbartha ó chomhlacht lárnach ceannaigh nó trí chomhlacht lárnach ceannaigh, a bhí faoi cheanglas an Rialachán seo a chur i bhfeidhm don soláthar T&F sin agus a chuir i bhfeidhm é. Déanfaidh comhlachtaí lárnacha ceannaigh nach ceannaitheoir poiblí iad féin nósanna imeachta soláthair T&F a sheoladh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

8. Féadfaidh institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí an Aontais soláthar T&F a dhéanamh, lena n-áirítear soláthar réamhthráchtála, dóibh féin, i gcomhpháirt le heintitis eile de chuid an Aontais nó thar a gceann agus i gcomhpháirt le ceannaitheoirí poiblí sna Ballstáit nó thar a gceann de réir na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caibidil 3
TRÁCHTÁLÚ TORTHAÍ TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA

Airteagal 32

Lárionad Inniúlachta an Aontais um maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil agus tráchtálú sócmhainní maoine intleachtúla

1. Bunóidh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (‘an Oifig’) Lárionad Inniúlachta chun tacú le maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil agus tráchtálú maoine intleachtúla, agus chun iad a chur chun cinn, lena n-áirítear maoin intleachtúil a eascraíonn as taighde agus nuálaíocht agus eisiachtaí rialála le haghaidh táirgí cógaisíochta (‘an Lárionad Inniúlachta’)

2. Tacóidh an Lárionad Inniúlachta leis na heintitis seo a leanas trína chúraimí:

   (a) taighdeoirí atá bunaithe i mBallstát;

   (b) fiontair nuálacha atá bunaithe i mBallstát, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha, gnólachtaí nuálacha atá ag méadú agus seach-chuideachtaí, a bhfuil a bhfeidhmíocht nuálach agus iomaíoch á spreagadh ag úinéireacht nó úsáid agus tráchtálú ceart maoine intleachtúla;

   (c) eintitis phoiblí agus phríobháideacha eile atá bunaithe i mBallstát agus a bhfuil leas acu i dtráchtálú sócmhainní maoine intleachtúla;

   (d) eintitis arb é is feidhm dóibh tacú le haon cheann de na heintitis dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

3. Chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do na heintitis dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an Oifig an méid seo a leanas tríd an Lárionad Inniúlachta:

   (a) faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], creat deonach de chuid an Aontais a fhorbairt chun sócmhainní maoine intleachtúla a luacháil agus a nochtadh bunaithe ar gach cineál ceart maoine intleachtúla agus eisiachais rialála le haghaidh cógaisíochta agus a dheartar chun a n-úsáid ar fud earnálacha éagsúla agus a nglacadh ag páirtithe leasmhara airgeadais a éascú, agus úsáid á baint, i gcás inar féidir, as Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa arna mbunú i gcomhréir le *[Rialachán XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le*

Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú], nó as modhanna leictreonacha malartacha atá idir-inoibritheach leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh, i measc nithe eile:

(i) próisis dhigiteacha agus seirbhísí digiteacha a bhaineann le nochtadh, scagadh agus luacháil sócmhainní maoine intleachtúla a chur ar bun agus a choinneáil ar bun;

(ii) dea-chleachtas a shainaithint agus a thiomsú chun tacú le forbairt an chreata luachála dheonaigh;

(iii) socruithe nochta deonacha a bhunú, mar chuid lárnach den chreat, lena gcuirfear ar a gcumas do ghnóthas faisnéis maidir lena sócmhainní maoine intleachtúla a chur i láthair ar bhealach inchomparáide agus struchtúrtha chun críoch maoinithe.

(b) faoin... *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, ardán digiteach meaitseála uile-Aontais a bhunú agus a choinneáil ar bun, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, agus úsáid á baint, i gcás inar féidir, as Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, nó as modhanna leictreonacha malartacha atá idir-inoibritheach leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, chun éascaíocht a dhéanamh ar cheadúnú agus aistriú ceart maoine intleachtúla atá faoi chosaint san Aontas.

(c) éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt margaidh thánaistigh chun tacú le diúscairt sócmhainní maoine intleachtúla atá i seilbh na n-eintiteas dá dtagraítear i mír 2;

(d) tacú leis na páirtithe leasmhara airgeadais ábhartha poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith le hinstitiúidí airgeadais agus bainc thráchtála, maidir le hionstraimí airgeadais poiblí agus príobháideacha nua bunaithe ar mhaoin intleachtúil a shainiú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear fianaise fhónta a sholáthar maidir le riachtanais an mhargaidh, anailís a dhéanamh ar shonraí a eascraíonn as cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais sin agus seirbhísí comhairleacha teicniúla a bhaineann le maoin intleachtúil a sholáthar;

(e) cláir forbartha scileanna a bhunú agus a chur chun feidhme ar fud an éiceachórais nuálaíochta i ndáil le maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil agus tráchtálú sócmhainní maoine intleachtúla;

(f) feasacht a mhúscailt maidir le cearta maoine intleachtúla mar spreagadh do nuálaíocht, fás agus iomaíochas an Aontais agus maidir le maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil;

(g) tacú le bunachar sonraí fianaise a fhorbairt de réir a chéile maidir le maoiniú ar bhonn taca maoine intleachtúla, lena n-áirítear é a fhorbairt trí shonraí anaithnidithe nó sonraí neamhphearsanta eile ó idirbhearta maoinithe ar bhonn taca maoine intleachtúla mar bhonn leo a bhailiú ar bhonn deonach agus a anailísiú agus, i gcás inarb iomchuí, trí shásraí a bhunú chun infhaighteacht agus úsáid na sonraí sin a éascú, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, infhaighteacht agus úsáid sonraí trí na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, nó trí mhodhanna leictreonacha malartacha atá idir-inoibritheach leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa;

(h) tacaíocht a sholáthar do na daoine agus do na heintitis dá dtagraítear i mír 2 maidir le luachshocrú agus tráchtálú maoine intleachtúla a eascraíonn as

taighde agus nuálaíocht a chistítear go poiblí, lena n-áirítear tacaíocht trí fheasacht a mhúscailt agus fothú acmhainneachta maidir le maoin intleachtúil a bhainistiú, cúnamh a thabhairt maidir le straitéisí um bainistiú maoine intleachtúla agus um thráchtálú a shainiú;

(i) comhordú a dhéanamh ar dheasc chabhrach ar leibhéal an Aontais a thairgeann seirbhísí faisnéise agus tacaíochta a bhaineann le maoiniú ar bhonn taca maoine intleachtúla d'eintitis a liostaítear i mír 2.

Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na sonraíochtaí teicniúla is gá chun creat deonach an Aontais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), den mhír seo a chur chun feidhme go haonfhoirmeach, lena n-áirítear na sonraíochtaí a bhaineann le hábhar, inchomparáideacht agus idir-inoibritheacht nochtuithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38(2). Déanfaidh an Oifig, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos de bhun an dara fomhír, na teimpléid agus na huirlisí oibríochtúla gaolmhara a fhorbairt, a chothabháil agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta chun creat deonach an Aontais a chur chun feidhme

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, caighdeáin theicniúla choiteanna, ceanglais idir-inoibritheachta agus sonraíochtaí oibríochtúla a leagan síos don ardán meaitseála digití dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38(2).

4. Faoi réir infhaighteacht bharrachais bhuiséadaigh charntha agus fhormheas Choiste um an mBuiséad de chuid na hOifige, féadfaidh an Oifig comhaontuithe ranníocaíochta a thabhairt i gcrích leis an gCoimisiún chun gníomhaíochtaí de chuid an Aontais atá sainithe go soiléir a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí iad a thagann faoi raon feidhme na gcúraimí a chuirtear ar an Oifig faoin Rialachán seo agus a bhaineann le maoiniú arna thacú le maoin intleachtúil agus le tráchtálú sócmhainní maoine intleachtúla. Sonrófar sna comhaontuithe ranníocaíochta sin freagrachtaí agus ranníocaíochtaí airgeadais faoi seach na bpáirtithe, na gníomhaíochtaí agus na táirgí insoláthartha a bheidh le maoiniú, na costais incháilithe, na socruithe cur chun feidhme, na hoibleagáidí tuairiscithe, na bearta rialaithe inmheánaigh, cearta iniúchóireachta agus láimhseáil aon mhéideanna nár úsáideadh.

5. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2017/1001 maidir le comhlíonadh na gcúraimí a chuirtear ar an Oifig faoin Airteagal seo. Beidh an Lárionad Inniúlachta ina chuid den Oifig agus ní bheidh pearsantacht dhlítheanach, neamhspleáchas airgeadais ná cumhachtaí cinnteoireachta ar leithligh aige. Leanfaidh na gníomhaíochtaí uile a dhéantar tríd an Lárionad Inniúlachta de bheith faoi réir an chreata rialachais, clársceidealaithe, bhuiséadaigh, cuntasaíochta, rialaithe inmheánaigh agus tuairiscithe is infheidhme maidir leis an Oifig.

6. Is le buiséad oibríochtúil an Lárionaid Inniúlachta a chumhdófar a chostais bhunaithe agus na costais reatha a eascraíonn as na cúraimí a chuirtear ar an Oifig leis an Rialachán seo. Féadfar a áireamh ar na costais bhunaithe, ar a laghad, na costais a bhaineann le forbairt na gcóras tacaíochta TF agus le bunú an bhonneagair riaracháin chomhfhreagraigh, chomh maith le hullmhú nó bunú tionscnamh nua i gcás ina bhfuil teorainn ama leis an ullmhúchán nó an bunú sin. Féadfaidh Coiste um an mBuiséad de chuid na hOifige úsáid bharrachas carntha buiséadach na hOifige a

údarú le haghaidh costais bhunaithe atá riachtanach, sainithe go soiléir, neamh-athfhillteach agus a bhfuil teorainn ama leo.

7. Féadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na hOifige muirir a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí sonracha dá dtagraítear san Airteagal seo arna soláthar do na heintitis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 178 de Rialachán (AE) 2017/1001. Beidh na muirir sin trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus beidh siad teoranta do chostas na seirbhíse sonraí.

Maidir leis an rochtain ar an gcreat luachála deonach arna fhorbairt i gcomhréir le mír 3, an chéad fhomhír, pointe (a), leis an rochtain ar an ardán digiteach meaitseála arna fhorbairt i gcomhréir le mír 3, an chéad fhomhír, pointe (b), le seirbhísí tacaíochta dá dtagraítear i mír 3, an chéad fhomhír, pointe (d) a sholáthraítear do pháirtithe leasmhara poiblí, lena n-áirítear institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus leis an rochtain ar an deasc chabhrach ar leibhéal an Aontais dá dtagraítear i mír 3, an chéad fhomhír, pointe (i), ní bheidh siad faoi réir táillí ná muirear.

Airteagal 33

Bailiú sonraí

1. D’fhonn tacú le comhlíonadh na gcúraimí a chuirtear ar an Oifig faoi Airteagal 32, agus go háirithe na cúraimí sin a bhaineann le bonn fianaise a fhorbairt, le hanailís a dhéanamh ar shonraí agus le tacaíocht a thabhairt do rochtain fheabhsaithe ar mhaoiniú do na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 32(2), déanfaidh an Oifig sonraí anaithnidithe nó sonraí neamhphearsanta eile, arna dtabhairt ar bhonn deonach, a bhaineann le hidirbhearta ina n-úsáidtear cearta maoine intleachtúla mar chomhthaobhacht chun críoch creidmheasa nó árachais nó mar ranníocaíocht chomhchineáil i gcásanna infheistíochta cothromais a bhailiú agus a anailísiú, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le faisnéis rúnaicmithe.

2. Agus sonraí á mbailiú agus á n-anailísiú aici i gcomhréir leis an Airteagal seo, oibreoidh an Oifig, i gcomhréir le dlí an Aontais, i gcomhar le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, le húdaráis phoiblí inniúla na mBallstát, le hoifigí maoine intleachtúla náisiúnta agus réigiúnacha, agus le páirtithe leasmhara ábhartha poiblí agus príobháideacha i réimsí an airgeadais agus an árachais, d’fhonn infhaighteacht, inchomparáideacht agus athúsáid sonraí atá ann cheana a éascú, chomh maith le féachaint, ar bhonn na bhfoinsí sonraí agus na gcleachtas sonraí atá ann cheana, ar chineálacha cur chuige a d’fhéadfadh a bheith ann chun trédhearcacht agus idir-inoibritheacht a fheabhsú ar fud an Aontais.

3. Féadfar a áireamh ar na sonraí arna mbailiú agus arna n-anailísiú ag an Oifig i gcomhréir leis an Airteagal seo, i gcás ina bhfuil fáil orthu agus inarb iomchuí, faisnéis a thagann ó chláir maoine intleachtúla, ó chláir ghnó, ó chláir gealltanas nó ó chlár ceart eile in rem i dtaca le maoin intleachtúil agus ó fhoinsí comhchosúla, chomh maith le faisnéis ábhartha eile arna cur ar fáil ag údaráis phoiblí nó ag gníomhaithe san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an gcaoi a ndearnadh meastóireacht ar mhaoin intleachtúil a úsáidtear mar chomhthaobhacht chun críoch creidmheasa nó árachais nó mar ranníocaíocht chomhchineáil i gcásanna infheistíochta cothromais, maidir le méid agus saintréithe an idirbhirt chomhfhreagraigh, maidir leis an gcineál cirt maoine intleachtúla lena mbaineann,

agus maidir le táscairí ábhartha amhail luacháil cothromais, soláthar urrúis chomhthaobhaigh, nó cóimheasa iasachta/luacha.

4. Déanfaidh an Oifig, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann, forbairt caighdeán coiteann agus cleachtas coiteann a bhaineann le cáilíocht sonraí, formáidí agus coinníollacha rochtana a chur chun cinn, lena n-áirítear módúlachtaí rochtana difreáilte, comhréireacha, agus soláthróidh sí treoraíocht agus bearta tacaíochta a bheidh dírithe ar a chur ar a gcumas d'fhiontair nuálacha, do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha, do ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú agus do FBManna tairbhiú den bhonn fianaise feabhsaithe agus de na haschuir anailíseacha.

5. I gcás ina mbeidh údar leis de bharr taithí a gheofar trí na gníomhaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo, féadfaidh an Oifig, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann, breithniú a dhéanamh ar uirlisí digiteacha nó córais sonraí struchtúrtha a fhorbairt chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chomhlíonadh chúraimí an Lárionaid Inniúlachta a leagtar amach in Airteagal 32, lena n-áirítear imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh clár uile-Aontais de ghealltanais i dtaca le sócmhainní maoine intleachtúla.

6. Cuirfidh an Oifig treoraíocht agus bearta tacaíochta i bhfeidhm chun a áirithiú gur féidir le fiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha, gnólachtaí nuálacha atá ag méadú agus FBManna tairbhiú go héifeachtach de na sonraí a bhailítear i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Airteagal 34

Luachálaithe maoine intleachtúla

1. Féadfaidh na daoine agus na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 32(2) agus na heintitis ábhartha phoiblí agus phríobháideacha i réimsí an airgeadais agus an árachais measúnú a iarraidh ar luach na gceart maoine intleachtúla faoi chreat deonach an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 32(3), an chéad fhomhír, pointe (a). Féadfaidh meastóir maoine intleachtúla atá deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 35 an measúnú sin a dhéanamh.

2. I gcás ina gcoimisiúnaítear an measúnú i dtaca le hidirbheart maoiniúcháin, soláthrófar an fhaisnéis is gá don mheasúnú i gcomhréir leis na socruithe arna gcomhaontú idir na páirtithe lena mbaineann agus faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le rúndacht agus cosaint rún trádála.

3. Agus measúnú á dhéanamh aige, gníomhóidh an meastóir maoine intleachtúla go neamhspleách agus seachnóidh sé aon choinbhleacht leasa leis na daoine nó leis na heintitis lena mbaineann an measúnú.

4. Is é an duine nó an t-eintiteas a bhfuil an measúnú á choimisiúnú aige a íocfaidh na táillí agus na costais eile a bhaineann le measúnú, mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt. Beidh siad trédhearcach, réasúnach agus comhréireach le cineál, raon feidhme agus castacht an mheasúnaithe.

Airteagal 35

Deimhniúchán meastóirí maoine intleachtúla

1. Bunóidh agus riarfaidh an Oifig scéim deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh luachálaithe maoine intleachtúla. Fianófar leis an deimhniú go bhfuair meastóir an t-eolas agus an inniúlacht ghairmiúil is gá chun luachálacha a dhéanamh faoi chreat deonach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 32(3), an chéad fhomhír, pointe (a).

2. Beidh deimhniú faoin Airteagal seo deonach agus fianófar inniúlacht leis maidir le creat luachála an Aontais a chur i bhfeidhm. Ní bheidh i gceist leis ceadúnas gairmiúil ná ní thabharfaidh sé ceart chun gairm rialáilte a fheidhmiú, ná ní bheidh sé ina réamhriachtanas chun luachálacha maoine intleachtúla a dhéanamh faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Beidh sé gan dochar do rialacha náisiúnta lena rialaítear gairmeacha rialáilte, cáilíochtaí gairmiúla agus soláthar seirbhísí luachála.

3. Le deimhniú ón Oifig, ní bheidh an Oifig freagrach as luachálacha aonair a dhéanann luachálaí deimhnithe agus ní thabharfar éifeacht dhlíthiúil cheangailteach ná thoimhdeach ar luachálacha den sórt sin.

4. Chun bheith incháilithe do dheimhniúchán, déanfaidh an meastóir ionchasach an méid seo a leanas:

   (a) beidh cúlra iomchuí oideachais nó gairmiúil acu, mar aon le taithí ghairmiúil ábhartha, agus inniúlacht theicniúil i dtaca le luacháil sócmhainní maoine intleachtúla;

   (b) oiliúint speisialaithe maidir le cur i bhfeidhm chreat deonach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 32(3), an chéad fhomhír, pointe (a), a chur i gcrích go rathúil, agus measúnú lena léirítear eolas leordhóthanach agus cumas praiticiúil leordhóthanach chun an creat sin a chur i bhfeidhm;

   (c) oibiachtúlacht agus ionracas a léiriú acu agus cloífidh siad le caighdeáin ghairmiúla nó cóid iompair iomchuí.

   Eagróidh an Oifig an oiliúint agus an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (b) agus (c). Féadfaidh an Oifig an oiliúint agus an measúnú sin a fhorbairt agus a sholáthar i gcomhar le hoifigí náisiúnta maoine intleachtúla agus le heagraíochtaí gairmiúla agus comhlachtaí luachála ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na coinníollacha mionsonraithe seo a leanas a leagan síos maidir le cur chun feidhme na scéime deimhniúcháin a bhunaítear leis an Airteagal seo:

   (a) an cúlra íosta oideachais nó gairmiúil agus an taithí ghairmiúil is gá chun cead isteach sa scéim deimhniúcháin a fháil agus an fhianaise atá le cur isteach chun na críche sin;

   (b) ábhar íosta, torthaí foghlama agus comhpháirteanna praiticiúla na hoiliúna speisialaithe dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (b), lena n-áirítear aon cheanglas a bhaineann le freastal;

   (c) foirm, ábhar, modheolaíocht mheasúnaithe agus íoscheanglais phas don mheasúnú dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (c);

   (d) an nós imeachta iarratais, lena n-áirítear na doiciméid agus an fhianaise atá le tíolacadh agus na socruithe chun comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 4 a fhíorú;

(e) tréimhse bhailíochta an deimhnithe agus na coinníollacha agus an nós imeachta chun é a athnuachan, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach;

(f) na forais agus an nós imeachta maidir le deimhniú a chur ar fionraí agus a tharraingt siar, lena n-áirítear coimircí nós imeachta iomchuí agus ceart an duine lena mbaineann éisteacht a fháil;

(g) na coinníollacha lena rialaítear úsáid, cur i láthair agus cur in iúl dheimhniú an Aontais agus an stádais dheimhnithe, lena n-áirítear rialacha atá ceaptha cosc a chur ar aon léiriú míthreorach maidir le raon feidhme nó éifeachtaí dlíthiúla an deimhnithe; agus

(h) an fhaisnéis maidir le luachairí deimhnithe atá le háireamh sa bhunachar sonraí dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38(2).

6. Déanfaidh an Oifig, tríd an Lárionad Inniúlachta, deimhniú a dheonú, a athnuachan, a fhionraí nó a tharraingt siar i gcomhréir leis an Airteagal seo.

7. Déanfaidh an Oifig, tríd an Lárionad Inniúlachta, bunachar sonraí de chuid an Aontais de luachálaithe maoine intleachtúla a dheimhnítear i gcomhréir leis an Airteagal seo a bhunú agus a chothabháil, ar bunachar sonraí é a mbeidh rochtain ag an bpobal air.

8. Féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin muirir a thabhairt isteach as na seirbhísí deimhniúcháin, measúnaithe agus athnuachana dá bhforáiltear faoin Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 178 de Rialachán (AE) 2017/1001. Beidh na muirir sin trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus ní rachaidh siad thar chostas na seirbhísí sonracha lena mbaineann

Airteagal 36

Clársceidealú agus tuairisciú

1. Tabharfaidh an Oifig cuntas ar na gníomhaíochtaí is gá chun na cúraimí a chuirtear ar an Oifig a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Rialachán seo i roinn ar leithligh den chlár straitéiseach ilbhliantúil agus de chlár oibre bliantúil na hOifige dá dtagraítear in Airteagal 153(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2017/1001.

2. Leagfar amach sa roinn ar leith dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo na cuspóirí, na gníomhaíochtaí, na torthaí a bhfuil coinne leo, na táscairí feidhmíochta agus na hacmhainní daonna agus airgeadais measta a bhaineann leis na cúraimí sin, agus beartais agus tosaíochtaí ábhartha an Aontais á gcur san áireamh. Is le Rialachán (AE) 2017/1001 a rialófar ullmhú, glacadh, cur chun feidhme agus leasú an chláir straitéisigh ilbhliantúil agus an chláir oibre bhliantúil.

3. Áireoidh an Oifig roinn shonrach sa tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí na hOifige dá dtagraítear in Airteagal 153(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/1001 maidir leis na cúraimí a chuirtear ar an Oifig faoin Airteagal seo. Áireofar an fhaisnéis uile seo a leanas sa roinn sonrach sin:

(a) athbhreithniú ar na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh le linn na bliana féilire roimhe sin;

(b) na torthaí a baineadh amach i ndáil leis na cuspóirí agus na táscairí feidhmíochta a leagtar amach sa chlár oibre bliantúil;

(c) measúnú foriomlán ar chomhlíonadh na gcúraimí sin, lena n-áirítear na hacmhainní airgeadais agus foirne a úsáideadh, aon ioncam a fuarthas ó mhuirir agus aon éifeacht ábhartha ar chomhlíonadh chúraimí reachtúla eile na hOifige;

(d) forbhreathnú ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe do na blianta ina dhiaidh sin.

Airteagal 37

Leasú ar Rialachán (AE) 2017/1001

In Airteagal 151(1) de Rialachán (AE) 2017/1001, cuirtear isteach pointe (f) seo a leanas:

‘(f) na cúraimí a chuirtear air faoi Rialachán (AE) 202X/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. *[+]’

* Rialachán (AE) 202X/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO…, ELI…).’.

Caibidil 4
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 38

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Rialacha Cur Chun Feidhme arna bhunú le Rialachán (AE) 2017/1001 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 39

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11(2), Airteagal 19(10), Airteagal 22(5), Airteagal 24(12), Airteagal 28(5) agus Airteagal 31(8) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an

[+] IO: Cuir isteach sa téacs uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin seo (an Gníomh Eorpach um Nuálaíocht), san fhonóta.

Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 7(2), 19(11), 22(5), 24(12), 28(5), agus 31(8) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis an cinneadh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta ina dhiaidh sin a bheidh sonraithe ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11(2), Airteagal 19(10), Airteagal 22(5), Airteagal 24(12), Airteagal 28(5) nó Airteagal 31(8) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 40

Meastóireacht

Faoin *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]* agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraítear leis, go háirithe maidir le ról an tsoláthair phoiblí mar spreagadh don nuálaíocht a neartú agus luacháil, tráchtálú agus úsáid maoine intleachtúla a fheabhsú, agus cuirfidh sé tuarascáil ina leith sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. I gcás inarb iomchuí, beidh togra maidir leis an Rialachán seo a leasú nó a aisghairm ag gabháil leis an meastóireacht sin.

Airteagal 41

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
[...]	*[...]*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. COMHTHÉACS AN TOGRA 1
1.1. Forais agus cuspóirí an togra 1
1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana 4
1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais 6
2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT 7
2.1. Bunús dlí 7
2.2. Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach) 8
2.3. Comhréireacht 9
2.4. An rogha ionstraime 10
3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR 11
3.1. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara 11
3.2. Bailiú agus úsáid saineolais 12
3.3. Measúnú tionchair 13
3.4. Oiriúnacht rialála agus simpliú 16
4. Cearta bunúsacha 17
5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA 17
6. EILIMINTÍ EILE 17
• Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe 17
• Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra 17
1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH 4
1.1. Teideal an togra/tionscnaimh 4
1.2. Réimsí beartais lena mbaineann 4
1.3. Cuspóirí 4
1.3.1. Cuspóirí ginearálta 4
1.3.2. Cuspóirí sonracha 4
1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann 4
1.3.4. Táscairí feidhmíochta 6
1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: 6
1.5. Forais an togra/tionscnaimh 7
1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 7

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). 7

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 8

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile 8

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh 9

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige 10

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme 10

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 12

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 12

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe 12

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 12

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 12

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) 12

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 13

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 14

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar 14

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe 15

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 15

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 15

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin 17

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 17

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 17

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 17

3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha 19

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 20

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe 20

4. GNÉITHE DIGITEACHA 23
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha 23
4.2. Sonraí 25
4.3. Réitigh dhigiteacha 27
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta 28
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach 29

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras nuálaíochta na hEorpa a neartú (an Gníomh Eorpach um Nuálaíocht)

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An margadh aonair, iomaíochas, taighde agus nuálaíocht

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair don nuálaíocht trí bhacainní ar fhorbairt, ar thástáil agus ar mhéadú réiteach nuálach a laghdú, agus ar an gcaoi sin dlús a chur lena dtráchtálú san Aontas.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh. 1

Costais luachála a laghdú agus cur le ceadúnú agus aistriú maoine intleachtúla san Aontas sna 4 bliana amach romhainn.

Cuspóir sonrach Uimh. 2

Caiteachas ar sholáthar seirbhísí T&F a mhéadú sna 5 bliana amach romhainn.

Cuspóir sonrach Uimh. 3

Soláthar réiteach T&F atá bunaithe san Aontas a mhéadú sna 5 bliana amach romhainn.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe / grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Sochair eacnamaíocha

Trí chreat luachála maoine intleachtúla comhchuibhithe uile-Aontais a thabhairt isteach, arna chomhlánú le hIonad Oiliúna an Aontais um Maoin Intleachtúil agus le hardán meaitseála maoine intleachtúla, meastar go laghdófar na costais agus an chastacht a bhaineann le sócmhainní maoine intleachtúla a luacháil, a bhainistiú agus airgead a shaothrú ar a mbonn. Trí mhodheolaíochtaí luachála caighdeánaithe, saineolas speisialaithe agus bonneagar margaidh feabhsaithe a sholáthar, bheadh sé ina thoradh ar na bearta sin go laghdófaí neamhshiméadrachtaí faisnéise idir gnólachtaí agus airgeadaithe seachtracha maidir le luach eacnamaíoch sócmhainní maoine intleachtúla.

Tá coinne leis, ar bhonn trédhearcacht agus inchreidteacht fheabhsaithe i ndáil le luacháil maoine intleachtúla, go ndéanfar úsáid paitinní agus sócmhainní maoine intleachtúla eile mar chomhthaobhacht a éascú, rud a mhéadóidh an rochtain ar mhaoiniú fiachais agus maoiniú cothromais araon. Go háirithe, is féidir le córais luachála chaighdeánaithe feidhm chomhthaobhachta na maoine intleachtúla do bhainc agus feidhm chomharthaíochta na maoine intleachtúla d'infheisteoirí caipitil fiontair a neartú, rud a rannchuidíonn le méideanna níos mó maoinithe bunaithe ar mhaoin intleachtúil. De réir mar a éiríonn gnólachtaí níos ábalta luach eacnamaíoch a

maoine intleachtúla a ghabháil agus a chur in iúl, is dócha go dtiocfaidh méadú ar na torthaí ionchasacha ó phaitinniú, rud a chruthóidh dreasachtaí níos láidre chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus cosaint fhoirmiúil do mhaoin intleachtúil a lorg.

Tugtar le fios sa litríocht go bhféadfadh an caidreamh sin fáinne óir a ghiniúint idir paitinniú agus maoiniú. Le punanna maoine intleachtúla níos láidre, déantar éascaíocht don rochtain ar mhaoiniú seachtrach, agus tacaíonn coinníollacha maoinithe feabhsaithe le hinfheistíochtaí breise T&F agus le gníomhaíochtaí nuálaíochta, rud a fhágann go ngintear tuilleadh paitinní. Chomh maith le cainníocht na n-iarratas ar phaitinní a mhéadú, d'fhéadfadh sásraí luachála níos iontaofa feabhas a chur ar cháilíocht na bpaitinní freisin trí ghnólachtaí a spreagadh chun díriú ar aireagáin ar mó an n-acmhainneacht theicneolaíoch agus a n-acmhainneacht tráchtála.

Tacaíonn roinnt snáitheanna fianaise leis an sásra sin. Ó thaobh fíor-roghanna de, méadaíonn córais luachála inchreidte agus margaí maoine intleachtúla tánaisteacha inchúlaitheacht infheistíochtaí a bhaineann le paitinní trí phaitinní a bheith ina sócmhainní intrádála seachas a bheith ina n-ionstraimí dlí amháin. Laghdaíonn sé sin an riosca éifeachtach a bhaineann le paitinniú agus spreagann sé gnólachtaí chun paitinní a chomhdú ar féidir iad a cheadúnú, a dhíol nó a úsáid ina dhiaidh sin chun tacú le hidirbhearta maoiniúcháin. Léiríonn fianaise ó na Stáit Aontaithe go bhfágann nochtadh do mhargaí tánaisteacha paitinní go méadaítear gníomhaíocht phaitinnithe, go háirithe faoi dhálaí éiginnteachta eacnamaíche, agus go spreagtar gnólachtaí freisin an tráth céanna chun paitinn a chur ar aireagáin a choimeádfaí ina rúin trádála murach sin.

Trí chreat comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais a thabhairt isteach le haghaidh soláthar T&F, meastar go laghdófar go mór an éiginnteacht dhlíthiúil agus an chastacht nós imeachta a bhaineann faoi láthair le soláthar T&F ó Bhallstát go chéile. Meastar go n-éascófar leis sin cur chun feidhme tionscadal soláthair T&F trasteorann, rud a chuirfidh ar a gcumas do cheannaitheoirí poiblí an t-éileamh a chomhthiomsú agus mais chriticiúil níos mó a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an Mhargaidh Aonair le haghaidh soláthar nuálaíochta.

Dá ndéanfaí cleachtais soláthair chruthaithe atá dírithe ar an nuálaíocht a leabú laistigh de chreat coiteann, chuirfí feabhas freisin ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht próisis soláthair T&F, rud a mhéadódh an toradh ar infheistíocht phoiblí sa nuálaíocht. Chuirfeadh nósanna imeachta níos soiléire feabhas ar chumas ceannaitheoirí poiblí tionscadail soláthair T&F a dhearadh agus a bhainistiú, agus costais rannpháirtíochta do sholáthróirí agus bacainní orthu á laghdú an tráth céanna. Meastar go spreagfaidh sé sin líon níos mó gnólachtaí, lena n-áirítear iad siúd ó Bhallstáit éagsúla, chun bheith rannpháirteach i nglao soláthair T&F ar thairiscintí, agus ar an gcaoi sin iomaíocht a mhéadú, cáilíocht na réiteach atá beartaithe a fheabhsú, agus rochtain ar theicneolaíochtaí nuálacha a leathnú.

Ina theannta sin, dá dtabharfaí isteach tosaíocht AE laistigh de nósanna imeachta soláthair T&F, mhéadófaí an dóchúlacht gur laistigh den Aontas Eorpach a d'fhanfadh tairbhí móra eacnamaíocha agus teicneolaíocha arna ngineadh trí sholáthar T&F arna mhaoiniú go poiblí. Dá neartófaí an t-éileamh ar réitigh nuálacha arna bhforbairt ag gnólachtaí atá bunaithe san Aontas, thacófaí le hinfheistíocht phríobháideach T&F, chothófaí fás éiceachórais nuálaíochta na hEorpa, agus

rannchuideofaí le poist ardluacha a chruthú. Agus an méid sin á dhéanamh, threiseofaí uathriail straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus earnálacha criticiúla.

Ar an iomlán, meastar go mbeidh sé ina thoradh ar an Gníomh Eorpach um Nuálaíocht go méadófar OTI an Aontais idir 0,25 % agus 0,42 % i gcaitheamh tréimhse 10 mbliana i gcoibhneas le cás bunlíne gan an Gníomh Eorpach um Nuálaíocht a bheith ann.

Anuas ar a héifeachtaí ar OTI agus ar fhostaíocht, meastar go nginfidh an Gníomh Eorpach um Nuálaíocht tairbhí sochaíocha níos leithne trí neartú a dhéanamh ar aistriú an taighde agus na nuálaíochta ina réitigh indíolta. Léiríonn corpas substaintiúil fianaise eimpírí go gcuireann infheistíocht leanúnach phoiblí agus phríobháideach sa taighde agus sa nuálaíocht dlús le forbairt, scaipeadh agus laghdú costais teicneolaíochtaí glana, rud a rannchuidíonn le hastaíochtaí gás ceaptha teasa níos ísle, le héifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe, agus le próisis táirgthe níos inbhuanaithe. Is dócha go nginfidh na tairbhí sin éifeachtaí dearfacha seachtracha comhshaoil agus sóisialta nach ngabhtar ach go páirteach le gnáththáscairí maicreacnamaíocha amhail OTI.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Déanfar faireachán trí roinnt táscairí ar an dul chun cinn i dtreo an chuspóra shonraigh maidir le costais luachála maoine intleachtúla a laghdú agus ceadúnú, aistriú agus úsáid airgeadais ceart maoine intleachtúla san Aontas a mhéadú. Áirítear orthu sin an líon Ballstát a chomhtháthóidh caighdeáin luachála Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ina gcleachtais luachála náisiúnta, an líon idirbheart ina gcuirfear modheolaíocht luachála maoine intleachtúla an Aontais i bhfeidhm, na meánchostais luachála maoine intleachtúla a íocann gnólachtaí, agus an líon cuideachtaí a úsáidfidh sócmhainní maoine intleachtúla mar chomhthaobhacht nó in idirbhearta maoiniúcháin.

An dul chun cinn i dtreo an chuspóra shonraigh maidir le caiteachas ar sholáthar seirbhísí T&F a mhéadú, déanfar é a thomhas de réir sciar an chaiteachais T&F sa soláthar poiblí iomlán agus líon agus luach na gconarthaí soláthair T&F trasteorann. Déanfar faireachán ar an dul chun cinn i dtreo an chuspóra shonraigh maidir le soláthar réiteach T&F atá bunaithe san Aontas a mhéadú trí líon agus luach na gconarthaí soláthair T&F arna ndámhachtain do sholáthróirí agus réitigh atá bunaithe san Aontas.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[50]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

[50] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Freagraíonn an togra don ghá atá ann aghaidh a thabhairt ar na hilroinntí atá ann cheana sa Mhargadh Aonair i réimse an t**soláthair T&F** trí nós imeachta comhchuibhithe a bhunú do sholáthairtí T&F agus do sholáthairtí comhpháirteacha trasteorann T&F a bheidh le cur chun feidhme ag ceannaitheoirí poiblí i ngach Ballstát i gcomhréir leis an Rialachán seo a luaithe a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

Thairis sin, cuirtear cúraimí nua ar Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear Lárionad Inniúlachta de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú le haghaidh **maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil agus tráchtálú maoine intleachtúla** a luaithe a thiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm. A luaithe a bheidh sé bunaithe laistigh d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, tosóidh an Lárionad Inniúlachta ar na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán a chomhlíonadh, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do pháirtithe leasmhara éagsúla i réimse an mhaoinithe ar bhonn taca maoine intleachtúla agus sa réimse sócmhainní maoine intleachtúla a thráchtálú. Ar deireadh, faoin 1 Meán Fómhair 2028 (le bheith ina dháta sealadach, ós rud é go bhfuil gá le ham chun forbairt TF a dhéanamh), forbróidh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, tríd an Lárionad Inniúlachta, creat luachála le haghaidh na sócmhainní doláimhsithe uile agus bunóidh sí ardán meaitseála digiteach chun ceadúnú agus aistriú gach cineáil ceart maoine intleachtúla a chosnaítear ar leibhéal an Aontais a éascú.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí).

Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante)*

Dírítear sna bearta atá beartaithe ar réimsí ina bhfuil breisluach soiléir le baint as gníomhú ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí is gá. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí feabhas a chur ar an gcás gnó do nuálaithe chun nuálaíochtaí a thabhairt chuig an margadh trí éascaíocht a dhéanamh ar luacháil, tráchtálú agus úsáid ceart maoine intleachtúla mar chomhthaobhacht chun maoiniú ar bhonn taca maoine intleachtúla a fháil, agus trína dhéanamh níos éasca teacht ar na chéad chustaiméirí trí sholáthar T&F. Fágann siad go bhfeabhsaítear éifeachtúlacht trí chomhar trasteorann níos fearr a chumasú, go n-áirithítear rochtain níos cothroime ar dheiseanna do chuideachtaí nuálacha gan beann ar a suíomh, agus go neartaítear cumas an Aontais dul san iomaíocht ar fud an domhain.

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Ginfidh idirghabháil an Aontais tairbhí marthanacha trí bharainneachtaí scála, costais idirbhirt níos ísle agus deimhneacht dhlíthiúil fheabhsaithe do cheannaitheoirí poiblí, do chuideachtaí agus d'infheisteoirí. Neartóidh an idirghabháil sin cumas na hEorpa réitigh nuálacha a chur ar an margadh agus sócmhainní maoine intleachtúla a

thráchtálú agus iad a ghiaráil i ndáil le maoiniú cuideachtaí. Le nósanna imeachta comhchuibhithe, digitithe maidir le soláthar T&F, laghdófar costais idirbheart agus an t-ualach riaracháin ar cheannaitheoirí poiblí agus ar chuideachtaí a bhíonn rannpháirteach i soláthairtí T&F, agus dálaí aonfhoirmeacha an mhargaidh á soláthar ó Bhallstát go chéile an tráth céanna. Le bunú an Lárionaid Inniúlachta laistigh d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, méadófar glacadh an mhaoinithe ar bhonn taca maoine intleachtúla san Eoraip, rud a mhéadóidh na deiseanna maoinithe do chuideachtaí nuálacha.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Tá saineolas nach beag bailithe ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh i réimse na gceart maoine intleachtúla trína cúraimí a bhaineann le trádmharcanna, dearaí agus tásca geografacha an Aontais a chosaint, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar sháruithe ar gach cineál ceart maoine intleachtúla tríd an bhFaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla. Agus an taithí sin á cur san áireamh, cuireann an togra le saineolas Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh trí chúraimí breise a bhaineann le luacháil agus tráchtálú maoine intleachtúla a chur uirthi.

Ní bhaintear úsáid as nós imeachta na Comhpháirtíochta Nuálaíochta, a tugadh isteach i dtreoracha 2014 an Aontais maidir le soláthar poiblí, ach ar bhonn an-teoranta. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ar threoracha 2014 an Aontais maidir le soláthar poiblí gur cheart deireadh a chur, san athbhreithniú leanúnach ar threoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí, leis an oibleagáid nach mór baint a bheith ag soláthar T&F leis an nós imeachta sin, toisc nach maith le ceannaitheoirí poiblí T&F a cheannach mar chuid de nós imeachta lena gceannaítear méideanna tráchtála réiteach agus atá oscailte do sholáthraithe ó gach tríú tír a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta ag an Aontas leo maidir le soláthar poiblí. Agus an taithí sin á cur san áireamh, is é is aidhm don togra Eorpach nós imeachta a sholáthar maidir le **soláthar T&F** chun seirbhísí T&F a cheannach nach bhfuil soláthar méideanna tráchtála réiteach i gceist leis agus nach féidir a oscailt ach do sholáthraithe ó na Ballstáit, ó thíortha LEE agus ó thíortha na mBalcán Thiar.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá an togra lán-chomhsheasmhach le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 agus cuirfear chun feidhme é trí chláir de chuid an Aontais atá ann cheana gan imchlúdaigh chaiteachais nua ná oibleagáidí airgeadais nua a chruthú sa bhreis ar na hacmhainní atá ann cheana.

Dá bhformheasfadh na comhreachtóirí an togra agus dá gcinnfidís go gcuirfeadh an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla an Lárionad ar bun, go reáchtálfadh sé é agus go ranníocfadh sé cistí (ón mbarrachas nó ón mbarrachas), ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtiocfadh an ranníocaíocht sin ó bhuiséad an Aontais (ní ranníocaíocht ón Aontas í) ach ó bhuiséad na Faireachlainne Eorpaí um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla agus, dá bhrí sin, nach mbraitheann sé ar CAI.

Sa chiall sin, bheadh an cinneadh maidir leis na gnéithe buiséadacha sonracha faoi réir chinneadh agus fhormheas Bhord Bainistíochta agus Choiste Buiséadach na Faireachlainne Eorpaí um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Áiritheofar an maoiniú uile trí athshannadh ó chláir. Gan dochar do thoradh na caibidlíochta maidir leis an gcéad CAI eile, is leithreasuithe táscacha go huile agus go hiomlán iad na leithreasuithe atá beartaithe ó 2028 ar aghaidh.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[51]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag

[51] Tá mionsonraí maidir leis na modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Áirítear caiteachas foirne sa Ráiteas seo. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar aschur, torthaí agus tionchar an togra seo gach 3 bliana tar éis dháta a theacht chun feidhme. Déanfar measúnú sa mheastóireacht ar rannchuidiú an Rialacháin seo le feidhmiú an mhargaidh aonair, lena n-áirítear na cuspóirí a shonraítear sa Rialachán seo.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Is é an modh bainistíochta don tionscnamh bainistíocht dhíreach ón gCoimisiún. Is é sin an cur chuige is iomchuí i bhfianaise raon feidhme teoranta chaiteachas an Aontais, atá teoranta do ghnáthchostais riaracháin agus faireacháin. Trí nósanna imeachta inmheánacha seanbhunaithe a úsáid, áirithítear rialuithe éifeachtacha, éifeachtúla, rátaí earráide ísle, próiseáil thapa idirbheart agus costais íosta rialaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Ar an iomlán, éilíonn an tionscnamh caiteachas foirne. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin. Leanann formhór ghnéithe an tionscnaimh nósanna imeachta seanbhunaithe chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo.

Is é an príomhriosca oibriúcháin acmhainneacht riaracháin neamhleor chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán. Tá measúnú tionchair ag gabháil leis an togra seo, lena soláthraítear an anailísíocht atá mar bhonn agus thaca leis an gcur chuige beartais a roghnaíodh. Bhain ullmhú an tionscnaimh leas freisin as comhairliúchán poiblí chomh maith le comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara tionscail, leis na Ballstáit agus le comhlachais trádála, rud a d'áirithigh gur bailíodh sonraí, faisnéis agus aiseolas ábhartha. Mar sin féin, d'fhéadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe nó tionchair gan choinne tarlú fós le linn an chur chun feidhme. Sainaithneofar iad sin trí na nósanna imeachta faireacháin a leagtar amach sa Rialachán, rud a chuirfidh ar a chumas don Choimisiún aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach iomchuí agus tráthúil.

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

Tá caiteachas riaracháin teoranta i gceist leis an tionscnamh. Tá feidhm ag gnáthnósanna imeachta rialaithe an Choimisiúin. Ós rud é nach gcruthaítear aon chlár cistiúcháin ná aon sásra soláthair ilsrathach, beidh na gníomhaíochtaí rialaithe simplí, costéifeachtach. Déantar rialuithe go hiomlán faoi bhainistíocht dhíreach, agus úsáid á baint as iniúchtaí caighdeánacha *ex post* faoi chreat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin. Áirithítear leis sin cothromaíocht iomchuí idir an iarracht rialaithe agus luach teoranta na gcistí arna mbainistiú. I bhfianaise an leagan

amach shimplithe agus easpa oibríochtaí airgeadais ardriosca, tá an ráta earráide a mheastar a bheidh ann tráth na híocaíochta agus tráth a dhúnfar an clár íseal agus i bhfad faoi bhun na tairsí ábharthachta. Dá bhrí sin, soláthraíonn an córas rialaithe ardleibhéal dearbhaithe ar chostas comhréireach.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Ní bhunaítear cláir chistiúcháin ná scéimeanna tacaíochta airgeadais leis an tionscnamh. Dá bhrí sin, tá sé ag brath ar chreat rialaithe inmheánaigh agus Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin atá ann cheana. Tá feidhm ag gnáthbhearta coisctheacha agus braiteacha, lena n-áirítear rialuithe inmheánacha rioscabhunaithe, leithscaradh dualgas agus sreafaí oibre seanbhunaithe i ndáil le caiteachas riaracháin.

Áiritheoidh an Oifig, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1001 agus leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Oifig, go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i bhfeidhmiú na gcúraimí a chuirtear ar a hiontaoibh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear bearta chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí eile a chosc, a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu. Feidhmeoidh an Coimisiún na feidhmeanna maoirseachta agus faireacháin a thugtar dó faoin gcreat rialachais is infheidhme.

Mar is amhlaidh i gcás na ngníomhaíochtaí uile arna mbainistiú ag an gCoimisiún, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a gcumhachtaí a fheidhmiú i gcomhréir lena mbunúis dlí faoi seach chun imscrúdú a dhéanamh ar chalaois, éilliú nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Coinníonn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a cearta caighdeánacha iniúchóireachta i leith chaiteachas an Choimisiúin.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh. A mhéid a bhaineann le buiséad na Faireachlainne Eorpaí um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla, is figiúirí táscacha iad na figiúirí agus tá siad faoi réir fhormheas chomhlachtaí rialaithe na Faireachlainne Eorpaí um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla i gcomhréir le EUTMR.

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN[52].	ó thíortha de chuid CSTE[53]	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[54]	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
02	01 01 01 01	LN	TÁ	TÁ	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	Ní bhaineann le hábhar					

52 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

53 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

54 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	02

Ard-Stiúrthóireacht: RTD			Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)								**0**
	Íocaíochtaí	(2a)								**0**
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)								**0**
	Íocaíochtaí	(2b)								**0**
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[55]										
Líne bhuiséid 01 01 01 01		(3)	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**4,074**
IOMLÁN leithreasuithe	Gealltanais	=1a+1b+3	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**4,074**

[55] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin chun tacú le cur chun feidhme clár agus/nó gníomhaíochtaí AE (línte 'BA' roimhe seo), taighde indíreach, taighde díreach.

le haghaidh AS RTD	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**4,074**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4	Gealltanais	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**4,074**
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**0,582**	**4,074**

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	**IOMLÁN 2028 - 2034**
CEANNTEIDEAL 4								
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4								
Acmhainní daonna	0,582	0,582	0,582	0,582	0,582	0,582	0,582	**4,074**
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0	0	0	0	0	0	0	**0**
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4	0,582	0,582	0,582	0,582	0,582	0,582	0,582	**4,074**
IOMLÁN	0,582	0,582	0,582	0,582	0,582	0,582	0,582	**4,074**

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha[56]

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	0	0	0	0	0	0	0
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0	0	0	0
(Taighde indíreach)	3	3	3	3	3	3	3

56 Sonrigh faoi bhun an tábla cén líon de choibhéisí lánaimseartha, laistigh den líon a thugtar le fios, atá sannta cheana féin do bhainistiú na gníomhaíochta agus/nó ar féidir iad a athimlonnú laistigh de do AS, agus cad iad na glanriachtanais atá agat.

(Taighde díreach)		0	0	0	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)		0	0	0	0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)								
20 02 01 (AC, END ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)		0	0	0	0	0	0	0
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)		0	0	0	0	0	0	0
Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY]	• sa Cheanncheathrú	0	0	0	0	0	0	0
	• i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0	0	0	0	0
(AC, END - Taighde indíreach)		0	0	0	0	0	0	0
(AC, END - Taighde Díreach)		0	0	0	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 4		0	0	0	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 4		0	0	0	0	0	0	0
IOMLÁN		**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

	Le chumhdach le baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin	**Foireann bhreise eisceachtúil***		
		Le maoiniú faoi Cheannteideal 4 nó Taighde	**Le maoiniú ó líne BA**	**Le maoiniú ó tháillí**
Poist sa phlean bunaíochta	3 [N.B. I bhfianaise an teannais maidir le Ceannteideal 4 i gcoitinne, i dtéarmaí soláthar foirne agus na leibhéil leithreasuithe araon, freastalófar ar na hacmhainní daonna a bhfuil gá leo le foireann ón AS atá sannta cheana féin do bhainistiú na gníomhaíochta agus/nó atá athimlonnaithe laistigh den AS nó de sheirbhísí eile de chuid an Choimisiúin]		Ní bhaineann le hábhar	
Foireann sheachtrach (CA,				

SNEnna, INT)				

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Tá gá le coibhéis triúr lánaimseartha (3 FTE) chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú an Rialacháin.
Pearsanra seachtrach	

3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 4 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Chaiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla' is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-3 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caiteachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ ceannach/ forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 'Gnéithe digiteacha'.

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	**IOMLÁN CAI 2028 - 2034**
CEANNTEIDEAL 4								
Caiteachas TF (corparáideach)	0	0	0	0	0	0	0	**0**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4								
Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0	0	0	0	0	0	0	**0**
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**
IOMLÁN	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe								

3.2.8. Na hacmhainní daonna a mheastar atá riachtanach agus na leithreasuithe a mheastar is gá a úsáid i ngníomhaireacht dhíláraithe

Chuirfeadh an Lárionad Inniúlachta tacaíocht ar fáil i réimsí amhail saothrú maoine intleachtúla, tráchtálú agus rochtain ar mhaoiniú. Meastar go mbeidh gá le 10 n-aonad de choibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana le linn na céime cur chun feidhme chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme, ag glacadh leis go mbeidh tréimhse forbartha 2 bhliain ann. Dá dtiocfadh an Gníomh i bhfeidhm in 2028, chumhdófaí 2028 agus 2029 leis an gcéim sin dá bhrí sin. A luaithe a bheidh an Lárionad Inniúlachta ag feidhmiú go hiomlán, thiocfadh laghdú ar an gceanglas foirne measta go dtí 8 n-aonad de choibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana.

Riachtanais foirne (aonaid de choibhéis lánaimseartha)

Gníomhaireacht: an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar	Bliain 2028	Bliain 2029	Bliain 2030	Bliain 2031	Bliain 2032	Bliain 2033	Bliain 2034

Chearta Maoine Intleachtúla							
Gníomhairí sealadacha (Gráid AD)	6	6	4	4	4	4	4
Gníomhairí sealadacha (Gráid AST)	0	0	0	0	0	0	0
Baill foirne shealadacha (AD+AST) — fo-iomlán	6	6	4	4	4	4	4
Baill foirne ar conradh	4	4	4	4	4	4	4
Saineolaithe náisiúnta ar iasacht	0	0	0	0	0	0	0
Baill foirne ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht — fo-iomlán	4	4	4	4	4	4	4
LÍON IOMLÁN na mball foirne	10	10	8	8	8	8	8

Forbhreathnú/achoimre ar na hacmhainní daonna agus na leithreasuithe (in EUR milliún) atá riachtanach i gcomhair an togra/tionscnaimh i ngníomhaireacht dhíláraithe

Gníomhaireacht: an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla	Bliain 2028	Bliain 2029	Bliain 2030	Bliain 2031	Bliain 2032	Bliain 2033	Bliain 2034
Baill foirne shealadacha (AD+AST)	6	6	4	4	4	4	4
Baill foirne ar conradh	4	4	4	4	4	4	4
Saineolaithe náisiúnta ar iasacht	0	0	0	0	0	0	0
Líon iomlán na mball foirne	10	10	8	8	8	8	8

Leithreasuithe a chumhdaítear le buiséad an Aontais	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Leithreasuithe a chumhdaítear le táillí (más infheidhme)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Leithreasuithe a chumhdaítear le buiséad oibríochtúil/barrachas na Faireachlainne Eorpaí um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla (mar is infheidhme)	0,746	1,523	1,173	1,196	1,220	1,245	1,269
Leithreasuithe cómhaoinithe (más infheidhme)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN leithreasuithe	0,746	1,523	1,173	1,196	1,220	1,245	1,269

Forchoimeádann an Oifig a seasamh a mhéid a bhaineann le ríomh an ioncaim is indíorthaithe ón bhforáil ábhartha MTC.

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

– ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[57]						
		Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**
Airteagal …….								

[57] I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 10 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu, mar a mholtar in COM(2025)574.

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

Tagairt don cheanglas	Tuairisc ar an gceanglas	Gníomhaithe a ndéanann an ceanglas difear dóibh nó a bhfuil baint aige leo	Próisis Ardleibhéil	Catagóirí
Airteagal 4(4)	Soláthairtí T&F atá le déanamh trí ardán TED (comhéadan digiteach chun fógraí soláthair a uaslódáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*)	Ceannaitheoirí poiblí Oibreoirí eacnamaíocha	Soláthar T&F	Sonraí Réiteach Digiteach Seirbhís Phoiblí Dhigiteach Digitiú agus uathoibriú próiseas Idir-inoibritheacht
Airteagal 4(4)	Ceanglas maidir le formáid leictreonach a úsáid le haghaidh doiciméid soláthair	Ceannaitheoirí poiblí Oibreoirí eacnamaíocha	Soláthar T&F	Sonraí Réiteach Digiteach Seirbhís Phoiblí Dhigiteach Digitiú agus uathoibriú próiseas Idir-inoibritheacht
Airteagal 10	Ceanglas ar cheannaitheoirí poiblí ceanglais a shonrú ar chonraitheoirí i	Ceannaitheoirí poiblí Oibreoirí eacnamaíocha	Soláthar T&F	Sonraí Réiteach Digiteach Seirbhís Phoiblí

	dtaobh rannchuidiú le foilsiú torthaí, i gcás inarb iomchuí, mar shonraí oscailte nó i bhfoirm foinse oscailte			Dhigiteach Digitiú agus uathoibriú próiseas
Airteagal 26	Ceanglas maidir le rialacha cosanta sonraí a urramú, lena n-áirítear na rialacha maidir le cumarsáid leictreonach	Ceannaitheoirí poiblí Oibreoirí eacnamaíocha	Soláthar T&F	Sonraí Réiteach Digiteach Seirbhís Phoiblí Dhigiteach Digitiú agus uathoibriú próiseas
Airteagal 32(3)(a)	Forbróidh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh creat luachála le haghaidh luacháil sócmhainní doláimhsithe agus próisis agus seirbhísí digiteacha gaolmhara a bhaineann le maoin intleachtúil a nochtadh, a scagadh agus a luacháil	Oibreoirí eacnamaíocha Ballstáit Eintitis de chuid an Aontais	Luacháil maoine intleachtúla	Sonraí Réiteach Digiteach Seirbhís Phoiblí Dhigiteach Digitiú agus uathoibriú próiseas
Airteagal 32(3)(b)	Déanfaidh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ardán digiteach meaitseála a bhunú agus a choinneáil ar bun chun	Eintitis de chuid an Aontais Oibreoirí eacnamaíocha	Ceadúnú agus aistriú maoine intleachtúla a éascú	Sonraí Réiteach Digiteach Seirbhís Phoiblí Dhigiteach

	ceadúnú agus aistriú gach cineáil ceart maoine intleachtúla arna cosaint ar leibhéal an Aontais a éascú.			
Airteagal 32(3)(g) agus Airteagal 35	Bunachar sonraí fianaise a fhorbairt maidir le maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil	Ballstáit Údaráis inniúla Oibreoirí eacnamaíocha Eintitis de chuid an Aontais	Próiseáil agus anailísiú sonraí	Sonraí

4.2. Sonraí

Cineál sonraí	Tagairt do na ceanglais	Caighdeán agus/nó sonraíocht (más infheidhme)
Sonraí a bhaineann le nósanna imeachta soláthair T&F maidir le raon feidhme an tsoláthair, maidir le ceannaitheoirí poiblí agus maidir le tairgeoirí/conraitheoirí	Airteagail 4(4), 6, 16 agus 17	Caighdeáin agus sonraíochtaí a úsáidtear i dtairseach soláthair phoiblí an Aontais (foirmeacha leictreonacha , OASIS UBL, APInna TED, ointeolaíocht ríomhsholáthair)
Sonraí a bhaineann le maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil, lena n-áirítear faisnéis faoin gcaoi a ndearnadh meastóireacht ar mhaoin intleachtúil a úsáidtear mar chomhthaobhacht chun críoch creidmheasa nó árachais nó mar ranníocaíocht chomhchineáil i gcásanna infheistíochta cothromais, ar mhéid agus saintréithe an idirbhirt chomhfhreagraigh, ar an gcineál cirt maoine intleachtúla lena	Airteagal 32(3)(g) agus Airteagal 33	Caighdeáin agus sonraíochtaí atá le sainiú ag Lárionad Inniúlachta Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh um maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil, i gcomhar leis an gCoimisiún, lena gcumhdaítear an méid seo a leanas: ceanglais sonraí chomhchuibhithe maidir leis an gcineál sócmhainne maoine intleachtúla, struchtúr comhthaobhachta, méid an idirbhirt, agus torthaí iasachta; prótacail comhroinnte sonraí agus rochtana sonraí atá comhsheasmhach leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí; ceanglais idir-

mbaineann, agus ar tháscairí ábhartha amhail luacháil cothromais, soláthar urrúis chomhthaobhaigh, nó cóimheasa iasachta/luacha.		inoibritheachta lena gcumasaítear nascáil idir clárlanna maoine intleachtúla, clárlanna tráchtála, agus taifid ionstraimí poiblí; agus caighdeáin maidir le hanaithnidiú agus comhiomlánú sonraí ar leibhéal na n-idirbheart arna mbailiú trí ionstraimí airgeadais bunaithe ar mhaoin intleachtúil agus a fhaigheann tacaíocht ón Aontas.

Ailíniú leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

Mínigh an chaoi a bhfuil an ceanglas/na ceanglais ailínithe leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

- Leis an togra, cuirtear chun cinn úsáid uirlisí digiteacha le haghaidh nósanna imeachta soláthair T&F agus chun maoin intleachtúil a luacháil agus a thráchtálú, rud atá i gcomhréir le cuspóir na Straitéise Eorpaí maidir le Sonraí i dtaobh digitiú agus nuálaíocht shonraíbhunaithe a chur chun cinn.
- Cuireann an togra leis na huirlisí digiteacha atá ann cheana le haghaidh soláthar poiblí, lena n-áirítear na tairseacha náisiúnta soláthair. Tá sé sin comhsheasmhach le sprioc na Straitéise Eorpaí maidir le Sonraí i dtaobh feabhas a chur ar chomhroinnt sonraí agus ar idir-inoibritheacht.
- Cuirtear an trédhearcacht chun cinn leis an togra, agus, an tráth céanna, urramaítear rialacha cosanta sonraí agus rialacha maidir le rúndacht sonraí, cosaint ceart maoine intleachtúla agus coimirciú rún trádála. Tá sé sin i gcomhréir le cuspóir na Straitéise Eorpaí maidir le Sonraí i dtaobh trédhearcacht agus muinín in éiceachórais shonraíbhunaithe a chur chun cinn.
- Is é is aidhm don togra timpeallacht fhabhrach a chruthú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, rud atá comhsheasmhach le sprioc na Straitéise Eorpaí maidir le Sonraí i dtaobh nuálaíocht agus fiontraíocht a chur chun cinn trí theicneolaíochtaí sonraíbhunaithe.

Míniú ar an gcaoi a bhfuil sonraí nuachruthaithe inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte, agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad caighdeáin ardcháilíochta

Inrochtaineacht, so-aimsitheacht, idir-inoibritheacht agus in-athúsáidteacht sonraí agus na ceanglais maidir le cáilíocht sonraí a bhaineann le **soláthairtí T&F**, sainítear iad faoi láthair sna rialacha maidir le sonraí a fhoilsiú agus rochtain a fháil orthu ar thairseach TED

Is í Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a bhainisteoidh na sonraí arna mbailiú faoin nGníomh. Coinneoidh **Lárionad Inniúlachta Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh** stór struchtúrtha ar bun ina mbeidh caighdeáin shainithe do mheiteashonraí chun tacú le hinfhionntacht agus athúsáid. Is í an Oifig an t-eintiteas dlíthiúil a dhéanfaidh an stór a chothabháil. Rialófar rochtain le prótacail shoiléire, agus déanfar idirdhealú idir sonraí atá ar fáil go poiblí agus sonraí nach bhfuil rochtain ach ag comhlachtaí údaraithe orthu. Saothrófar idir-inoibritheacht le clárlanna maoine intleachtúla agus cáir thráchtála atá ann cheana trí fhormáidí coiteanna sonraí agus trí aitheantóirí comhroinnte. Is é an Lárionad Inniúlachta, i gcomhar leis an gCoimisiún, a shaineoidh

caighdeáin cáilíochta sonraí, lena n-áirítear rialacha bailíochtaithe agus oibleagáidí tuairiscithe le haghaidh eintitis rannpháirteacha.

Sreabha sonraí

Tuairisc ardleibhéil ar na sreabha sonraí

Cineál sonraí	Tagairtí do na ceanglais	Gníomhaí a sholáthraíonn na sonraí	Gníomhaí a fhaigheann na sonraí	Truicear don mhalartú sonraí	Minicíocht (más infheidhme)
Doiciméid agus fógraí soláthair	Airteagail 4(4), 6, 16 agus 17	Ceannaitheoirí poiblí	Tairgeoirí	Fógraí agus nasc chuig doiciméid soláthair a fhoilsiú	
Uirlisí luachála maoine intleachtúla	Airteagal 32(3)(a)	an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla	Oibreoirí eacnamaíocha Comhlachtaí poiblí	Iarraidh ar luacháil maoine intleachtúla	
Faisnéis mheaitseála maoine intleachtúla	Airteagal 32(3)(b)	an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla	Oibreoirí eacnamaíocha Comhlachtaí poiblí	Iarraidh mheaitseála	
Fianaise a bhaineann le hairgeadas IP-bhunaithe	Airteagal 32(3)(g)	Institiúidí ráthaíochta náisiúnta Idirghabhálaithe airgeadais	an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla	Iarraidh ar fhianaise a bhailiú	

4.3. Réitigh dhigiteacha

Faoin togra seo, déanfar soláthairtí T&F trí na réitigh dhigiteacha a úsáidtear ar thairseach TED.

Faoin togra seo, cuirtear de chúram ar Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh na réitigh dhigiteacha seo a leanas a fhorbairt:

- uirlisí digiteacha lena dtacaítear le nochtadh, scagadh agus luacháil tháscach

sócmhainní maoine intleachtúla, atá inrochtana d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'institiúidí airgeadais

- ardán ceadúnaithe agus aistrithe maoine intleachtúla lena n-éascaítear ceadúnú agus aistriú ceart maoine intleachtúla atá cosanta ar leibhéal an Aontais
- bunachar sonraí fianaise airgeadais bunaithe ar mhaoin intleachtúil ina mbailítear sonraí ar leibhéal na n-idirbheart maidir le hionstraimí airgeadais bunaithe ar mhaoin intleachtúil

Is í Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a fheidhmeoidh gach ceann de na trí réiteach agus comhlíonfaidh siad na ceanglais chibearshlándála is infheidhme agus rialacha digiteacha ábhartha an Aontais. I gcás ina n-úsáidfear uirlisí arna bhfeidhmiú le cúnamh intleachta saorga, go háirithe le haghaidh scagadh agus luacháil tháscach, áiritheofar comhlíonadh na rialacha is infheidhme maidir le húsáid intleachta saorga agus déanfar measúnú ar an aicmiú riosca ábhartha ag céim an deartha.

4.4. Measúnú idir-inoibritheachta

Leis na réitigh dhigiteacha a shainordaítear leis an nGníomh, tá gá le hidirghníomhaíocht thar theorainneacha na mBallstát agus tá baint ag roinnt eintiteas de chuid an Aontais agus comhlachtaí earnála poiblí leo, rud a chomhlíonann an dá choinníoll le haghaidh measúnú idir-inoibritheachta.

Faoi láthair, soláthraítear ar thairseach TED bealach idir-inoibritheach do cheannaitheoirí poiblí chun fógraí soláthair T&F arna bhfoilsiú ar thairseacha náisiúnta soláthair phoiblí a uaslódáil ar thairseach TED freisin. Amach anseo, meastar go gcuirfidh margadh digiteach an Aontais le haghaidh soláthairtí poiblí tuilleadh feabhais ar an idir-inoibritheacht idir tairseacha agus bunachair sonraí soláthair phoiblí éagsúla náisiúnta agus cinn an Aontais, rud a fhágfaidh gur fusa a bheidh sé ag oibreoirí eacnamaíocha ó Bhallstát amháin a bheith rannpháirteach i nós imeachta soláthair T&F ceannaitheora phoiblí i mBallstát eile, agus a shimpleoidh an próiseas do cheannaitheoirí poiblí ó dhá Bhallstát nó níos mó chun nósanna imeachta soláthair T&F a chur i gcrích go comhpháirteach. Leanfaidh tairseach TED de bheith ina comhéadan do cheannaitheoirí poiblí chun nósanna imeachta soláthair T&F a sheoladh agus chun gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha deiseanna gnó soláthair T&F a aimsiú. Dá bhrí sin, níl na hidirghníomhaíochtaí idir tairseacha agus bunachair sonraí soláthair phoiblí náisiúnta agus tairseacha agus bunachair sonraí soláthair phoiblí an Aontais mar chuid den mheasúnú idir-inoibritheachta sin.

Beidh rochtain ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag comhlachtaí poiblí ar fud na mBallstát uile ar uirlisí luachála agus ardán meaitseála Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, rud a éilíonn idir-inoibritheacht shéimeantach le clárlanna náisiúnta maoine intleachtúla agus le cláir thráchtála. Leis an mbunachar sonraí fianaise airgeadais bunaithe ar mhaoin intleachtúil, déanfar sonraí ó institiúidí ráthaíochta náisiúnta agus ó idirghabhálaithe airgeadais a chomhiomlánú, rud a éileoidh formáidí comhchuibhithe sonraí agus aitheantóirí comhroinnte. Déanfar measúnú ar réitigh idir-inoibritheachta ábhartha atá ar fáil ar leibhéal an Aontais lena n-athúsáid le linn chéim an deartha agus an chur chun feidhme. I measc na bpríomhbhacainní atá fágtha tá formáidí éagsúla clárlainne náisiúnta

maoine intleachtúla a bheith ann agus easpa clár lárnach gealltanas maoine intleachtúla ar leibhéal an Aontais.

Ós rud é go dtugtar isteach leis an togra seo ceanglais cheangailteacha nua le haghaidh seirbhísí poiblí digiteacha trasteorann de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], tá measúnú idir-inoibritheachta déanta, agus tá an tuarascáil a thiocfaidh as sin le foilsiú ar an Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach.

4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Tá na bearta cur chun feidhme seo a leanas beartaithe chun tacú le cur chun feidhme na réiteach digiteach faoin togra seo:

I gcás soláthar T&F:

- gnéithe atá ann cheana a úsáid chun nósanna imeachta soláthair T&F a sheoladh tríd an tairseach TED, agus gnéithe digiteacha nua a chomhtháthú chun nósanna imeachta soláthair T&F a sheoladh trí mhargadh digiteach an Aontais le haghaidh soláthairtí poiblí
- gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta lena ndírítear ar na Ballstáit, ar cheannaitheoirí poiblí agus ar oibreoirí eacnamaíocha chun tacú le húsáid leathan cheart a bhaint as seoladh soláthairtí T&F tríd an tairseach TED

I gcás ghníomhaíochtaí Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh:

- Lárionad Inniúlachta Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh um maoiniú ar bhonn taca maoine intleachtúla a bhunú agus a chur i mbun oibríochta, a bheidh freagrach as na huirlisí digiteacha, as an ardán meaitseála, agus as an mbunachar sonraí fianaise.
- clár fothaithe acmhainneachta lena ndírítear ar institiúidí airgeadais, arna fhorbairt go comhpháirteach ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún, chun tacú le glacadh an chreata luachála agus uirlisí digiteacha.
- céim phíolótach don bhunachar sonraí fianaise a mbeidh institiúidí ráthaíochta náisiúnta roghnaithe agus idirghabhálaithe airgeadais bainteach léi, rud a chumasaíonn mionchoigeartú atriallach sula gcuirfear chun úsáide go hiomlán é.

[58] Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (IO L, 2024/903, 22.03.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj).